




**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

TUARASCÁIL OLLSCOIL MHÁ NUAD UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 2017/18



ÁBHAR

RÉAMHRÁ	2
BUAICPHOINTÍ TAIGHDE	5
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD	6
GRADAIM AGUS DUaiseanna	13
BUAICPHOINTÍ DÁIMHE	24
INSTITIÚIDÍ TAIGHDE	52
AGUISÍN	58
BUÍOCHAS	59

RÉAMHRÁ

TÁ RÍMÉAD ORAINN TUARASCÁIL 2017/18 UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD A CHUR I LÁTHAIR. CUIRTEAR DEIS AR FÁIL SA TUARASCÁIL AIRD A THARRAINGT AR GHAISCÍ AGUS AR ÁBHAIR BHRÓID NA HOLLSCOILE MAIDIR LE TAIGHDE AGUS LE LÉANN AR FUD A RÉIMSE DISCIPLÍNÍ.



An tOllamh Pilib Ó Nualláin,
Uachtarán



An tOllamh Ray O'Neill,
Leas-Uachtarán don Taighde agus don Nuálaíocht

Bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad go foirmiúil mar ollscoil fhéinrialaitheach, phoiblí sa bhliain 1997 ach téann oidhreacht na hOllscoile siar go bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig sa bhliain 1795; d'fhorbair ollscoil fhuinniúil taighde as an oidhreacht láidir léinn agus bhí sí i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan ar ollscoileanna iad atá níos lú ná 50 bliain ar an bhfód, de réir Rangú Ollscoileanna an Domhain de chuid *Times Higher Education*.

Creidimid go láidir go bhfuil an tábhacht chéanna leis an dá chrann taca bhunúsacha de chuid na hOllscoile, taighde agus oideachas, agus go neartaíonn siad a chéile. Ceann de phríomhchuspóirí na hOllscoile ná oideachas fochéime agus iarchéime den chéad scoth a chur ar fáil agus tá saineolas ar na gaiscí is airde a bhaineann le heolas agus le gaois bhailithe ar fud ár réimsí saineolais mar bhonn eolais do theagasc agus do churaclaim na hOllscoile. Cuspóir bhunúsach eile ná cur le teorainneacha an eolais thábhachtaigh trí thabhairt faoi taighde agus léann, agus torthaí an taighde agus an léinn sin a roinnt leis an domhan mór. Ach a bheith ag obair ar thús cadhnaíochta an eolais sa lá atá inniu ann, Tá sé tábhachtach go luafaí mar phointe lárnach go mbeidh an fhoireann acadúil in ann na curaclaim a bheidh tábhachtach amach anseo a fhorbairt agus a theagasc má bhíonn siad ag obair ar thús cadhnaíochta an eolais sa lá atá inniu ann.

Ar ndóigh, is annamh a bhíonn taighde agus léann den scoth ag tarlú astu féin; má bhí an ollscoil ina túr eabhair riamh, is cinnte nach bhfuil sí mar sin níos mó. Tá caidrimh lánbhí leis an tsocháí shibhialta, le hearnáil na tionsclaíochta agus le fiontraíocht agus leis an pobal idirnáisiúnta an eolais lárnach i ról na hOllscoile. Is cuid thábhachtach de luach na hOllscoile an chaoi a bhféadfaí leas a bhaint as saineolas na hOllscoile chun dul i ngleic le dúshláin mhóra dhomhanda agus shoचाíocha, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe san áireamh. Cuirtear an luach seo in iúl ag leibhéil idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha.

Dá bharr seo, is é seo a leanas an chéad sprioc atá le Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-22: *“an cháil atá orainn mar ollscoil taighde a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta léi a chur chun cinn, agus ár seasamh amach anseo a chinntiú, ach infheistiúocht dhírthe a dhéanamh in acmhainn taighde i roinnt réimsí tosaíochta, tiomantas a léiriú do thaighde bunúsach agus gníomhach, agus cumhacht a thabhairt dár bhfoireann agus dár mic léinn leas a bhaint as a gcruithaitheacht i dtaca le dúshláin mhóra shoचाíocha.”*

Leagtar amach sa tuarascáil seo túsphointe phlean straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad um taighde agus nuálaíocht. Cuirtear iomhá chun cinn de thaighde agus léann ardchaighdeáin ar fud na dtrí Dhámh san Ollscoil, agus inár n-institiúidí agus ionaid idirdhisciplíneacha taighde. Cabhraíonn taighde na hOllscoile go mór le hÉirinn, agus le pobal idirnáisiúnta an eolais. Agus machnamh á dhéanamh ar an dara ceann, b'fhéidir gur leor a lua anseo gur scríobh taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad 2662 foilseachán atá i mbunachar sonraí Scopus idir 2013 agus 2017, agus bhí innéacs luanna atá ualaithe de réir réimse de 1.70 ag na foilseacháin seo, rud a léiríonn go bhfuil tionchar ag na luanna inár réimsí taighde 70% níos airde ná meán an domhain. Agus muid ag súil le cur le gníomhaíochtaí na hOllscoile sna chéad chúig bliana eile atá amach romhainn agus leis an tionchar atá ag taighde Ollscoil Mhá Nuad a áirithiú, is bunús láidir é seo dúinn chun fás a dhéanamh agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Pilib Ó Nualláin,
Uachtarán

Ray O'Neill,
Leas-Uachtarán don Taighde
agus don Nuálaíocht

CUSPÓIR

Is ollscoil phoiblí thaighde í Ollscoil Mhá Nuad atá tiomanta do dhaoine, do smaointe agus do chultúr, pobal léinn a oibríonn i gcomhar ar mhaithe le fiosrú agus fionnachtain, chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh, chun eolas a chruthú, a chaomhnú, a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an tsochaí nua-aimseartha; ach na gnéithe seo ar fad a chur le chéile, tá ról lárnach againn i nuálaíocht, fás eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus beocht chultúrtha, agus tá ról riachtanach againn i sochaí shaor, oscailte, chothrom, dhaonlathach agus inbhuanaithe.

FÍS

Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad a seasamh idirnáisiúnta mar phríomhollscoil thaighde chun cinn tuilleadh agus pobal bríomhar iarchéime, soláthar sainiúil fochéime, cur chuige cuimsitheach, eiticiúil i leith idirnáisiúnú, agus rannpháirtíocht fhairsing le comhpháirtithe seachtracha aici; aithneofar muid mar gheall ar ár dtiomantas do mhisean poiblí agus sibhialta na hOllscoile, mar gur ceannaire náisiúnta maidir le comhionannas agus éagsúlacht, áit iontach foghlama agus teagaisc agus pobal ionchuimsitheach ina bhféadfadh mic léinn agus baill foirne a bheith faoi rath muid, agus mar gheall ar an obair ar leith a dhéanaimid ar mhaithe le córas náisiúnta an ardoideachais agus le leas an phobail.

BUAICPHOINTÍ TAIGHDE

RANGÚ OLLSCOILEANNA

351-400

Rangú Ollscoileanna an Domhain
Times Higher Education 2018

SAN OCHTÓDÚ HÁIT AR DOMHAN

Rangú Ollscoileanna Óga Times Higher Education 2018

AN 200 INSTITIÚID IS FEARR AR DOMHAN

2 roinn i measc an 200 institiúid is fearr i Rangú
Ollscoileanna an Domhain QS 2018 de réir ábhair:
Béarla agus Tíreolaíocht, a bhí sa réimse 151-200

FORBAIRT TALLAINNE 2017/18

111 MAC LÉINN IARCHÉIME NUA TAIGHDE

89 Mac léinn dochtúireachta
22 Máistreacht Taighde

68 CÉIMÍ TAIGHDE

55 Dochtúireacht
13 Mháistreacht Taighde

TAIGHDEOIR, IARDHOCHTÚIREACHTA

FOILSEACHÁIN & TIONCHAR 2017

32

leabhar foilsithe

505

foilseachán
liostaithe in Scopus

52%

d'fhoilseacháin
le comhoibríthe
idirnáisiúnta

5%

d'fhoilseacháin
le comhoibríthe
tionsclaíochta

6

foilseachán a luadh
go minic agus páipéar
te amháin de chuid
Web of Science

188

Caibidil leabhair

1.71

Tionchar luanna
Scopus ualaithe
de réir réimse
2013-17

17%

d'fhoilseacháin
2017 i measc
an 10% is airde
d'fhoilseacháin
a luadh ar fud an
domhain (ualaithe
de réir réimse)

NUÁLAÍOCHT & TIONCHAR 2017

2

Mhac-chuideachta

83

Comhoibriú nua le hEarnáil na
Tionsclaíochta

10

gComhaontú Ceadúnais

2

Phaitinn comhdaithe

DEONTAIS TAIGHDE A BRONNADH 2017/18

€17,169,124

Luach Iomlán na ndeontas
taighde a bronnadh


165

Deontas Taighde



TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

TÁ TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AR BUN IN 28 ROINN
AGUS SCOIL ACADÚIL IN OLLSCOIL MHÁ NUAD AR
FUD NA DTRÍ DHÁMH: DÁMH NA NEALAÍON, AN
LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA, DÁMH
NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA;
AGUS DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA.



Is bunchloch de straitéis institiúideach Mhá Nuad é béim a chur ar chuir chuige idirdhisciplíneacha maidir le dúshlán dhomhanda agus shoचाiocha. Agus an cuspóir foriomlán straitéiseach seo chun tairseach chriticiúil a fhorbairt ach comhoibriú idir institiúidí agus ranna a chur chun cinn mar spreagadh ag an Ollscoil, tá ceithre institiúid trasollscoile taighde i measc phríomhmhodhanna straitéiseacha na hOllscoile maidir le taighde idirdhisciplíneach agus tairseach chriticiúil chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda. Seo a leanas na hinstitiúidí:

- > Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad (a chuimsíonn an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil agus an tIonad Náisiúnta Georíomhaireachta)
- > Institiúid Hamilton Ollscoil Mhá Nuad (matamaitic agus staitistic idirdhisciplíneach fheidhmeach, ríomh, cumarsáid, anailísíocht sonraí, agus intleacht shaorga)
- > Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí Ollscoil Mhá Nuad
- > An Institiúid um Shláinte an Duine, Ollscoil Mhá Nuad

Tá láidreacht agus réimse tosaíochta aitheanta taighde ag croílár na n-institiúidí seo ar fad, chomh maith le béim láidir ar chomhoibriú seachtrach. Foireann acadúil atá sna hinstitiúidí seo den chuid is mó agus tá na daoine seo ina gcomhaltaí de ranna acadúla chomh maith. Ar an mbealach seo, táimid ag iarraidh béim a chur ar fheabhas cothrom agus é a fhorbairt sa dá chuspóir bhunúsacha de chuid na hOllscoile; taighde agus teagasc.

Ina theannta sin, tá roinnt ionaid taighde, laistigh de ranna agus ranna nascacha, a chuireann béim ar leith ar thaighde. Áirítear leis seo Aonad Icarus um Thaighde ar an Aeráid, an Institiúid um Luach Nuálaíochta, agus an tIonad um Thaighde ar Fhuinneamh an Aigéin. In 2017, bhunaigh an tOllamh Mac MacLachlan ón Roinn Síceolaíochta an Institiúid um Chúnamh Maireachtála agus Foghlama (ALL).

In 2017, d'fhoilsigh taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad 526 alt measúnaithe in irisí, 32 leabhar, 182 caibidil leabhair, agus 28 tuarascáil bheartais. Ina theannta sin, rinne saineolaithe Mhá Nuad eagarthóireacht ar 24 leabhar agus eagrán bailithe.

Taifeadtar thart ar dhá thrian d'aschur taighde na hOllscoile i mbunachar sonraí Scopus. Ní hionann sin agus an scéal iomlán ós rud é nach bhfuil an taifead ar mhonagraif agus ar chaibidil leabhair go hiomlán críochnaithe in Scopus, agus tá tábhacht ar leith leis na cineálacha foilseacháin seo sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Cé nach bhfuil sé seo críochnaithe, is minic a úsáidtear taifead Scopus chun Ollscoileanna a thagarmharcáil, agus tabharfaimid aird air anseo dá bharr sin.

Idir 2013 agus 2017, bhí líon na bhfoilseachán a taifeadadh in Scopus sách seasmhach agus idir 500 agus 550 foilseachán in aon bhliain faoi leith. Ní thugann aon bhliain amháin ach léargas dúinn le luaineachtaí dosheachanta, áfach, agus mar sin, tá ciall le súil a chaitheamh ar dhul chun cinn na hollscoile thar amscála níos faide. San iomlán, scríobh

taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad 2662 foilseachán atá i mbunachar sonraí Scopus idir 2013 agus 2017. Bhí tionchar luanna a bhí ualaithe de réir réimse¹ (FWCI) de 1.71 ag na foilseacháin sin, an ceathrú hollscoil is airde in Éirinn thar an tréimhse sin (ba é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath an ollscoil ab airde ag 1.74). Is tomhas ríthábhachtach é tionchar na luanna atá ualaithe de réir réimse ó thaobh chaighdeán aschur na bhfoilseachán san ollscoil ar an iomlán.


Rud eile a thomhaiseann caighdeán fhoilseacháin Mhá Nuad idir 2013 agus 2017 ná go raibh 13.7% díobh i measc an 10% is airde d'fhoilseacháin a luadh ar fud an domhain, agus bhí 31% i measc an 10% is airde d'irisleabhair (citescore). In 2017, bhí 17% d'fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad i measc an 10% is airde d'fhoilseacháin a luadh ar fud an domhain, agus bhí 2% i measc an 1% is airde d'fhoilseacháin a luadh (ualaithe de réir réimse).

Léiríonn piarmheasúnú seachtrach do ghradaim mhaoinithe mór le rá caighdeán ard idirnáisiúnta príomhthaighdeoirí na hOllscoile. Is fiú a lua na cúig thionscadal de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde a d'óstáil Ollscoil Mhá Nuad le cúig bliana anuas. Áirítear leo dhá ghradam don Tíreolaíocht (an tOllamh Kath Browne agus an tOllamh Rob Kitchin, Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad), gradam amháin don tSocheolaíocht (an tOllamh Seán Ó Riain, Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad, gradam amháin don Ghaeilge Mheánaoiseach (an tOllamh David Stifter, Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Mhá Nuad) agus gradam amháin don Ríomheolaíocht (an tOllamh Damien Woods, Institiúid Hamilton). Is é €17.2 milliún luach iomlán na ndéontas nua taighde a bronnadh ar an Ollscoil in 2017/18. Áirítear leis seo €2.8 milliún ó fhoinsí an Aontais Eorpaigh.

Is dianiarracht dhomhanda é taighde ag na leibhéil is airde agus chun dul i ngleic le ceisteanna domhanda agus sochaíocha, caithfidh ollscoileanna a bheith comhoibriúch agus díriú ar dhúshlán thábhachtacha. Scríobhtar 51% d'fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, a léiríonn gur fóirarracht idirnáisiúnta í seo. Mar sin féin, tá an figiúr seo díreach faoi bhun an mheáin d'aschur foilseachán na hÉireann (54%). Tá comhoibriú suntasach ar siúl le hollscoileanna eile in Éirinn, agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i measc na ndéich n-institiúid chomhpháirtíochta is mó. Scríobhtar 13% d'fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad i gcomhar le hOllscoileanna eile Éireannacha; scríobhann foirne in Ollscoil Mhá Nuad 16% díobh; agus níl ach údar amháin ag 20% de na foilseacháin. Comhghaolaíonn comhoibriú idirnáisiúnta le rátaí níos airde luanna.

¹ Is innéacs luanna an FWCI a chuireann rátaí difriúla luanna idir disciplíní san áireamh ach foilseacháin Ollscoil Mhá Nuad a chur i gcomparáid le haschur an domhain sna réimsí céanna agus thar an tréimhse chéanna. www.scival.com/overview/citations?uri=Institution/319004 May 2019.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD



Fíor 1 Foilseacháin chomhoibríocha dhomhanda Ollscoil Mhá Nuad 2013–17. Léiríonn dorcadhas an ghlais dlús na gcomhoibríthe in aon tír amháin.

Tá sprioc straitéiseach ag an Ollscoil comhoibriú a mhéadú le hearnáil na tionsclaíochta, agus tá comhúdar ó earnáil na tionsclaíochta ag 5.3% dár bhfoilseacháin faoi láthair. Tagann sé seo leis an meán náisiúnta.

Léiríonn fíor 2 thíos próifíl fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad atá rangaithe de réir chatagóirí an irisleabhair ina bhfaightear na foilseacháin.² Cuireann sé seo forléargas úsáideach ar fáil ar phróifíl fhoilseacháin na hOllscoile maidir le méid agus chomh tábhachtach agus atá siad laistigh dá bpobal idirnáisiúnta. Cuirtear an dara ceann in iúl le FWCI na gcatagóirí éagsúla, agus tá siad ar fad gar do nó os cionn mheán an domhain de 1.00. Laistigh d’aschur catalógaithe na bhfoilseachán seo, seasann roinnt foréimsí amach a léiríonn caighdeán an-ard. Áirítear leo optaic theiriheirts spáis; tíreolaíocht agus pleanáil; socheolaíocht agus eolaíocht pholaitiúil; eolaíochtaí bitheacha agus bithleighis; gnó, bainistíocht agus nuálaíocht.

Tá cnuasaigh shuntasacha nideoige d’ábhair thaighde le feiceáil i réimsí éagsúla saineolais lena n-áirítear réaltfhisic; innealtóireacht san fhuinneamh tonnta; samháltú aeráide; diostróife mhatánach; córais chognaíocha raidió; moráltacht agus iompar; agus amharc ríomhaireachta. Ailíníonn an chuid is mó de na réimsí seo go maith leis na hinstiúidí agus na hionaid bhunaithe taighde san Ollscoil.

² Tabhair faoi deara nach mapálann na gnéithe seo do ranna agus d’institiúidí acadúla san Ollscoil; mar shampla, áirítear le *Feidhmchláir Ríomheolaíochta* cúnaimh a fhaightear ó ranna éagsúla, ní ón Roinn Ríomheolaíochta amháin. D’fhéadfadh foilseachán áirithe a bheith bainteach le níos mó ná catagóir amháin chomh maith.

Tá roinnt páipéar ó 2017 a scríobh údair de chuid na hOllscoile le fáil in *Essential Science Indicators* de chuid *Web of Science* do pháipéir “the” agus do pháipéir a luadh go minic.

Bhí stiúrthóir Aonad Icarus um Thaighde ar an Aeráid, an tOllamh Peter Thorne ó Roinn na Tíreolaíochta, ina chomhúdar ar “*Extended Reconstructed Sea Surface Temperature, Version 5 (ERSSTv5): Upgrades, Validations, and Intercomparisons*” le Boyin Huang et al, a foilsíodh in *The Journal of Climate* (Deireadh Fómhair 2017). Luadh an páipéar seo 118 uair suas go dtí mí Iúil 2019, agus i mí Eanáir 2019, bhí sé i measc an 0.1% is airde de pháipéir a luadh le dhá bhliain anuas i réimse na ngeo-eolaíochtaí (páipéar te).

Bhí páipéar eile a raibh Peter Thorne ina chomhúdar air i measc an 1% is airde de na páipéir is coitianta a luadh i réimse na ngeo-eolaíochtaí i mí Eanáir 2019. Luadh “*Estimating Changes in Global temperature since the Pre-Industrial Period*,” le E. Hawkins et al, *Bulletin of the American Meteorological Society*, (Meán Fómhair 2017) 47 uair suas go dtí mí Iúil 2019.

Bhí an Dr Conor Murphy ó Roinn na Tíreolaíochta agus ó Aonad Icarus um Thaighde ar an Aeráid ina chomhúdar ar pháipéar eile a bhaineann le hathrú aeráide a bhí i measc an 1% is airde i réimse na ngeo-eolaíochtaí freisin. Foilsíodh an páipéar “*Changing climate shifts timing of European floods*” in *Science*, le G. Bloeschl et al, i mí Lúnasa 2017. Luadh é 77 uair suas go dtí mí Iúil 2019.

Bhí an tOllamh Anne Huff ón Scoil Ghnó ina comhúdar ar “*Shades of Grey: Guidelines for Working with the Grey Literature in Systematic Reviews for Management and Organizational Studies*” a foilsíodh in *International Journal of Management Reviews* i mí Dheireadh Fómhair

2017. Luadh an páipéar seo 49 uair suas go dtí mí Iúil 2019, agus i mí Eanáir 2019, bhí sé i measc an 1% is airde de pháipéir ar tagraíodh dóibh le dhá bhliain anuas i réimse na heacnamaíochta agus an ghnó.


D’fhoilsigh an tOllamh Rob Kitchin ó Roinn na Tíreolaíochta agus Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad “*Thinking critically about and researching algorithms*” in *Information Communication and Society* i mí Eanáir 2017. Luadh an páipéar seo 48 uair suas go dtí mí Iúil 2019, agus i mí Eanáir 2019, bhí sé i measc an 1% is airde de pháipéir a luadh le dhá bhliain anuas i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta.

Tháinig dhá cheann de na páipéir is coitianta ar tagraíodh dóibh de chuid *Web of Science* ó Roinn na Bitheolaíochta. Bhí an Dr Ozgur Bayram ina chomhúdar ar “*Comparative genomics reveals high biological diversity and specific adaptations in the industrially and medically important fungal genus Aspergillus*” a foilsíodh in *Genome Biology* i mí Feabhra 2017. Luadh an páipéar seo 80 uair suas go dtí mí Iúil 2019, agus i mí Eanáir 2019, bhí sé i measc an 1% is airde de pháipéir ar tagraíodh dóibh le dhá bhliain anuas i réimse na bitheolaíochta móilíní agus na géineolaíochta.

Bhí stiúrthóir na hInstitiúide Taighde um Shláinte an Duine, an tOllamh Paul Moynagh ó Roinn na Bitheolaíochta, ina chomhúdar ar “*Regulatory T cells promote myelin regeneration in the central nervous system*” le Y. Dombrowski et al, a foilsíodh in *Nature Neuroscience* i mí na Bealtaine 2017. Luadh an páipéar seo 50 uair suas go dtí mí Iúil 2019, agus i mí Eanáir 2019, bhí sé i measc an 1% is airde de pháipéir a luadh le dhá bhliain anuas i réimse na néareolaíochta agus na hiompraíochta.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

FOILSEACHÁIN SCOPUS MU 2013–17



Fíor 2 Foilseacháin Scopus MU 2013–17

Cé go mbíonn na baill foirne ar fad ag súil go bhfoilseofar a gcuid oibre in irisleabhair mhóra idirnáisiúnta nó trí fhoilseitheoirí idirnáisiúnta, tá scaipeadh na n-aschur taighde agus aistriú an eolais chuig an domhan mór trí rochtain oscailte agus rannpháirtíocht i gcomhdhálacha idirnáisiúnta lárnach i gcultúr taighde na hOllscoile. Tá tiomantas láidir do chineálacha eile aistriú eolais chuig pobail lasmuigh den Ollscoil, agus is gné den Ollscoil é taighde pobalghníomhach; is rannpháirtí gníomhach é Ollscoil Mhá Nuad i Líonra Náisiúnta *Campus Engage*. Déanann mórán comhaltaí foirne ó na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta obair ar son na n-ealaíon, an chultúir, na forbartha sóisialta agus eacnamaíche, agus ar son beartas comhshaoil ar bhealaí éagsúla. I measc samplaí sonracha de sin tá rannpháirtíocht ar chuireadh i gcomhlachtaí poiblí comhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; straitéisí a ullmhú chun tacú le húdarais, pobail agus fiontar áitiúla; ceardlanna a chur ar fáil atá dírithe ar chleachtóirí i mórán réimsí; agus imeachtaí cultúrtha a eagrú ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta. Léiríonn na gníomhaíochtaí seo tiomantas láidir na


hOllscoile don tseirbhís poiblí agus do chomhpháirteachas poiblí, agus tugtar eolas faoi chuid acu sna míreanna faoi gach Dámh thíos.

Mar chuid de straitéis institiúideach Mhá Nuad, tá sé tábhachtach cur le feabhas thaighde Ollscoil Mhá Nuad trí chomhoibriú ardchaighdeán. Óstálann Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad Comhghuaillíocht Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann agus tá an Ollscoil ina rannpháirtí tábhachtach i roinnt Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI).

Le linn 2017/18, bhí ról thábhachtacha ag baill foirne ó Ollscoil Mhá Nuad i seacht gcinn d'Ionaid Taighde SFI. Clúdaíonn rannpháirtíocht ár nIonad Taighde SFI Comh-Phríomhthaighdeoirí, Taighdeoirí Maoinithe, Taighdeoirí Acadúla, Comhaltaí Taighde, Taighdeoirí Iardhochtúireachta, chomh maith le mic léinn PhD agus Mháistreachta. San iomlán, tá 26 comhalta foirne ann agus maoinítear 13 mhac léinn PhD agus 2 mhac léinn Máistreachta. Tá an tOllamh Ronan Farrell, an tOllamh Brian Donnellan agus an tOllamh John Ringwood fós ina gComh-Phríomhthaighdeoirí in ionaid Connect, Lero agus MaREI faoi seach. Ina theannta sin, bhí ról thábhachtacha agus leanúnacha ag Taighdeoirí Maoinithe Ollscoil Mhá Nuad an Dr David Malone (Institiúid Hamilton agus Roinn na Matamaitice), an Dr Oliver Mason (Institiúid Hamilton agus Roinn na Matamaitice), an Dr Tim McCarthy (an Lárionad Náisiúnta um Gheoiriomhaireacht agus an

Roinn Ríomheolaíochta), agus an tOllamh Brian Donnellan (IVI agus an Scoil Ghnó) sna tionscail mhaoinithe taighde Connect, Lero, Insight, iCRAG, I-FORM agus Confirm. Is fiú a lua go háirithe go bhfuil an Dr Jennifer McManus (Roinn na Ceimice), an tOllamh Kevin Kavanagh (Roinn na Bitheolaíochta agus an Institiúid um Shláinte an Duine) agus an Dr Rob Elmes ag obair san Ionad Taighde um Chógaisíocht (SSPC) anois mar thaighdeoirí maoinithe. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar iarratais dara céim in 2019 agus má mhaoinítear iad, cuirfear lenár saineolas taighde in Ionad Taighde Adapt tríd an Dr Aphra Kerr (Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad agus Roinn na Socheolaíochta) agus tiocfaidh méadú ar líon ár dtaighdeoirí in Connect, Insight, Lero, Confirm agus iCRAG.

IONAID TAIGHDE FHONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN IN OLLSCOIL MHÁ NUAD



Fíor 3 Gníomhaíochtaí in Ionad Taighde SFI in Ollscoil Mhá Nuad

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

AISTRÍÚ TEICNEOLAÍOCHTA, COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ FIONTRAÍOCHTA AGUS TRÁCHTÁLAÍOCHT

Is príomhghníomhaíocht san Ollscoil é taighde comhoibríocht le fiontraíocht agus le gníomhaíocht tráchtálaíochta. Tá cómhaoiniú á dhéanamh ag an Ollscoil agus ag Fiontraíocht Éireann ar MaynoothWorks mar chuid den tionscnamh náisiúnta comhordaithe, *Knowledge Transfer Ireland*. Faoin tionscnamh sin, tacaíonn an oifig le taighdeoirí Mhá Nuad ó thaobh aistriú eolais de, agus tá sí i gceannas ar chuibhreannas a chuireann tacaíocht ar fáil d'Institiúidí Teicneolaíochta Phort Láirge, Bhaile Átha Luain agus Cheatharlach. Tá MaynoothWorks dírithe ar chultúr tráchtálaíochta agus nuálaíochta a fhorbairt san Ollscoil agus leas á bhaint acu as IP na hOllscoile agus taighdeoirí á nascadh acu le hearnáil na tionsclaíochta.

Cuireann gortann ghnó MaynoothWorks spás úrscothach oifige ar fáil, chomh maith le comhairle agus tacaíocht thábhachtach do mhac-chuideachtaí agus do chuideachtaí altrama teicneolaíochta nuathionscanta, agus tá áitíocht 90% aige faoi láthair. Chruthaigh cliantchuideachtaí, agus thacaigh MaynoothWorks le, breis is ochtó post ó osclaíodh é.

In 2018, chuir MaynoothWorks tús le comhaontuithe comhpháirtíochta le Comhairle Contae Chill Dara agus le hOllscoil South Florida maidir le rochtain ar a shaineolas. Cuirfidh Ollscoil South Florida saineolas cómhalmartach ar fáil ar dhá thaobh an Atlantaigh do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe atá ag iarraidh nasc a chruthú leis an AE agus do chuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh rochtain a fháil ar mhargadh na Stát Aontaithe.

Go ginearálta, tomhaistear éifeachtúlacht na dtacaíochtaí ón gcomhpháirtíocht fiontraíochta agus ón oifig tráchtálaíochta gach bliain le méadracht atá mar chuid de chreat feidhmíochta na hOllscoile. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar mheáin bhliantúla don tréimhse 2010-2017: 2 mhac-chuideachta sa bhliain agus tá 12 mhac-chuideachta as 17 gcinn a bunaíodh ó 2010 i leith fós gníomhach in 2018; 10 gcomhaontú ceadúnais sa bhliain; 2 phaitinn comhdaithe agus 12 nochtadh aireagáin sa bhliain. Ina theannta sin, cuireadh tús le 468 comhoibrí tionscail agus ar an meán, cuireadh tús le 92 comhoibrí nua le ceithre bliana anuas idir 2014 agus 2017. Léiríonn sé seo go bhfuil an ollscoil ar cheann de na hollscoileanna is fearr sa tír ó thaobh na tráchtálaíochta de, go háirithe nuair a chuirtear ioncam seachtrach taighde na hOllscoile san áireamh (réamhtheachtaí ríthábhachtach maidir le nuálaíocht).



GRADAIM AGUS DUAISEANNA

TUGADH AITHEANTAS DO ROINNT TAIGHDEOIRÍ IN OLLSCOIL
MHÁ NUAD LE GRADAIM SHEACHTRACHA IN 2017/18, AGUS TÁ
BRÓD ORAINN NA GRADAIM SEO A AITHINT, AR GRADAIM IAD
A LÉIRÍONN FEABHAS NA HOLLSCOILE AR FUD NA NDÁMH.



GRADAIM AGUS DUaiseanna

DUais CHOSMEOLAíochta GRUBER 2018

AN TOLLAMH ANTHONY MURPHY



An tOllamh Anthony Murphy,
Roinn na Fisice Turgnamhaí

An tOllamh Anthony Murphy as Ollscoil Mhá Nuad i measc fhaighteoirí Dhuais Chosmeolaíochta Gruber 2018 as obair ar Shatailít Planck

Bhí an tOllamh Anthony Murphy ó Roinn na Fisice Turgnamhaí ina chomhalta d'Fhoireann Satailíte Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Bhí 350 taighdeoir ar an bhfoireann agus bronnadh Duais Chosmeolaíochta Gruber 2018 uirthi ag Comhthionól Ginearálta XXX an Aontais Réalteolaíoch Idirnáisiúnta i Vín i mí Lúnasa 2018.

Bhí an tOllamh Murphy ina chomhthaighdeoir ar fhorbairt na huirlise ardmhinicíochta (HFI) ar bord na satailíte. Bhí an Dr Vladimir Yurchenko ina chomhalta cuartaíochta taighde in Ollscoil Mhá Nuad agus é ag obair ar fhorbairt an Planck Surveyor feadh roinnt blianta agus ainmníodh é ar Fhoireann Planck chomh maith. D'oibrigh an Dr Creidhe O'Sullivan agus roinnt mac léinn iarchéime agus taighdeoirí dochtúireachta ar Planck in Ollscoil Mhá Nuad freisin.

Bronntar Duais Chosmeolaíochta Gruber gach bliain ar chosmeolaí, réalteolaí, réaltfhisiceoir nó fealsamh eolaíochta as fionnachtana teoiriciúla, anailíseacha, coincheapúla nó breathnaitheacha a bhaint amach óna ndéantar dul chun cinn bunúsach ar ár dtuiscint ar an gcruinne. Ba é sin an dara gradam mór a fuair foireann Planck in 2018 mar gur thug an Cumann Ríoga Réalteolaíochta aitheantas di i mí Eanáir.

BONN ÓIR ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

AN TOLLAMH MAC MCLACHLAN



An tAire Mary Mitchell O'Connor, Uachtarán RIA Michael Peter Kennedy, agus an tOllamh Mac MacLachlan

Bhronn an tAire Stáit um Ardoideachas Mary Mitchell O'Connor TD Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann ar Malcolm 'Mac' MacLachlan, an tOllamh le Síceolaíocht agus le hlonchuimsiú Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad. Tugann an gradam aitheantas don obair iontach a rinne sé ar son na nEolaíochtaí Sóisialta, agus go háirithe, an taighde a rinne sé ar an gcaoi a bhféadfaí cúinsí síceolaíochta, sóisialta agus teicneolaíochta a úsáid le sochaí níos inrochtana a chruthú do gach duine, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Is Ollamh le Síceolaíocht agus le hlonchuimsiú Sóisialta agus Stiúrthóir ar Institiúid ALL (Cúnamh Maireachtála agus Foghlama) é Mac MacLachlan. Tá sé ina Cheannasaí Taighde agus Nuálaíochta ar Chlár WHO um Chomhoibriú Domhanda na Teicneolaíochta Oiriúnaithí, agus ina Cheannasaí Bainistíochta Eolais ar Chomhpháirtíocht na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

D'oibrigh sé mar scoláire, cliniceoir, sainchomhairleoir eagraíochtúil agus comhairleoir beartas san Eoraip, an Áise, an Afraic agus Meiriceá Theas; le rialtas náisiúnta agus le gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, chomh maith leis an earnáil phríobháideach.

Bhuaigh an tOllamh Mac MacLachlan Gradam Chumann Síceolaithe na Breataine um Chur Chun Cinn Cothromaíochta Deiseanna in 2018. Bronntar an gradam seo ar shíceolaithe a dhéanann obair eisceachtúil agus leanúnach chun dul i ngleic le neamhionannas sóisialta maidir le hinscne, cine, bunús eitneach, náisiúntacht, reiligiún, gnéaschlaonadh, míchumas nó aois.

CHEVALIER DES PALMES ACADÉMIQUES NA FRAINCE

AN TOLLAMH JOHN RINGWOOD



An tAmbasadóir Stéphane Crouzat agus an tOllamh John Ringwood, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí

DUAIS DR DAVID BROWN DE CHUID NA HINSTIÚIDE UM CHEIMICEOIRÍ NEAMHORGÁNACHA IN ÉIRINN

AN DR MALACHY MCCANN



An Dr Malachy McCann, Roinn na Ceimice

D'aithin píaráí John Ringwood, Ollamh i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, é mar chrann taca tábhachtach maidir le comhoibriú eolaíoch agus acadúil idir Éirinn agus an Fhrainc agus bronnadh Chevalier des Palmes Académiques na Fraince air, ceann de na gradaim is mó a bhronntar ar scoláirí agus ar thaighdeoirí sa tír.

Dírítear ar fhorbairt agus ar fheidhmiú teicnící samhaltaithe agus córas rialaithe i dtaighde Ringwood, agus béim ar leith ar fhuinneamh tonnta. Tá sé ina cheannasaí ar an Ionad um Thaighde ar Fhuinneamh an Aigéin in Ollscoil Mhá Nuad agus tá sé ina chomh-phríomhthaighdeoir ar an Ionad MaREI um Fhuinneamh Muirí agus In-athnuaithe de chuid SFI. Is éard atá i gceist le taighde an Ollaimh Ringwood ná an cruth is fearr a shocrú do ghléas maidir le fuinneamh tonnta agus dinimic na dtionnta i d'aghaidh a thuar le ligean don ghléas cumhachtdhúiseacht fuinnimh ó na tonnta a uasmhéadú.

Leathnaigh a thiomantas agus a dhúthracht d'oiliúint taighdeoirí go dtí an Fhrainc mar gur bhain go leor mac léinn PhD agus iardhochtúireachta agus intéirnigh sa Fhrainc leas as a shaineolas agus as a mheantóireacht.

Bronnadh Duais David Brown ón Institiúid um Cheimiceoirí Neamhorgánacha in Éirinn ar an Dr Malachy McCann ó Roinn na Ceimice in 2017. Thosaigh an Dr McCann ag obair i Roinn na Ceimice in Ollscoil Mhá Nuad in 1983 mar léachtóir agus ansin mar léachtóir sinsearach le Ceimic Neamhorgánach (1990). Bhain sé BSc sa Cheimic amach in Ollscoil Uladh in 1977 agus bhain sé Ph.D amach in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste faoi stiúir an Ollaimh S.M Nelson in 1980 ar Shintéis agus ar Cheimic Chomhordaithe na Lioganna Macraichíoglaigh Dhénúicléatacha.

Dhírigh taighde ghrúpa an Dr McCann ar shintéis agus ar thréithriú struchtúrach coimpléasc nua miotail agus an úsáid a bhaintear astu mar chatalaigh do thrasfhoirmiú roghnaithe orgánacha. Sna blianta ina dhiaidh sin, chuir sé béim ar úsáid na gcoimpléasc miotail mar iarrthóirí drugaí chun fás siadaí mamacha agus ailse agus miocroorgánaigh phataigineacha a chosc. Is iomaí cineál oibre atá déanta ag an Dr McCann ar son na roinne le breis is tríocha bliain.

GRADAIM AGUS DUaiseanna

DUais MIRIAM HEDERMAN O'BRIEN DE CHUID NA FONDÚIREACHTA UM STaidÉAR FIOSCACH AS OBair DEN SCOTH AR BHEARTAS FIOSCACH

AN DR AEDÍN DORIS



An Dr Aedín Doris, Roinn na hEacnamaíochta, an Airgeadais agus na Cuntasaíochta leis an Dr Bruce Chapman

Bronnadh Duais Miriam Hederman O'Brien 2017 ar an Dr Aedín Doris ón Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta. Bronnann an Fhondúireacht um Staidéar Fioscach an duais seo agus tugann sé aitheantas do dhaoine a chabhraíonn go mór le cúrsaí a bhaineann le beartas fioscach, eacnamaíoch agus sóisialta.

Is eacnamaí saothair í an Dr Doris agus díronn sí ina cuid taighde ar cheisteanna a bhaineann le soláthar saothair, measúnú ar bheartas mhargadh an tsaothair agus eacnamaíocht an oideachais. Fuair sí an duais i dteannta a comhúdaire an Dr Bruce Chapman (Ollscoil Náisiúnta na hAstráile) as a gcuid taighde ar Leasú ar Mhaoiniú Ardoideachais a Shamhaltú in Éirinn.

Tugann an duais seo tuilleadh aitheantais don ról tábhachtach atá ag eacnamaíthe in Ollscoil Mhá Nuad i dtaca le beartas sóisialta agus eacnamaíoch in Éirinn a mhúnlú.

DUais BRENDAN WALSH DE CHUID NA COMHAIRLE UM STaidÉAR EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA DO THAIGHDE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

AN TOLLAMH DONAL O'NEILL



An tOllamh Donal O'Neill, Roinn na hEacnamaíochta, an Airgeadais agus na Cuntasaíochta agus Niamh Holton ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Bronnadh Duais Brendan Walsh do Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta ar Eacnamaí Saothair Ollscoil Mhá Nuad, an tOllamh Donal O'Neill ón Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta, agus ar an gcomhúdaire Niamh Holton (an Phríomh-Oifig Staidrimh) in 2018; an chéad bhliain inar bronnadh an duais.

Cuireadh an duais ar bun i gcuimhne ar an Ollamh Brendan Walsh agus ar a ghairm fhada agus oiric le heacnamaíocht na hÉireann agus bronnann an Chomhairle um Staidéar Eacnamaíoch agus Sóisialta í ar an bpáipéar is fearr a fhoilsítear in *The Economic and Social Review*.

Bronnadh an duais ar an Ollamh Donal O'Neill agus ar Niamh Holton as a bpáipéar "*The Changing Nature of Irish Wage Inequality from Boom to Bust*" ina ndéantar anailís ar inathraitheacht an neamhionannais phá in Éirinn, ón mborradh eacnamaíochta, tríd an gcúlú eacnamaíochta, go dtí tús an téarnaimh. De réir an pháipéir seo, cé gur tháinig méadú ar an neamhionannas pá i dtreo dheireadh an bhorrtha mar gheall ar an bhfilleadh ar scileanna a bheith ag fás, tháinig laghdú suntasach ar dháileadh an phá leis an ngéarchéim eacnamaíochta idir 2008 agus 2013. Cé gur tháinig ardú ar phá gach oibrí mar gheall ar thréithe an lucht saothair a bhí ag feabhsú sa tréimhse seo, tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag filleadh ar na scileanna seo freisin. Ba iad oibríthe sa deicil is ísle an t-aon dream nár meath ar chúiteamh isteach orthu agus tháinig laghdú ar an neamhionannas pá le linn an chúlú eacnamaíochta dá bharr. Léiríonn an anailís an ról tábhachtach atá ag an Íosphá Náisiúnta sa phróiseas seo.

Rinneadh go leor den obair don pháipéar seo nuair a bhí Niamh ag tabhairt faoi MA san Eacnamaíocht in Ollscoil Mhá Nuad agus léiríonn sé caighdeán na gclár iarchéime eacnamaíochta a chuirtear ar fáil in Ollscoil Mhá Nuad.

DUAIS LEABHAIR KEVIN BOYLE DE CHUID CHUMANN MÚINTEOIRÍ DLÍ NA HÉIREANN AS LÉANN DLÍ DEN SCOTH

AN DR JOHN REYNOLDS



An Dr John Reynolds, Roinn an Dlí

Bhronn Cumann Múinteoirí Dlí na hÉireann (IALT) Duais Leabhair Kevin Boyle as Léann Dlí Den Scoth ar an Dr John Reynolds ón Roinn Dlí in 2017. D'fhoilsigh Cambridge University Press leabhar an Dr Reynolds dar teideal *Empire, Emergency and International Law*.

Bhronn an breitheamh Ard-Chúirte Úna Ní Raifeartaigh an duais ar John ag tús chomhdháil bhliantúil IALT. Seo a leanas an méid a dúirt Comhairle IALT faoin leabhar: “Tá an leabhar seo an-ábhartha do shaol an lae inniu agus díreann ar ghinealaigh choilíneacha a mhúnlaigh an dlí reatha éigeandála agus áitítear go gcaithfear tuiscint a fháil ar dhlí éigeandála mar chuid de chnuasach leanúnach stairiúil na polaitíochta ciníche éigeandála. Cheap an Chomhairle gur leabhar eisceachtúil é seo a dhéanann imscrúdú ar an dlí féin agus ar a chaidreamh le cumhacht. Tá sé tarraingteach agus domhain ag an am céanna. Agus ceisteanna dáiríre agus casta á gcur i láthair ar bhealach so-thuigthe aige, tá cumas agus ceannasaíocht le feiceáil i ndoimhneacht a chuid anailíse. Níl dabht ar bith ach go mbeidh an leabhar seo an-tábhachtach amach anseo.”

GRADAM SCOTHSHEIRBHÍSE AG SEARMANAS CLABHSÚIR AN 18Ú COMHDHÁIL DHOMHANDA D'AONTAS IDIRNÁISIÚNTA NA NEOLAÍOCHTAÍ ANTRAIPEOLAÍOCHA AGUS EITNEOLAÍOCHTÚLA

AN DR CHANDANA MATHUR



An Dr Chandana Mathur, Roinn na hAntraipeolaíochta

Bronnadh Gradam Scothsheirbhíse ar antraipeolaí Ollscoil Mhá Nuad, an Dr Chandana Mathur, ag searmanas clabhsúir an 18ú Comhdháil Dhomhanda d'Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Antraipeolaíochta agus Eitneolaíochtúla (IUAES) in Florianopolis, an Bhrasaíl.

Bronnadh an duais mar aitheantas ar an obair a rinne sí ar son aontú IUAES agus Chomhairle Dhomhanda na gCumann Antraipeolaíoch (WCAA) i mí na Samhna 2017 mar dhá chomhlachas in eagraíocht dhomhanda aonair: an tAontas Antraipeolaíochta Domhanda (WAU).

Agus í ag tagairt don Ghradam Scothsheirbhíse, dúirt an Dr Mathur: “Bhí sé de phribhléid agam a bheith i mo Chathaoirleach ar WCAA le linn phróiseas aontú IUAES agus WCAA, agus táim an-bhuíoch as an aitheantas seo don obair a rinne mé chun an toradh stairiúil seo a éascú ar mhaithe lenár ndisciplín.”

GRADAIM AGUS DUASEANNA GRADAIM GHAISCE THAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

TAIGHDEOIR NA BLIANA OLLSCOIL MHÁ NUAD 2018

AN TOLLAMH ROB KITCHIN, ROINN NA TÍREOLAÍOCHTA AGUS INSTITIÚID EOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA OMN



An tOllamh Rob Kitchin, Roinn na Tíreolaíochta agus Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta OMN

Tugadh aitheantas do bhuaiteoir 2018 Ghradam Gaisce Taighde Ollscoil Mhá Nuad, an tOllamh Rob Kitchin ó Roinn na Tíreolaíochta agus Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta, as na héachtaí iomadúla atá bainte amach aige ó 2013 i leith, agus as a ról mar cheannasaí acadúil a bhfuil an-mheas air go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá an-dul chun cinn déanta ag an Ollamh Kitchin ó bhog sé go dtí Ollscoil Mhá Nuad in 1998. Is scoláire agus ceannaire acadúil é a bhfuil an-mheas air i réimsí na Tíreolaíochta agus na nEolaíochtaí Sóisialta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an-obair déanta aige ar son an mhachnaimh choincheapúil agus an taighde eimpíreach, na ceannaireachta disciplíní agus taighde, na hoideolaíochta agus an teagaisc. Le cúig bliana anuas, bhí gradam ardaighdeora na Comhairle Eorpaí um Thaighde aige (an t-aon duine a bhuaigh ardghradam in Ollscoil Mhá Nuad) aige chomh maith le gradam taighdeora de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

In éineacht lena thionscadal don ERC – *The Programmable City* – tá bailiúchán suntasach de shaothar nua curtha i gcrích ag an Ollamh Kitchin agus bhí tionchar aige láithreach. Ó 2013 i leith, scríobh sé 2 leabhar, rinne sé eagarthóireacht ar 4 leabhar agus ar eagrán speisialta amháin, rinne sé measúnú ar 30 alt (cuireadh 5 alt eile isteach) agus scríobh sé 17 n-alt eile, 25 caibidil leabhair (10 gcaibidil eile sa phreas/a cuireadh isteach) agus 3 thuarascáil. Luadh na píosaí is déanaí seo 3700 uair le chéile agus tá cuid acu ina bpointí tábhachtacha tagartha anois (luadh 3 pháosa breis is 500 uair agus luadh 6 pháosa eile breis is 100 uair).

Bhuaigh a alt in *Regional Studies, Regional Science,* a raibh Tracey Lauriault agus Gavin McArdle ina gcomhúdaí air, duais an Chumainn um Staidéar Réigiúnach don pháipéar is fearr san irisleabhar sin in 2015. Ó 2013 i leith, d'eagraigh sé 8 gceardlann agus thug sé 121 caint inar tugadh cuirí do dhaoine freastal orthu, 28 caint chomhdhála agus ghlac sé páirt in 23 díospóireacht phainéil.

Tógtar ar agus cuirtear le fiche bliain d'obair ar an gcaidreamh idir teicneolaíocht dhigiteach, spás agus mapáil mar thoradh ar an taighde a rinneadh ar thionscadal ERC – *The Programmable City*. Agus an taighde seo ag cur lena choincheapa cóid/spáis, bailithe sonraí agus bainistíochta uathobrithe, rinneadh scrúdú rithábachtach ar thrí fheiniméan shuntasacha mar chuid de freisin – olltíomsú sonraí, meáin spásúla, agus cathracha cliste. Tá an taighde idirdhisciplíneach de réir nádúir agus tá obair thábhachtach déanta aige sna réimsí seo a leanas: tíreolaíocht dhigiteach, staidéar bogearraí, staidéar ar shonraí criticiúla agus cathracha cliste. Ina theannta sin, tá tionchar níos forleithne aige ar réimse disciplíní eile, lena n-áirítear Staidéar Uirbeach, Socheolaíocht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Staidéar Cumarsáide, Ríomheolaíocht agus roinnt disciplíní eile. Seachas luanna, feictear an tionchar idirdhisciplíneach seo mar gur bhain 75% dá chainteanna le linn a ghairme le réimsí lasmuigh dá réimse féin, an Tíreolaíocht (b'ionann an céatadán seo agus 90% le cúig bliana anuas) agus faigheann sé thart ar 75 cuireadh do chainteanna gach bliain. Lena chois sin, tá tionchar ag an obair ar réimsí eile lasmuigh den saol acadúil, agus tá an taighde ag dul i bhfeidhm ar bheartas na gcathracha cliste ar fud an domhain. Choimisiúnaigh an Fóram Sonraí i Roinn an Taoisigh tuarascáil thábhachtach maidir leis seo a bhain le cathracha cliste, príobháideachas agus slándáil (foilsíodh leagan leasaithe in *Philosophical Transactions*, príomh-irisleabhar an Chumainn Ríoga). Lena chois sin, bhí obair ón tionscadal le feiceáil breis is 60 uair sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta (lena n-áirítear RTÉ, BBC, Die Wlt, Boston Globe, ABC Australia, The Guardian, New Scientist).

Aithníodh tábhacht obair an Ollaimh Kitchin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhronn Acadamh Ríoga na hÉireann an Bonn Óir d'Eolaíochtaí Sóisialta air in 2013, bronnadh ceithre ghradam idirnáisiúnta leabhair air, lena n-áirítear Duais Meridian a bhronn Cumann Tíreolaithe Mheiriceá air in 2011 as an leabhar is fearr i ndisciplín na Tíreolaíochta, agus le déanaí, bhronn Cumann Tíreolaithe Mheiriceá Gradam Gaisce na Meán air in 2015.

GRADAM GAISCE TAIGHDE DHÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

AN TOLLAMH PAUL MOYNAGH, CEANN ROINN BITHEOLAÍOCHTA AGUS STIÚRTHÓIR INSTITIÚID TAIGHDE UM SHLÁINTE AN DUINE OMN



An tOllamh Paul Moynagh, Ceann Roinn Bitheolaíochta agus Stiúirthóir Institiúid Taighde um Shláinte an Duine OMN

Mar gheall ar a chuid taighde, tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an Ollamh Moynagh maidir le próiseas an athlasta a thuiscint, agus tá sé aitheanta mar cheannaire domhanda i dtaca le ról phróitéiní Pellino, a bhfuil tábhacht ar leith leo, a tharraingt amach. Tá athlasadh mar chuid de bheagnach gach próiseas mórghalair, go háirithe i ngalair ainsealacha agus mheathlúcháin, agus tá sé ar cheann de phríomhfhadhbanna leighis ár linne dá bharr.

Sa tréimhse 2013-2017, scríobh an tOllamh Moynagh 22 alt idirnáisiúnta in irisleabhair a bhí an-fhiúntach, ach i gcomhthéacs an ghradaim ghaisce seo, tarraingíodh aird ar sé cinn de na foilseacháin seo mar gheall ar a gcaighdeán ard agus an tionchar mór a bhí acu. Seo a leanas cuid de na foilseacháin ardleibhéil seo: foilseachán sinsearach amháin in *Nature Immunology*, páipéar amháin in *Nature Neuroscience* a bhí sé ina chomhúdar air, 3 foilseachán shinsearacha scríofa in *Nature Communications* agus páipéar sinsearach scríofa amháin in *Immunity*. Bhí sé ina údar ar léirmheas in *Nature Reviews Immunology*. Tá *Immunity* agus *Nature Immunology* sa chéad agus sa dara háit ar domhan maidir le hirisleabhair a fhoilsíonn ailt bhuntaighde ar Imdhíoneolaíocht. Is é *Nature Neuroscience* an t-irisleabhar is fearr ar domhan i dtaca le buntaighde ar Néareolaíocht, Cuimsíonn na foilseacháin seo, a foilsíodh le cúig bliana anuas, taighde a bhfuil seasamh agus tionchar den scoth aige go hidirnáisiúnta, agus tá siad luaite ag a phiaraí breis is 300 uair.

Thug piaraí an Ollaimh Moynagh aitheantas dó roimhe seo as an taighde iontach atá déanta aige agus léiríodh é seo nuair a bhuaigh sé Duais Ollscoil na hÉireann as Foilsiú Acadúil in Eolaíochtaí Leighis agus Sláinte in 2009. Bronnadh bonn Chumann Bithcheimiceach na hÉireann (IASBS) ar Paul in 2014 mar aitheantas do thaighdeoir atá bunaithe in Éirinn a bhfuil an-obair déanta aige/aici i réimse leathan na Bithcheimice.

Chuir an rath a bhí ar an Ollamh Moynagh ó thaobh dul san iomaíocht do mhórhacaíocht sheachtrach taighde ar a chumas an taighde seo a chur i gcrích. Le cúig bliana anuas, fuair sé maoiniú gníomhach seachtrach de €8 milliún do thaighde bunúsach ina shaotharlann, lena n-áirítear trí ghradam taighdeora de chuid SFI i ndiaidh a chéile. Rinneadh comhoibriú le cuideachtaí ar nós Pfizer agus Alltech mar gheall ar a shaineolas taighde agus le cúig bliana anuas, d'éirigh leis maoiniú €1.04 milliún a fháil ó chomhpháirtithe in earnáil na tionsclaíochta agus ó ghradaim nuálaíochta. Comhdaíodh ceithre phaitinn. Caitear an maoiniú ar fad atá faighte ar thaighde ceannródaíoch a bhfuil an-tábhacht leis agus chuir sé go mór le próifíl taighde Ollscoil Mhá Nuad le blianta beaga anuas.

Bhí an tOllamh Moynagh ar thús cadhnaíochta maidir le taighde iarchéime in Éirinn. Bhí sé ina stiúirthóir ar chlár scoláirí PhD an Bhoird Taighde Sláinte don Imdhíoneolaíocht. Bhí TCD agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ina gcomhpháirtithe ag Ollscoil Mhá Nuad agus bhí sé freagrach as oiliúint a chur ar 24 mac léinn PhD idir 2010-14. Bhí sé seo ar cheann de na chéad chlárí struchtúrtha PhD in Éirinn agus léirigh sé cur chuige nua i leith oiliúint PhD agus thug sé scileanna agus taithí, taobh amuigh den saineolas, do chéimithe i sainréimse taighde. Bhí sé ina Stiúirthóir de chuid Ollscoil Mhá Nuad ar an gclár PhD i dTeiripic agus i mBithanailís (2011-2015) a bhí á mhaoiniú ag an HEA. Bhí RCSI, DCU agus Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht ina gcomhpháirtithe ag Ollscoil Mhá Nuad mar chuid den chlár agus cuireadh oiliúint ar 29 mac léinn.

GRADAIM AGUS DUASEANNA GRADAIM GHAISCE THAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

GRADAM GAISCE TAIGHDE DHÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

AN TOLLAMH DAVID STIFTER, SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH, INSTITIÚID EALAÍON AGUS DAONNACHTAÍ OMN



An tOllamh David Stifter, Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí OMN

Bhí an tOllamh Stifter ar an gcéad taighdeoir, in 2015, a fuair deontas ERC i réimse an Léinn Cheiltigh, agus bhí sé ar dhuine de na chéad daoine a bhuaigh gradam ERC i réimse níos leithne na teangeolaíochta stairiúla.

Trína thionscadal darb ainm *Chronologica Hibernica* (*ChronHib*), a bhfuil Creat Croineolaíoch Dóchúlaíoch um Dhátú Fhorbairtí agus Litríocht na Nua-Ghaeilge á bhunú aige, léirigh an tOllamh Stifter gur féidir teangeolaíocht dhiacronach agus léann meánaoiseach a chomhcheangal le teicnící nua-aimseartha ríomhaireachtúla, chomh maith le tábhacht na Sean-Ghaeilge mar ábhar suntasach taighde laistigh de theangeolaíocht ghinearálta a léiriú.

Cé is moite den obair atá déanta aige ar an tSean-Ghaeilge, is saineolaí é an tOllamh Stifter i réimse na dteangacha ársa (seachas teangacha Meánaoiseacha) Ceilteacha. Rinne sé eagarthóireacht ar roinnt inscríbhinní nua agus bhí sé ar dhuine de na chéad scoláirí a bhain leas as acmhainneacht na mbunachar sonraí idirghníomhach ar líne d'fhoclóireacht teangacha briste fianaithe. Mar thoradh ar an obair seo, tugadh cuireadh dó a bheith ar choiste bainistíochta an líonra taighde Eorpaigh *AELA W* (*Teangacha Ársa Eorpacha agus Scríbhneoireacht*).

Ó 2013 i leith, d'fhoilsigh sé 5 alt irise, 9 gcaibidil leabhair, monagraf amháin agus rinne sé eagarthóireacht ar chnuasach amháin. Le linn an ama sin, bhí sé ina eagraí nó ina chomheagraí ar ocht gcomhdháil agus siompóisiam in Ollscoil Mhá Nuad.

I measc samplaí dá fhoilseacháin de na foilseacháin is déanaí uaidh tá *“Language of the Poems of Blathmac”* a foilsíodh in 2015 agus a léiríonn dul chun cinn tábhachtach ó thaobh na tuisceana ar dhá dhán Ghaeilge ón 8ú haois, dánta nár aimsíodh go dtí lár an fichiú haois; agus bhí an staidéar a rinne sé in 2016 ar *“Metrical Systems of Celtic Tradition,”* ar an gcéad staidéar comparáideach riamh ar ealaín fhileata sna teangacha ársa agus meánaoiseacha Ceilteacha ar fad.

GRADAIM AGUS DUAISEANNA GRADAIM GHAISCE LUATHGHAIRME OLLSCOIL MHÁ NUAD

TAIGHDEOIR LUATHGHAIRME NA BLIANA

AN DR KAREN ENGLISH, DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA, ROINN NA BITHEOLAÍOCHTA AGUS INSTITIÚID TAIGHDE UM SHÁINTE AN DUINE OMN



An Dr Karen English, Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Taighde um Sháinte an Duine OMN

Is céimí de chuid Ollscoil Mhá Nuad í an Dr Karen English agus bhain sí Bsc, Msc amach san Ollscoil, chomh maith le PhD in 2008. Bronnadh Comhaltacht Marie Curie uirthi ina dhiaidh sin chun a hoiliúint iardhochtúireachta a dhéanamh in Ollscoil Oxford (2009-2011) sular tháinig sí ar ais go hOllscoil Mhá Nuad mar Chomhalta Taighde um Míochaine Aistritheach de chuid an Bhoird Taighde Sláinte agus mar Thaighdeoir Tosaithe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina dhiaidh sin. Ceapadh ina léachtóir i Roinn na Bitheolaíochta í in 2015, agus in 2018, bhí sí ar dhuine de 36 scoláire in Éirinn, ar fud gach réimse taighde, ar ar bronnadh Duais Laureate de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn chun a cuid oibre a chur chun cinn.

Tá an Dr English i gceannas ar Shaotharlann na hImdhíoneolaíochta Ceallaí i Roinn na Bitheolaíochta. Cuirtear an-bhéim ina cuid taighde ar fhorbairt na teiripe ceallaí do chóireáil in aghaidh galair athlastacha. Is cealla ó dhaoine fásta iad cealla stróma méiseincioma (MSC) a fhaightear i mórán fíochán; smior, fíochán saille agus an tsreang imleacáin san áireamh, agus tá airíonna láidre frith-athlastacha acu, chomh maith le hairíonna a d'fhéadfadh a bheith íocshláinteach, agus mar gheall air sin, tá forbairt á déanamh orthu mar theiripe cheallach do ghalair athlastacha. Níl tuiscint mhaith ag daoine ar na meicníochtaí gnímh atá á n-úsáid ag cealla stróma méiseincioma chun cosaint ar athlasadh agus deisiú a chur chun cinn. Is í an sprioc atá le taighde English ná tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchair dhearfacha ag na cealla seo agus an caidreamh atá acu le cealla ón gcóras imdhíonachta a aithint chun teiripe MSC don chóireáil in aghaidh galair athlastacha a optamú.

Tá roinnt saothar suntasach curtha i gcrích ag an Dr English agus tá cáil idirnáisiúnta uirthi agus tá an-mheas uirthi ina réimse roghnaithe. Sna trí bliana idir 2015 agus 2017, d'fhoilsigh sí 10 n-alt (35 alt san iomlán ó 2005 ar aghaidh) in irisleabhair phiarmheasúnaithe a bhfuil seasamh ard, idirnáisiúnta acu, lena n-áirítear 5 pháipéar phríomha ar a raibh sí ina húdar sinsearach, 2 pháipéar phríomha ar a raibh sí ina húdar láir, 2 alt mheasúnaithe ar a raibh sí ina húdar sinsearach agus caibidil leabhair amháin ar a raibh sí ina húdar sinsearach. Bhain seisear mac léinn dá cuid PhD amach sa tréimhse sin. Luadh a cuid oibre beagnach 900 uair le 3 bliana anuas. Is í an obair is tábhachtaí atá déanta aici go dtí seo ná meicníochtaí gnímh a bhaineann leis an tionchar atá ag cealla stróma méiseincioma ar fhreagairtí imdhíonachta a shainmhíniú. Go sonrach, léirigh a cuid oibre ról do phróitéin dromchla chille ar leith (ar a dtugtar Jagged-1) agus chuir sí an chéad tuarascáil ar fáil maidir leis an tábhacht atá le comharthaíocht Jagged-1 i gcosaint MSC ar athlasadh in vivo. Tá impleachtaí móra cliniúla ag obair eile a rinneadh le déanaí ar imoibríthe B-cille:MSC ar an réimse a bhaineann le galar scamhóige ainsealach. Léirigh an Dr English go mbaintear éifeachtúlacht theiripeach theiripe MSC amach trí tháirgeadh MSC de thoisic heipiticíte fáis. I gcomhar leis an gcuideachta um theiripe cille Athersys, tháinig an Dr English ar an meicníocht a ligeann do theiripe cille de ghrád cliniúil gníomhachtúchán T-cille a rialú. Rinne sí taighde i gcomhar le dhá SME Éireannacha (Sigmoid Pharma agus Avectas) agus d'úsáid sí a cuid saineolais chun cabhrú lena bhforbairt.

GRADAIM AGUS DUaiseanna

GRADAIM GHaisce Luathghairme Ollscoil Mhá Nuad

DÁMH NA NEOLAíochtaí Sóisialta

DR CONOR MURPHY, DEPARTMENT OF GEOGRAPHY AND ICARUS CLIMATE RESEARCH CENTRE



Dr Conor Murphy, Department of Geography and ICARUS Climate Research Centre

Tá an Dr Murphy mar chuid de chreatlach dhomhain Ollscoil Mhá Nuad. Thosaigh sé amach mar fhochéimí, bhain sé PhD sa Tíreolaíocht amach in 2007, bhí sé ina léachtóir sa roinn sin agus tá sé ina léachtóir sinsearach inti anois. Tá obair thaighde den chéad scoth déanta aige idir 2015 agus 2017 agus 25 páipéar dá chuid foilsithe in irisleabhair idirnáisiúnta éagsúla ina réimse féin. Áirítear leo sin foilseacháin shuathinseacha in irisleabhair amhail *Science*, *Proceedings of the National Academy of Sciences* agus *Bulletin of the American Meteorological Society*. Le linn an ama sin, d'fhoilsigh sé cúig chaibidil leabhair freisin. Aisteach go leor, oibríonn an Dr Murphy ar fud na n-eolaíochtaí fisiceacha agus sóisialta agus d'fhoilsigh sé ag na leibhéil is airde sa dá réimse sin – foilsíodh saothar a bhain leis na heolaíochtaí sóisialta agus a raibh an-mheas ag daoine air in *Annals of the Association of American Geographers* and *Climatic Change*. Luadh a bhailiúchán saothair breis is 800 uair.

Is ceannaire aitheanta é an Dr Murphy i staidéar agus i dtuiscint na hidrichlíomeolaíochta mar gheall ar a bhailiúchán saothair ar thaifid bháistí agus sreafa srutha na hÉireann agus tá an-luach ag baint leis na taifid atá bailithe aige go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. D'athraigh a chuid taighde an tuiscint atá againn ar chlíomeolaíocht stairiúil in Éirinn laistigh de thrí bliana. Tugann páipéar a foilsíodh le déanaí na saineolaithe idirnáisiúnta is fearr sa réimse le chéile, lena n-áirítear údair reatha agus iar-údair ar an bPainéal Idir-Rialtasach maidir le hAthrú Aeráide, agus is léiriú é ar an meas atá acu ar a shaothar.

Chuir a chuid taighde an tuiscint atá againn ar chlíomeolaíocht stairiúil bháistí Oileán na hÉireann chun cinn mar thoradh ar an bhforbairt ar rinne sé ar líonra míosúil báistí ar cháilíocht dhearbhairte d'Éirinn ó 1850 ar aghaidh, ar chatalóg thriomaigh ó 1766 ar aghaidh agus ar shraith leanúnach mhíosúil bháistí a théann siar go dtí 1711. Ina theannta sin, mar gheall ar an obair atá déanta ag an Dr Murphy ar

amshraith ar cháilíocht dhearbhairte ar shreafaí abhann in Éirinn a fhorbairt, cuireadh tús le comhoibriú táirgiúil idirnáisiúnta agus cuireadh leis an tuiscint atá againn ar na hathruithe atá tagtha ar shaintréithe tuilte san Eoraip, agus ailt scríofa aige in *Science* agus in *The Journal of Hydrology*.

Léiríonn taighde an Dr Murphy leibhéal arda nuálaíochta i gcónaí. Agus é ag obair le fochéimithe tríú bliana, iarchéimithe agus daoine eile, threoraigh sé an t-athshlánú ar luach breis agus 3,500 bliain de thaifid luatha Éireannacha ar bháisteach. Ní hamháin go n-athróidh an tuiscint atá againn ar athruithe fadtréimhseacha báistí go háitiúil agus go réigiúnach ar fud na hÉireann ó bhonn mar gheall ar na sonraí seo, ach d'aithin an Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíochta an modh mar léiriú ar dhea-chleachtas nua agus nuálaíoch.

Idir 2015 agus 2017, tugadh níos mó ná €1 mhiliún mar mhaoiniú taighde don Dr Murphy, lena n-áirítear Gradam Forbartha Gairme (CDA) mór le rá ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. I measc foinsí eile maoinithe tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus Uisce Éireann. Oibríonn an Dr Murphy go díreach leis an OPW agus le hUisce Éireann chun eolas aeráide a chomhtháthú le cinnteoireacht. D'fhorbair taighde an Dr Murphy cuir chuige nuálacha chun tástáil struis a dhéanamh ar lamháltais d'athrú aeráide mar chuid den fhorbairt ar bhonneagar cosanta ar thuilte. Tá an obair atá á déanamh aige ar thriomaigh stairiúla agus ar athrú aeráide amach anseo mar bhonn agus thaca ag an gcéad phlean náisiúnta uisce de chuid na hÉireann. Tá sé ar an gCoiste Náisiúnta Oiriúnaithe a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na planála oiriúnaithe um athrú aeráide i ngach earnáil.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

DR DEBORAH HAYDEN, SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH AGUS INSTITIÚID EALAÍON AGUS DAONNACHTAÍ OMN



An tOllamh Pilib Ó Nualláin, Uachtarán agus an Dr Deborah Hayden, Scoil an Léinn Cheiltigh agus Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí OMN

Bhuaigh an Dr Deborah Hayden, Scoil an Léinn Cheiltigh agus Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Mhá Nuad, an gradam gaisce taighde luathghairme i nDámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta.

Rinne an Dr Hayden MPhil (2006) agus PhD (2010) sa Léann Angla-Shacsanach, Lochlannach agus Ceilteach in Ollscoil Cambridge, agus rinne sí obair iardhochtúireachta ina dhiaidh sin in Christ Church, Ollscoil Oxford (Comhalta Sóisearach Taighde, 2011–13) agus in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (Scoláire O’Donovan, 2013–15). Thosaigh sí ag obair in Ollscoil Mhá Nuad in 2015 mar léachtóir conartha i Scoil an Léinn Cheiltigh.

Diríonn an Dr Hayden ar na réimsí seo a leanas ina cuid taighde den chuid is mó: an Ghaeilge, an Laidin agus an Bhreathnais mheánaoiseach agus litríocht agus cultúr téacsúil na dteangacha sin, go háirithe stair an mhachnaimh agus an oideachais teangeolaíochta sa traidisiún clasaiceach agus meánaoiseach, i lámhscríbhinní leighis luatha na hÉireann agus i ndlí meánaoiseach na hÉireann agus na Breataine Bige. Le déanaí, bhí sí ag obair ar eagrán agus ar aistriúcháin ar dhá théacs mheánaoiseacha de chuid na hÉireann: tráchtas ar anailís liteartha agus ar theagasc reitriciúil atá i gceann amháin de na téacsanna agus plé ar chúrsaí praiticiúla leighis atá

sa cheann eile. Tá aitheantas suntasach tugtha dá cuid saothair go hidirnáisiúnta agus glacadh lena cuid foilseachán in irisleabhair phiarmheasúnaithe mhór le rá, i réimse an Léinn Cheiltigh agus i réimse níos leithne a bhaineann le staidéar stairiúil. Foilsíodh leabhar a ndearnadh eagarthóireacht air le déanaí in Imleabhar 125 den tsraith *Studies in the History of the Language Sciences* (John Benjamins), agus is é seo an chéad imleabhar dá leithéid a dhíríonn go hiomlán ar léann teangeolaíochta na dteangacha Ceilteacha. Le trí bliana iomlána oibre anuas, scríobh sí seacht gcaibidil leabhair agus trí alt irisleabhair; bhí sí ina comheagarthóir ar dhá leabhar; agus rinne sí cuir i láthair iomadúla ag comhdhálacha chomh maith le hailt mheasúnaithe a foilsíodh a sholáthar.

Bhí rath suntasach ar an Dr Hayden deontais maidir le deontais taighde a fháil ó chomhlachtaí maoinithe atá an-iomaíoch ag leibhéal idirnáisiúnta agus idirdhisciplíneach. In 2018, bhí sí ar dhuine de 36 scoláirí in Éirinn, ar fud gach réimse taighde, ar ar bronnadh Duais Laureate de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn chun tabhairt faoi thionscadal ar dhá théacs leighis mheánaoiseach Gaeilge a d’aimsigh sí, agus a athraíonn an tuiscint atá againn ar an méid atá déanta ag an tír seo do litríocht mheánaoiseach eolaíoch na hEorpa i dteanga an phobail.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

**BAINÉADH GO LEOR GAISCÍ AMACH IN 2017/18
Ó THAOBH TAIGHDE, LÉINN, NUÁLAÍOCHTA AGUS
RANPHÁIRTÍOCHTA DE AR FUD NA DTRÍ DHÁMH. FAIGHTEAR
SPLÉACHADH AR CHUID DE NA GAISCÍ SIN THÍOS.**



DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

AN LÉANN CLASAICEACH

Ba bhliain shuntasach é 2017 don Léann Clasaiceach mar gur foilsíodh monagraf (*The Politics of Heresy in Ambrose of Milan*, Cambridge University Press) agus leabhar, a bhfuil eagarthóireacht déanta air, (*Peace and Reconciliation in the Classical World*, Routledge) de chuid an Dr Michael Williams. Scríobh comhaltaí eile den Roinn trí chaibidil i leabhair agus dhá alt in irisleabhair phiarmheasúnaithe agus in imeachtaí comhdhála in 2017. Seo a leanas foilseacháin eile ón mbliain acadúil 2017–18: ‘*Diogenes and the meaning of life*,’ in *The Meaning of Life and the Great Philosophers*, eag. S. Leach & J. Tartaglia (Routledge), agus ‘*Between gods and mortals: The piety of Homeric kings*,’ in *Homer and the Good Ruler in Antiquity and Beyond*, eag. J. Klooster agus B. van den Berg, (Brill) leis an Dr William Desmond.

In 2017/18, labhair comhaltaí den Roinn le luch éisteachta sa Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ghréig agus an Astráil. Áirítear leo *The Fowler Lecture* in Ollscoil Oxford leis an Ollamh David Scourfield i mí na Bealtaine 2017 dar teideal ‘*Fragmentations and Forgetting: (An)atomizing Classics in English Modernist Fiction*,’ agus eochairléacht ag an gcomhdháil idirnáisiúnta ‘*The Once and Future Kings: Roman Emperors and Western Political Culture from Antiquity to the Present*,’ a eagraíodh in Ollscoil Queensland (Brisbane, an Astráil), mí Iúil 2017 dar teideal ‘*Fictions of Power: Thornton Wilder’s The Ides of March and John Williams’ Augustus*. Scríobh an Dr Gordon Campbell roinnt páipéar chomhdhála, lena n-áirítear: ‘*Botticelli, Lucretius and Empedocles on Love and Strife*,’ *Material World: the Intersection of Art, Science and Nature in Ancient Literature and its Renaissance Reception*, Istituto Universitario Olandese di Storia dell’Arte, Flórans, Aibreán 2018, agus ‘*The Influence of Lucretius in Lactantius’ Divine Institutes*,’ *Lucretius in Prose*, Ollscoil Patras, an Ghréig, Meitheamh 2018. Labhair an Dr William Desmond faoi ‘*Plato’s mythology of reason*,’ ag an gcomhdháil ‘*Philosophy in its Beginnings: On the Conceptualisation, Criticism, and Justification of Philosophy in Antiquity*,’ in Ollscoil Humboldt, mí Iúil 2017, ar ‘*Between the Classical and Romantic: Hegel on lyric poetry*,’ in *(Anti-) Classicism & (Anti-) Idealism*, Roinn na Gearmáinise, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Meitheamh 2017, ar ‘*Hercules among the Germans*,’ *Hercules Project Conference*, Ollscoil Leeds, mí Iúil 2017, agus ar ‘*Hegel and Herodotus: Knowledge and History*,’ ag an gcomhdháil ‘*Ancient Knowledges, Modern Knowledges*,’ in Ollscoil Sheffield, Meitheamh 2018.



An Dr Eoghan Moloney agus an Dr Michael Williams leis an Dr Kieran McGroarty, Ceann Roinn an Léinn Chlasaiceach

AN LÉANN CEILTEACH

Cuimsíonn Scoil an Léinn Cheiltigh Nua-Ghaeilge, Gaeilge Mhoch agus Lárionad na Gaeilge (Ionad do Thaighde, do Theagasc agus do Thástáil na Gaeilge).

I gcaitheamh na bliana, chuir Roinn na Gaeilge Moiche leis an gcáil atá uirthi mar ionad atá ar thús cadhnaíochta maidir le taighde ar theanga, ar litríocht agus ar chultúr na hÉireann sa mheánaois luath (c.400–c.1200 CE). Aithníodh an stádas seo go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le deontais taighde, duaiseanna, gradaim, foilseacháin agus cuirí chun léachtaí mór le rá a thabhairt.



Dr Deborah Hayden, Scoil an Léinn Cheiltigh agus Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí OMN

Is fiú a lua gur bhuaigh an Dr Deborah Hayden an chéad Duais Laureate do Thosaitheoirí de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn in 2018. Sa tionscadal sin, dar teideal ‘*Medieval Irish Medicine in its North-western European Context: a Case Study of Two Unpublished Texts*,’ díreofar ar ábhair agus ar chomhthéacs dhá thráchtas leighis idirghaolmhara sa Ghaeilge nach bhfuil mórán staidéir déanta ag orthu go dtí seo i léann na linne seo, amhail mórán de chorpas mór na scríbhneoireachta leighis as Éirinn sa mheánaois. Faightear ceisteanna agus freagraí i gceann amháin de na téacsanna seo ar chúrsaí leighis atá sách praiticiúil agus a bhaineann leis an anatamaíocht den chuid is mó, agus is cnuasach é an dara ceann ina bhfuil oidis luibhe agus orthaí do thinnis éagsúla. Tá luach €190,641 ar an deontas mór le rá seo.

Eascraíonn cuid de phríomhaschuir na roinne in 2017–18 as tionscadal leanúnach ChronHib an Ollaimh David Stifter atá á mhaoiniú ag ERC. D’óstaíl comhaltaí d’fhoireann ChronHib comhdháil rathúil ar Éagsúlacht agus ar Athrú i gComhréir agus i nDeilbheolaíocht na dTeangacha Meánaoiseacha Ceilteacha in Carton House, Maigh Nuad, i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus d’fhreastail mórán de na scoláirí is mó le rá ar domhan a bhaineann le teangeolaíocht chomparáideach agus stairiúil na Ceiltise uirthi.

Scríobh comhaltaí d’fhoireann ChronHib trí alt in imleabhar 2017 Ériu, an t-irisleabhar is mó ó thaobh Léann Éireannach na Meánaoise de arna fhoilsiú ag Acadamh Ríoga na hÉireann mar seo a leanas: d’fhoilsigh an Dr Bernhard Bauer alt dar teideal ‘*New and Corrected MS Readings of the Old Irish Glosses in the Vienna Bede*’; d’fhoilsigh an Dr Elliott Lash an t-alt ‘*A Quantitative Analysis of *eli* Variation in Old Irish *etar* and *ceta**’; agus scríobh an tOllamh David Stifter alt níos giorra: ‘*Varia II: The Origin of Time*.’ Clúdaíonn na foilseacháin sin réimsí difriúla amhail comhréir, sanasaíocht, pailéagrafaíocht agus teangeolaíocht stairiúil agus léiríonn siad an obair thábhachtach atá á déanamh ag foireann ChronHib.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

AN LÉANN CEILTEACH AR LEAN

D'fhoilsigh comhaltaí foirne ó Roinn na Gaeilge Moiche ailt in irisleabhair phiarmheasúnaithe eile sa réimse seo, lena n-áirítear *Celtica* (an Dr Deborah Hayden); *Journal of Celtic Linguistics* (an Dr Elliott Lash, an Dr Aaron Griffith (Utrecht) ina chomhúdar air); *Indo-European Linguistics* (an Dr Elliott Lash); agus *International Journal of the Platonic Tradition* (Daniel Watson, mac léinn PhD).

Fuair foilseacháin níos luaithe ó chomhaltaí de Roinn na Gaeilge Moiche ardmholadh ó léirmheastóirí in irisleabhair mhór le rá. Mar shampla, tugadh ardmholadh don imleabhar a ndearna an Dr Boyle agus an Dr Hayden eagarthóireacht air (arna fhoilsiú ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath in 2014 é) sa bhliain acadúil 2017–18 in imleabhair idirnáisiúnta ar nós *Speculum* (imleabhar Acadamh Meánaoiseach Mheiriceá) agus *Early Medieval Europe*. Scríobhadh an-chuid léirmheasanna dearfacha ar imleabhar eile in 2017–18, a raibh Hayden ina comheagarthóir air (leis an Ollamh Paul Russell, Ollscoil Cambridge), in irisleabhair amháil *Zeitschrift für celtische Philologie* agus *Studia Celtica*.



An Dr Elizabeth Boyle, Scoil an Léinn Cheiltigh

Tugadh cuireadh don Dr Elizabeth Boyle roinnt léachtaí idirnáisiúnta a thabhairt ag ollscoileanna éagsúla, lena n-áirítear Ollscoil Stanford, California; Ollscoil Learphoil, an Ríocht Aontaithe; agus Ollscoil Aberystwyth, an Ríocht Aontaithe. Tugadh cuireadh di freisin seimineár a thabhairt ag comhchruinniú idir Cumann Staire na hÉireann agus an Seimineár Taighde ar Stair na Meánaoise de chuid Choláiste na Tríonóide dar teideal 'Writing the History of the Assyrian and Persian Empires in Medieval Ireland.' Tugadh cuireadh don Dr Bernhard Bauer freisin labhairt ag comhdhálacha in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus in Universität Marburg; thug an tOllamh David Stifter trí léacht in Universiteit Göteborg, in Ollscoil Oslo agus in Ollscoil Luimnigh; agus thug an Dr Deborah Hayden léachtanna do Roinn na gClasaicín in Ollscoil Mhá Nuad agus ag Seimineár Uí Chléirigh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus chuir sí páipéir chomhdhála i láthair ag Harvard agus ag Paris-Sorbonne III.

Chuir comhaltaí den roinn roinnt ábhar suntasach ar fáil do lámhleabhair, d'imleabhair atá curtha in eagar agus do chlicipéidí, lena n-áirítear ailt David Stifter dar teideal 'The Phonology of Celtic' in *Handbook of Comparative and Historical Indo-European Linguistics* agus 'Irish Language' in *The Encyclopedia of Literature in Medieval Britain*; alt Elizabeth Boyle dar teideal 'The Forms and Functions of

Medieval Irish Poetry and the Limitations of Modern Aesthetics' in *From Eald to New: Translating Early Medieval Poetry for the Twenty-First Century*; agus alt Deborah Hayden dar teideal 'Language and Linguistics in Medieval Europe' don *Oxford Research Encyclopedia of Linguistics*.

Bronnadh gradaim ghaisce Ollscoil Mhá Nuad do thaighde ar an Dr Deborah Hayden agus ar an Ollamh David Stifter in 2018. Bronnadh Gradam Mhichíl Uí Chléirigh ar Lars Nooig, iarrthóir PhD, as an bpáipéar iarchéime is fearr a cuireadh i láthair ag an 31ú Comhdháil do Mheánaoisithe in Éirinn (2017). Foilsíodh a pháipéar rathúil in imleabhar 2018 de Peritia, príomh-irisleabhar piarmheasúnaithe a bhaineann le Léann Éireannach na Meánaoise.

Mar chuid den taighde a dhéantar i Roinn na Nua-Ghaeilge, déantar staidéar ar réimsí éagsúla den Nua-Ghaeilge (an 13ú haois go dtí an lá atá inniu ann), lena n-áirítear, staidéar téacsúil, critic liteartha, teangeolaíocht, foclóireacht, traidisiúin bhéil, oideolaíocht agus stair chultúrtha.

B'fhorbairt shuntasach i réimse an Staidéir Óige é foilseachán an Dr Aisling Ní Dhonnchadha dar teideal Aois na hÓige: Díolaim Próis (Cló Iar-Chonnacht, 2017): díolaim scríbhneoireachta ar an óige a raibh an tOllamh Máirín Nic Eoin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina comheagarthóir uirthi.

Ina theannta sin, is ábhar tábhachtach é foilseachán an Dr Tracey Ní Mhaonaigh *Tháinig do Litir* (An Sagart 2017) do bhuanábhar ó Leabharlann Russell a chur in eagar agus a scaipeadh. Tá comhfhreagras san imleabhar seo ón Athair Peadar Ó Laoghaire (1839-1920); pearsa ollmhór i litríocht na Nua-Ghaeilge agus duine de phríomhúdair Athbheochan Chonradh na Gaeilge. Bhí obair leanúnach an Dr Ní Mhaonaigh ar chartiann Mhá Nuad mar bhonn le dhá alt acadúla eile a foilsíodh in 2017–18.

Le linn 2017–18, lean an Dr Eoghan Ó Raghallaigh ar aghaidh lena chuid oibre ar fhilíocht na mbard, agus bhí sé ina aoichainteoir ag roinnt imeachtaí, lena n-áirítear an 40ú Comhdháil Bhliantúil de chuid UC ar an Léann Ceilteach, UCLA, i mí an Mhárta 2018. Baineadh úsáid as saothar Uí Raghallaigh i gceardlanna don tionscadal www.learnh.org ag comhdhálacha in Ollscoil Oxford agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le déanaí. Bhí an tionscadal á mhaoiniú ag síoldeontas ó Institiúid na nDaonnachtaí, Connecticut ar dtús in 2012 agus bhíodhas ag súil go gcuirfeadh sé ar chumas daoine úsáid níos mó a bhaint as foinsí na Nua-Ghaeilge Moiche i gcúrsaí léinn ar fud réimsí agus disciplíní.

Déanann an Roinn eagarthóireacht ar dhá fhoilseachán sheanbhunaithe, *Irisleabhar Mhá Nuad* agus *Léachtaí Cholm Cille* agus foilsíonn sí iad. Is irisleabhar léinn ar an Léann Éireannach é IMN, a bhfuil an Dr Tracey Ní Mhaonaigh ina heagarthóir air, agus bunaíodh breis is 120 bliain ó shin é. Tá an-tábhacht leis, mar sin, do thraidisiúin an taighde sa Ghaeilge. Is iad LCC na himeachtaí a fhoilsítear ó chomhdháil bhliantúil na Roinne agus beidh LCC 50 bliain ar an bhfód in 2019.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Léiríonn an dá eagrán is déanaí *d'Irisleabhar Mhá Nuad*, a foilsíodh sa tréimhse idir 2017–18, atheagrú straitéiseach ar shainchúram agus ar ábhar an irisleabhair. Is é príomhghné an irisleabhair seo ról ar leith a thabhairt do mhic léinn iarchéime mar scríbhneoirí agus mar eagarthóirí cúnata. Tugann sé seo deis do mhic léinn iarchéime taithí ríthábhachtach a fháil ar fhoilsiú acadúil agus próifíl IMN á caomhnú acu mar irisleabhar léinn ina bhfuil ailt le scoláirí atá ag céimeanna éagsúla ina ngairmeacha. Tá obair ar siúl anois chun cartlann fhairsing *IMN* a dhigitiú.

Ba iad 'an Éiceolaíocht i dtraidisiúin na hÉireann' (2017) agus 'an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta: Saol agus Saothar' (2018) téamaí an dá eagrán is déanaí de *LCC* a foilsíodh. Beidh scríbhneoirí agus intleachtóirí mhuintir Uí Nualláin faoi chaibidil i bhfoilseachán na bliana seo.

Seo a leanas cuid de réimsí taighde Lárionad na Gaeilge: tástáil teanga, Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR), ilteangachas, beartais teanga, teangeolaíocht chorpais, staidéar inscne, seanchas plandaí, amhránaíocht ar an sean-nós, teangeolaíocht fheidhmeach, léann an aistriúcháin, téarmaeolaíocht agus litríocht chomhaimseartha na Fraince.

Tá an tlonad mar chomhalta Éireannach den Chumann um Thástálaithe Teanga san Eoraip (ALTE). Cuirtear an-bhéim ar thrialacha Gaeilge a fhorbairt d'fhoghlaiméirí fásta (Teastas Eorpach na Gaeilge) mar chuid d'obair an Ionaid agus cuirtear i bhfeidhm iad in Éirinn, san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil. (www.teg.ie) Is ceannródaí náisiúnta é an tlonad maidir le trialacha atá bainteach le CEFR a fhorbairt agus feidhmíonn sé mar chomhairleoir do chomhlachtaí stáit faoi CEFR agus faoi thástálacha teanga agus coimisiúnaíodh é roinnt uaireanta chun taighde a dhéanamh ar ghnéithe d'fhoghlaim na Gaeilge. In 2017, d'fhoilsigh Siuán Ní Mhaonaigh 'Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar,' an dara tuarascáil taighde ar thionchar na n-athruithe ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta a scrúdaíodh den chéad uair in 2012. I mí Eanáir 2018, óstáladh cruinnithe Ghrúpaí Sainleasa ALTE san Ionad agus cuireadh fáilte roimh thoscairí ó chúig thír déag. I measc na n-aoichainteoirí bhí an tOllamh David Little, a bhíodh ag obair i gColáiste na Tríonóide tráth, Joe Shiels, Iar-Cheann Roinn na Nuatheangacha i gComhairle na hEorpa, agus an Dr Waldemar Martyniuk ó Ollscoil Jagiellonian in Kraków agus a bhíodh ina Stiúrthóir ar an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (ECML) in Graz, an Ostair.

I mí Feabhra 2018, d'óstáil an tlonad comhdháil aon lae IVACS. Is líonra idirnáisiúnta taighde é IVACS a thugann taighdeoirí agus mic léinn iarchéime atá ag obair ar theangeolaíocht chorpais le chéile. D'eagraigh an teangeolaí corpais, Aoife Ní Ghloinn, an comhdháil ar Thaighde Corpais i gComhthéacsanna Dúshlánacha agus d'fhreastail níos mó ná 40 toscaire uirthi.

Agus maoiniú á fháil aici ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ard-Oideachas: Sraith Seimineár 2017–18, d'eagraigh Aoife Ní Ghloinn comhdháil aon lae in Ollscoil Mhá Nuad i mí an Mheithimh 2018 ar Mheasúnú Teangacha san Ard-Oideachas a Ailíniú le Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR): Cur Chuige maidir le Dearbhú Cáilíochta. D'fhreastail níos mó ná 100 toscaire ar an gcomhdháil.



Anna Ní Ghallachair, Scoil an Léinn Cheiltigh agus Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc agus Tástáil

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh d'Anna Ní Ghallachair barúil a thabhairt ar dhréacht deiridh na straitéise náisiúnta maidir le teangacha iasachta de chuid Languages Connect sular foilsíodh i mí na Nollag 2017 í. Ar Lá Eorpach na dTeangacha 2018, bhí sí ina spreagchainteoir ag ócáid in Ollscoil na hÉireann, Cearnóg Mhuirfean agus labhair sí leis na haíonna, a bhí ina mbaill de sheirbhísí taidhleoireachta den chuid is mó, faoi theangacha a fhoghlaim in Éirinn.

Athcheapadh Anna Ní Ghallachair ina Cathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta i mí Eanáir 2018. Tá sí ina ball freisin de Choiste Feidhmiúcháin an Chumainn um Thástálaithe Teanga san Eoraip (ALTE), an Coiste um Staidéar ar Theangacha, Litríocht, Cultúr agus Cumarsáid in Acadamh Ríoga na hÉireann, an Grúpa Saineolaithe um an Ilteangachas (an Coimisiún Eorpach), scéim aitheantais teangacha Unilang de chuid na Ríochta Aontaithe agus Grúpa Stiúrtha an Ionaid Náisiúnta Barr Feabhais do Ghairmeacha Gaeilge san Aontas Eorpach.

Tá Helen Hegarty ina ball den Choiste Téarmaíochta (Foras na Gaeilge) agus de Ghrúpa Stiúrtha an Ionaid Náisiúnta Barr Feabhais do Ghairmeacha Gaeilge san Aontas Eorpach.

Tá Aoife Ní Ghloinn ina ball den choiste comhairleach do Comasan Labhairt ann an Gàidhlig, Ollscoil Ghlaschú. Is tionscadal taighde trí bliana é seo atá á mhaoiniú ag Bòrd na Gàidhlig agus tá sé mar aidhm aige corpas foghlaiméirí a thógáil do chaint fhoghlaiméirí fásta Ghaeilge na hAlban chun próifílí inniúlachta d'fhoghlaiméirí Ghaeilge na hAlban a fhorbairt de réir CEFR (2015–18). Tá sí ina ball de líonra taighde IVACS chomh maith.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

BÉARLA

In 2017 d'fhoilsigh comhaltaí Roinn an Bhéarla 7 gcaibidil leabhair, 4 alt measúnaithe in irisí, agus chuir siad bailiúchán amháin in eagar. In 2018 rangaigh QS Roinn an Bhéarla i measc an 200 is fearr ar domhan maidir le Teanga agus Litríocht an Bhéarla. Tá an rangú sin bunaithe, den chuid is mó, ar an gcáil mhaith atá ar an roinn i dtaca le scoláireacht ardchaighdeán le blianta beaga anuas.

In 2017, i measc na bhfoilseachán tábhachtach bhí eagrán le Stephen O'Neill, a cuireadh in eagar, dar teideal *Broadcast Your Shakespeare* (Bloomsbury). Téann an bailiúchán i ngleic le Shakespeare mar shraith de scéalta sna meáin, atá sean, nua agus leanúnach ag an am céanna. Déanann na rannpháirtithe breithniú ar éagsúlacht meán ón teilifís, ón raidió, ó scannáin agus ó ghréasáin meán sóisialta agus féachann siad ar an leanúnachas idir an léiriú stairiúil a rinneadh ar Shakespeare agus an léiriú reatha a dhéantar air sna meáin. Scríobhadh an leabhar seo san áit a dtagann staidéar ar Shakespeare agus staidéar na meán trasna ar a chéile agus scrúdaítear ann an tionchar atá ag na meáin orainne mar léitheoirí, mar lucht féachana agus mar úsáideoirí Shakespeare. Déantar iniúchadh ann freisin ar an gcaoi a bhfreagraíonn lucht leanúna do Shakespeare trína gcuid meán féin, Tumblr fan art, vlogging agus Twitter ina measc.



An Dr Stephen O'Neill, Roinn an Bhéarla

Rinne an tOllamh Peter Kirwan, as Ollscoil Nottingham, cur síos ar an leabhar mar “leabhar atá práinneach agus beoga agus a fheidhmiú san áit a dtrasnaíonn teicneolaíochtaí nua agus “Shakespeareanna” nua a chéile. Tá an t-ábhar atá ann éagsúil, íogair agus gafa go polaitiúil agus ceistíonn sé an luach a fhabhraíonn Shakespeare i dtaca le siamsaíocht chruthaitheach agus féiniúlachtaí craolta agus iarrann sé aird agus gníomh.

Ar aon dul leis sin, i mí Dheireadh Fómhair 2017, bhí caibidil le Stephen O'Neill sa *The Shakespeare User: Critical and Creative Appropriations in a Networked Culture* (Palgrave 2017) dar teideal *Theorizing User Agency in YouTube Shakespeare*.

STAIR

In 2017, rinne comhaltaí Roinn na Staire 8 leabhar a scríobh nó a chur in eagar, d'fhoilsigh siad 9 gcinn de chaibidil leabhair, 5 cinn d'ailt mheasúnaithe in irisí agus 5 cinn d'ailt mheasúnaithe chomhdhála. I dtaca le Stair na hÉireann, cuimsíonn siad sin réimse iomlán na n-ábhar a chlúdaítear sa roinn, ó thréimhse na meánaoiseanna go dtí an lá atá inniu ann. Léiríonn líon na rannpháirtithe (11) i liosta foriomlán na n-údar an teacht aniar atá sa Roinn; is fiú a thabhairt faoi deara freisin go raibh lámh ag an Ollamh Terry Dooley in dhá fhoilseachán chomharthacha na bliana – *The Cambridge Social History of Modern Ireland* agus *The Atlas of the Irish Revolution* (chomh maith leis na foilseacháin a chuir sé féin in eagar agus na foilseacháin a raibh sé féin ina údar orthu). Níos faide ó bhaile, agus is fiú é seo a lua go speisialta, tá bailiúchán aistí an Dr David Lederer ar Stair na Gearmáine, agus é cur curtha in eagar, ar bailiúchán é a chuimsigh píosa leis an Ollamh Christopher Clark (Cambridge); aiste an Dr JoAnne Mancini “*American Art's Dark Matter: Uncirculation from Revolution to Empire*,” a bhí in imleabhar a d'fhoilsigh an *Terra Foundation for American Art*; an chaibidil a bhí ag an Dr John Paul Newman sa *Cambridge History of Communism*, foilseachán ceannródaíoch eile in 2017; agus eagrán speisialta de Ríomh-irisleabhar Stair na Portaingéile, a d'fhoilsigh Ollscoil Brown i gcomhar le hOllscoil Oporto, agus a thug le chéile na páipéir a chuir an tOllamh Filipe Ribeiro de Meneses i láthair in Brown in 2016. Tá caibidil ag an Ollamh Ribeiro de Meneses freisin sa *Routledge Companion to Iberian Studies*. Léiríonn an méid sin ar fad go bhfuil staraithe Ollscoil Mhá Nuad páirteach sna mórdhíospóireachtaí a bhaineann leis an réimsí faoi leith lena mbaineann siad – agus go bhfuil raon leathan acu sin ann.

I dtaca le maoiniú taighde, ba iad na buaicphointí ná comhalta iardhochtúireachta dhá bhliain de chuid IRC Rialtas na hÉireann a fháil (an Dr Frances Nolan) agus Scoláireacht Iardhochtúireachta ceithre bliana IRC (Sven Milekic). Tá tábhacht faoi leith ag baint le teacht Sven Milekic, mar go dtugann sé le tuiscint go mbeidh Má Nuad i lár an aonaigh mar ionad tábhachtach léinn maidir le stair reatha na hEorpa, tar éis na Breatimeachta. Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an Mór-Roinn, ar ceisteanna iad atá róchonspóideach le go ndéanfaí iad a phlé ina gcomhthéacs intíre féin – agus na torthaí a scaipeadh ar phobal acadúil an Bhéarla – ó thimpeallacht shíochánta Mhá Nuad. Mar bharr ar an rath a bhí ar an Dr Newman sna cúrsaí sin, bronnadh Scoláireacht Taistil de chuid Ollscoil na hÉireann ar Keith Harrington, duine eile de na mic léinn PhD atá aige, a bhfuil a chuid oibre dírithe ar an Moldóiv agus ar Thras-dhístrí. Bhain triúr mac léinn PhD ón roinn a gcuid céimeanna amach in 2017/18.

Ina theannta sin, thaispeáin an Roinn go raibh sí in ann leas a bhaint as foinsí nua maoinithe, go háirithe Scéim Luaineachta Acadúla Rialtas na hÉireann, chun a caidreamh le hinstiúidí suntasacha idirnáisiúnta a dhaingniú tuilleadh: Ollscoil Toronto agus Command and General Staff College, Fort Leavenworth, Kansas. Idir an dá linn, lean an tlonad um Staidéar a dhéanamh ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann ar aghaidh ag mealladh síntiús agus tabhartas suntasach ó chomhlachtaí poiblí agus ó dhaoine príobháideacha chun a chuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Labhair comhaltaí na Roinne go minic sa bhaile agus ar fud na hEorpa. Labhair deichniúr cainteoirí ar chuireadh ó lasmuigh d'Ollscoil Mhá Nuad ag sraith seimineár na roinne sa bhliain acadúil 2017/18. Bhí an tsraith comhdhálacha agus na himeachtaí eile a d'eagraigh comhaltaí na Roinne lasmuigh agus laistigh de Mhá Nuad chomh tábhachtach céanna.

Maidir le comhdhálacha a tionóladh i Má Nuad, ba cheart an chomhdháil “*Europe, Maritime Security and Small Navies*” a tionóladh i mí Eanáir 2018 a lua agus an chomhdháil dar teideal “*Cultures of Victory and Victorious Societies in the 20th Century*” (Samhain 2017), a d'eagraigh an Dr John Paul Newman, ag ar thug an tOllamh John Horne (TCD) an spreagaitheasc agus an díospóireacht phainéil “*Commemorating the 100th Anniversary of Votes for Women*” (Bealtaine 2018), a d'eagraigh an tOllamh Marian Lyons agus an Dr Jennifer Redmond. Lasmuigh de Mhá Nuad, buaicphointe amháin ba ea an chomhdháil a d'eagraigh an Dr Alison Fitzgerald ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, dar teideal “*Silver in Georgian Ireland*” (Bealtaine 2018). Bhí baint ag Cumann Seoirseach na hÉireann léi agus mhaoinigh an Paul Mellon Centre for Studies in British Art í. Ceann eile ba ea an Chomhdháil dar teideal “*Reformation 500,*” a d'eagraigh an tOllamh Marian Lyons agus a thug Cumann Staire na gCaitliceach agus Cumann Staire Eaglais na hÉireann le chéile agus a bhí ar siúl in Ard-Eaglais Chríost agus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2017).

I mí an Mheithimh 2018, bhí an Dr David Murphy ina Léachtóir Cuartaíochta ag Acadamh Míleata na hAfraice Theas – ag tógáil ar na naisc a bhí ann cheana féin idir an Lárionad um Stair Mhíleata agus Staidéar Straitéiseach agus bunaíocht chosanta na hAfraice Theas – agus toghadh é freisin, an mhí chéanna, mar Chomhalta den Chumann Ríoga Staire.

Rinneadh toradh an taighde a rinne comhaltaí na roinne a scaipeadh ar bhealaí éagsúla eile, lena n-áirítear dhá thaispeántas speisialta a tionóladh san Ollscoil. Bhí “*On Active Service: Maynooth College, Chaplains & the Anti-Conscription Crisis*” mar theideal ar an gcéad cheann díobh sin. Cuireadh tús leis ar an 18 Aibreán 2018 agus ba í an tOllamh Marian Lyons agus Barbara McCormack, ó Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne agus atá ina mac léinn dochtúireachta sa Roinn a rinne an taispeántas a choimeád. Fuair an t-imeacht sin tacaíocht ó Choiste Cuimhneachán Ollscoil Mhá Nuad. Idir an dá linn, rinne an Lárionad um Staidéar ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann óstáil ar thaispeántas eile, dar teideal “*The Country House Revived.*” Fuair an taispeántas sin tacaíocht ó Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad agus bhí sé ar siúl ó Aibreán go Bealtaine 2018.



‘On Active Service’: Maynooth College, Chaplains & the Anti-Conscription Crisis

NUATHEANGACHA, LITRÍOCHTAÍ AGUS CULTÚIR

Bhí 59 foilseachán (lena n-áirítear 20 cur i láthair ag comhdhálacha) san aschur taighde a bhí ag Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr in 2017. Ina measc sin bhí dhá mhonagraf, foilseachán comhdhála amháin a cuireadh in eagar, eagrán irisí amháin a cuireadh in eagar, 12 fhoilseachán phiarmheasúnaithe in irisí, 10 gcaibidil i leabhair, 7 n-alt léirmheasa, 3 alt agus alt irisleabhair amháin. Áirítear foilsitheoirí cáiliúla amhail Routledge ina measc, agus foilsíodh roinnt de na hailt phiarmheasúnaithe in irisí mór le rá, amhail ‘*German Life and Letters,*’ ‘*Journal of Romance Studies,*’ ‘*Journal of European Studies*’ agus ‘*Modern Language Review.*’ Foilsíodh ailt eile in irisí piarmheasúnaithe a bhfuil an-mheas orhu, amhail ‘*Wirkendes Wort*’ nó ‘*Acta Germanica.*’

I measc na bhfoilseachán in irisí mór le rá bhí: *Dementia narratives in contemporary German women’s writing*, leis an Dr Valerie Heffernan (*Journal of Romance Studies*); *Retrospective and futuristic idealization: Defining German coloniality after the loss of empire*, leis an Ollamh Florian Krobb (*Journal of European Studies*); agus *German Life and Letters: Von uns aus betrachtet – eben verrückt! Louise von Coburg, profligacy*, agus feachtas Felix Salten ar son comhdhearcadh sibhialta (*German Life and Letters*), leis an Ollamh Krobb freisin.



German Life and Letters

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

STAIDEÁR AR NA MEÁIN

Tá réimse leathan disciplíní a bhfuil baint acu leis an mórthábhacht a bhaineann leis na meáin i ngach gné den tsochaí chomhaimseartha san áireamh sa taighde a dhéantar sa Roinn Staidéar ar na Meáin. Cumhdaíonn an taighde réimse leathan de thopaicí taighde bunaithe amhail scannánaíocht, staidéar ar an raidió agus ar an teilifís, inscne agus na meáin, eacnamaíocht pholaitiúil, tionscail chruthaitheacha, stair chultúrtha agus na meán, agus polaitíocht chine agus iriseoireacht. Tá an roinn tiomanta do thaighde a dhéanamh ar thopaicí na linne, ar thopaicí atá ag treohtáil agus ar thopaicí atá ag teacht chun cinn, amhail suiteáin ealaíne idirghníomhacha, ardáin na meán sóisialta, an chathair trí mheán, scríbhneoireacht dhigiteach agus iardhaonnachas. D'fhoilsigh comhaltá na Roinne Staidéar ar na Meáin leabhar amháin, cúig chaibidil leabhair agus deich gcinn d'ailt phiarmheasúnaithe in 2017.

Sampla tábhachtach den rannpháirtíocht sheachtrach atá ar siúl ag an Roinn Staidéar ar na Meáin is ea obair an Dr Anne O'Brien maidir leis an gclár um monatóireacht na meán ar a dtugtar *Headline*, a bhaineann le tuairiscí ar fhéinmharú agus ar mheabhairshláinte. Chuir an tuarascáil ón tionscadal bonn eolais faoi straitéis taighde na gníomhaireachta náisiúnta do 2019. Chomh maith leis sin, déanfaidh *Headline* siompóisiam bunaithe ar an taighde a óstáil ag Comhdháil Dhomhanda an Chumainn Idirnáisiúnta um Fhéinmharú a Chosc i nDoire i mí Mheán Fómhair 2019.

Rinne an Dr Gavan Titley taighde ar an oideachas idirchultúrtha in aois an phobalachais agus san aois 'iarfhírinne.' Ba í an Stiúrthóireacht don Óige agus don tSaoránacht de chuid Chomhairle na hEorpa a choimisiúnaigh an taighde. Bhain an tionscadal le hathbheithniú a dhéanamh ar na tuiscintí agus ar na cleachtais atá chun tosaigh san fhoghlaim idirchultúrtha sa chomhthéacs sochpholaitiúil ó na 1970idí luatha i leith agus scrúdú a dhéanamh ar an réimse i dtaca le dúshláin an lae inniu. Bhí a thuarascáil ón tionscadal mar bhonn le cruinniú comhairliúcháin a tionóladh sa Lárionad Eorpach don Óige, i mBúdaipeist i mí na Samhna 2018, agus foilseofar í in 2019.



An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Josepha Madigan TD, le stiúrthóir an IFI, Ross Keane agus an tOllamh Pilib Ó Nualláin ag an seoldh d'Institiúid Scannán na hÉireann @ Ollscoil Mhá Nuad

Mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Ollscoil Mhá Nuad agus Institiúid Scannán na hÉireann (IFI) osclaíodh Ionad Taighde agus Caomhnaithe nua saincheaptha in 2018 ar an gcampas thuaidh i Má Nuad. D'oscail an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Josepha Madigan T.D., Cartlann Scannán na hÉireann IFI @Ollscoil Mhá Nuad i mí an Mhárta 2018. Ba iad Institiúid Scannán na hÉireann mar aon le hOllscoil Mhá Nuad agus a príomh-chomhpháirtithe, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bord Scannán na hÉireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann a mhaoinigh an tionscadal.

Tá 120 méadar cearnach (1,300 troigh cearnach) de spás taisce atá insocraithe de réir aeráide sa tsaoráid nua chun cuidiú le cuid den bhailiúchán ollmhór de 30,000 canna scannán a théann siar go dtí 1897 atá ag Cartlann Scannán na hÉireann an IFI a choinneáil. Ceadóidh an tIonad don IFI a chinntiú go leanfaidh na glúnta atá le teacht de bheith ag baint taitneamh as oidhreachta a bhaineann le hiomhá ghluaisteach na hÉireann agus de bheith ag foghlaim uaithe.

Tá Cartlann Scannán na hÉireann IFI mar choimeádaí ar cheann de na hacmhainní is iontaí atá ag Éirinn – scannáin ár náisiúin. Cuimsíonn bailiúchán an IFI breis agus céad bliain de scéalta ón saol laethúil chomh maith leis na héachtaí móra a bhain scannánóirí Éireannacha amach ar an stáitse domhanda. Insíonn an t-ábhar seo ar fad le chéile scéal ealaíne, sóisialta agus polaitíochta na hÉireann le céad bliain anuas chomh maith le bheith ina thaifead ar chultúr scannánaíochta na hÉireann. Déanfar scannáin le stiúrthóirí ar nós John Huston, Neil Jordan, Jim Sheridan, Lenny Abrahamson, Mary McGuckian, and Alan Parker i measc mórán eile a stóráil ag an tsaoráid mar chuid de bhailiúchán na hInstitiúide, chomh maith le líon mór de scannáin amaitéaraigh ón taisclann ollmhór atá i gCartlann an IFI.

Tá an Ollscoil agus an IFI tar éis tús a chur le comhpháirtíocht acadúil nua ina ndéantar an chartlann a úsáid mar áis teagaisc agus taighde. Tá deis ag mic léinn ar chúrsa Máistreachta sna Meáin Chriticiúla agus Chruthaitheacha in Ollscoil Mhá Nuad modúl i gCartlann na Meán a ghlacadh, ar modúl é atá á theagasc i gcomhar ag Kasandra O'Connell ón IFI, an Dr Denis Condon agus an tOllamh Maria Pramaggiore as Má Nuad, atá ina Comhalta de Chomhairle an IFI freisin.

Bhí an méid seo le rá ag James Hickey, Príomhfheidhmeannach Bhord Scannán na hÉireann "Tá an-áthas ar Bhord Scannán na hÉireann tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo. Tá mórthábhacht ag baint leis an gCartlann maidir le stair scáileáin na hÉireann a bhailiú, a chaomhnú agus a dhóiciméadú. Cinnteoidh an Lárionad nua um Chartlann a Chaomhnú agus um Thaighde go mbeidh oidhreachta scannán na hÉireann slán anois agus go mbeidh fail uirthi ar feadh blianta fada amach anseo."

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

CEOL

Léiríonn an taighde i Roinn an Cheoil an forleithhead agus an éagsúlacht shaibhir atá sa disciplín. Cuimsítear ann ceoleolaíocht, cumadóireacht agus teicneolaíocht an cheoil agus trasnaíonn sé na teorainneacha idir ealaín agus eolaíocht, idir teoiric agus cleachtas. Lean an Roinn ar aghaidh ag neartú a próifíle go suntasach in 2017 le réimse éagsúil aschur, for-rochtain, óstáil, gnóthú deontas, agus rannpháirtíocht sheachtrach. Bhain beirt mhac léinn PhD a gcuid céimeanna amach ón roinn in 2017/18.

In 2017, tháinig taighdeoirí sa Roinn trí mhonagraf agus imleabhar amháin a cuireadh in eagar. Téacsleabhar tábhachtach do theagascóirí agus do mhic léinn i bpróiseáil comharthaí digiteacha is ea *Computer Music Instruments: Foundations, Design and Development* leis an Ollamh Victor Lazzarini (léiríonn an mhéadracht go ndearnadh 4,000 cóip de a íoslódáil i bhformáid ríomhleabhair go dtí seo). Rinne *Music and Letters* cur síos air mar ‘shampla iontach den mhéid is féidir le staidéar ar stiúrthóirí agus ar stiúrthóireacht a bhaint amach...a chuireann go suntasach leis an léann i dtaca le hoidhreacht cheoil na Breataine,’ rinne an *Nineteenth-Century Music Review* cur síos air mar ‘shuirbhé cumasach’ agus rinne an *English Historical Review* cur síos air mar ‘ábhar luachmhar,’ tugann *Conductors in Britain c. 1870-1914: Wielding the Baton at the Height of Empire* leis an Ollamh Fiona M. Palmer cuntas stairiúil agus criticiúil ar phroifisiúnú na stiúrthóireachta in áit mhargaidh na Breataine. In *The Furrow*, moladh mar ‘staidéar thar a bheith suimiúil’ *The Masses of Seán and Peadar Ó Riada: Explorations in Vernacular Chant*, leis an Dr John O’Keefe, an chéad iniúchadh léannta ar bhailiúchán suntasach ceoil ina bhfuil ‘castacht na tráchtairachta agus na scoláireachta, amhail gach léiriú maith ealaíne, folaithe go cumasach agus go neamhphostúil.’ Chuir an tOllamh Lorraine Byrne Bodley an cnuasach *Music in Goethe’s Faust: Goethe’s Faust in Music*, in eagar, cnuasach a ndearnadh achoimre air mar ‘imleabhar atá thar a bheith spéisiúil’ in *The Journal of European Studies* agus rinne *Notes* cur síos air mar ‘bhailiúchán luachmhar aistí.’

In 2017, tháinig taighdeoirí sa Roinn deich gcinn de chaibidlí a tháinig ó fhoilsitheoirí idirnáisiúnta mór le rá lena n-áirítear Routledge, Boydell Press, agus príomhfhoilsitheoir Éireannach, Four Courts Press. Chuir an tOllamh Byrne Bodley trí chaibidil ar fáil do *Music in Goethe’s Faust: Goethe’s Faust in Music* chomh maith le caibidil in *A Musical Offering: Essays in Honour of Gerard Gillen*, ina bhfuil caibidil leis an Dr Adrian Scahill, ina ndéantar athbhreithniú ar áit an cheoil thraidisiúnta laistigh den Eaglais Chaitliceach. In *Back from the Dead: Kubrick, Music and the Auteur* leis an Ollamh Christopher Morris, déantar athmheasúnú ar an údarthacht sa scór do *Barry Lyndon Kubrick*, agus in *Towards a Gradus ad Parnassum for Computer Music* leis an Ollamh Lazzarini déantar iniúchadh ar an nuálaíocht oideolaíoch sa réimse a bhaineann le teicneolaíocht an cheoil.

D’fhoilsigh taighdeoirí ón roinn cúig cinn d’ailt phiarmheasúnaithe agus foilsíodh iad ar fad in irisí mór le rá idirnáisiúnta. In alt in *Music and Letters (Oxford Journals)*, rinne an Dr Estelle Murphy iniúchadh ar na himpleachtaí a bhain leis an tsainaithe a rinne sí ar údar lámhscríbhinní ceoil ón ochtú haois déag, nach raibh údar luaite leo roimhe sin nó nár aithníodh i gceart, agus sa *Cambridge Opera Journal (Cambridge University Press)*, rinne an Dr Antonio Cascelli iniúchadh ar an mbealach a bhféadfadh saothar le Monteverdi ár dtuiscint ar chultúr na Veinése sa seachtú haois déag a shaibhriú. Bhí an tOllamh Victor Lazzarini ina údar ar alt in *Applied Sciences (MDPI)* ina ndéantar iniúchadh ar fhorbairtí nua sa teanga ríomhchláraithe CSound agus bhí sé ina chomhúdar ar ailt in *Organised Sound (Cambridge University Press)* agus *Musica Theorica*.

Rinneadh an chéad taibhiú de Amhrán Fheilimidh leis an gcumadóir an Dr Ryan Molloy a choimisiúnaigh an Dr Sarah Watts (Ollscoil Sheffield) ag ClarinFest an Chumainn Idirnáisiúnta Clairinéad in Orlando, Florida, agus roghnaigh Cumann na gCumadóirí Éireannacha *Between the Tunes* chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag ISCM 2017 *World New Music Days* in Vancouver, Ceanada. Rinneadh léirithe mór le rá ar roinnt saothair eile lena n-áirítear a choinséartó veidhlín (arna chur i láthair ag Ceolfhoireann Uladh agus a craoladh ar BBC Raidió 3), agus turas náisiúnta Inisfail (Alexander Bernstein, pianó). Chuir an cumadóir agus an pianódóir, an Dr Martin O’Leary, clár ceoil pianó uile-Éireannach, lena n-áirítear a Chaoineadh Malachy McGeeny féin agus *For Morton O’Leary* leis an Dr Molloy i láthair ag Ollscoil Rikkyo, Tóiceo.



An Dr Ryan Molloy, Roinn an Cheoil

Cuireadh *Ashes to Ashes* (Iniúchadh ar Uirlisí Sárdheacra) leis an Dr Gordon Delap ar taispeáint i samhradh na bliana 2017 ag Gailearaí na hEolaíochta, Baile Átha Cliath. Tá sintéis fuaimeanna ann ó uirlisí fíorúla atá déanta as úráiniam. Cruthaíodh fuaimeanna le teicneolaíocht samhaltaithe fisicí a d’fhorbair an tionscadal *Next Generation Sound Synthesis (NESS)*, tionscadal atá á mhaoiniú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde ag Ollscoil Dhún Éideann.

DÁMH NA NEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

CEOL AR LEAN

Le linn 2017, bhí baint ag ceathrar Comhaltaí Iardhochtúireachta de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn le Roinn an Cheoil. Chuir na Dr Francesca Placanica críoch lena tionscadal dhá bhliain bunaithe ar chleachtas dar teideal *En-Gendering Monodrama* (meantóir: An tOllamh Christopher Morris) leis an siompóisiam idirnáisiúnta ‘*Embodied Monologues*,’ arna óstáil ag an Roinn (Márta 2017). Idir an dá linn, thosaigh an Dr Candida Mantica ar a dara bliain dá tionscadal *école-mosaïque* ‘*Gaetano Donizetti*’ (2016-18, meantóir, an Dr Antonio Cascelli), thosaigh an Dr Laura Anderson (*Disruptive Soundscapes: Music and Sound Design in French Post-War Cinema, 2017-19*, meantóir, an tOllamh Christopher Morris) agus an Dr Anja Bunzel (*Johanna Kinkel’s Lieder Compositions as a Socio-Political and Cultural Mirror of Her Time, 2017-18*, meantóir, an tOllamh Byrne Bodley) comhaltachtaí i mí Dheireadh Fómhair 2017.

I mí Feabhra 2017, rinne an Roinn óstáil ar chomhdháil bhliantúil Éireannach na Comhairle Idirnáisiúnta don Cheol Traidisiúnta (ICTM). I mí an Mhárta 2017, rinne an Roinn óstáil ar an siompóisiam idirnáisiúnta ‘*Embodied Monologues*,’ a d’eagraigh an Dr Francesca Placanica mar chuid dá Comhaltacht Iardhochtúireachta IRC. I mí na Samhna 2017, rinne an Roinn óstáil ar an siompóisiam ‘*Live Cinema and its Audiences*,’ a d’eagraigh Christopher Morris agus inar ghlac an Dr Sarah Atkinson (King’s College Londain) páirt.

FEALSÚNACHT

In 2017, d’fhoilsigh comhaltaí Roinn na Fealsúnachta deich gcinn d’ailt mheasúnaithe in irisí nó caibidlí leabhair, rinne siad comheagarthóireacht ar leabhar agus bhí siad ina n-údair ar 12 iontráil i bhfoclóir.

Tháinig an Dr Mette Lebech roinnt iontrálacha don *Edith Stein-Lexikon*, foclóir coincheap atá lárnach in obair Stein agus a d’fhoilsigh Herder sa Ghearmáin chun dul le saothair iomlána an fhealsaimh. Ina theannta sin, bhí an Dr Lebech mar údar ar roinnt ailt iomlána ar Stein i gcomhair foilseachán i dtír cinn de theangacha éagsúla: Béarla, Gearmáinis, agus Polainnis. Ar deireadh, i gcomhar leis an Dr James Smith, (Ph.D., Má Nuad, 2013), d’fhoilsigh sí imleabhar d’aistriúcháin Bhéarla ar théacsanna eiticiúla leis an bhfeiniméaneolaí Adolf Reinach.

D’fhoilsigh an Dr Amos Edelheit trí cinn d’ailt ar fhealsúnacht na hAthbheochana, iad ar fad in ionaid seanbhunaithe. Bhí an píosa a scríobh sé ar ‘fhás an léinn chlasaiceigh’ le linn na hAthbheochana le feiceáil sa *Routledge Companion to Sixteenth-Century Philosophy*, leabhar a bhfuil seans maith go bhféachfar air mar lámhleabhar caihdeánach sa réimse.

In 2017, d’fhoilsigh an Dr Cyril McDonnell alt fada in *Brentano-Studien*, iris idirnáisiúnta a dhíríonn ar staidéar a dhéanamh ar smaointe Franz Brentano. Díríonn an Dr McDonnell cuid mhaith dá chuid taighde ar réamhtheachtaithe agus ar fhoinsí na feiniméaneolaíochta san fhichiú haois, go háirithe Husserl agus Heidegger. Sa chomhthéacs sin, bhí Franz Brentano ag feidhmiú mar chainéal tábhachtach chun ábhar scolaíochta a thabhairt chuig an ngluaiseacht feiniméaneolaíoch.

I mí an Mheithimh 2017, d’eagraigh an Dr Mette Lebech agus an Dr Gaven Kerr ceardlann leath lae ar ‘eisint’ ag Ollscoil Mhá Nuad agus i mí na Nollag 2017 d’eagraigh an Dr Lebech comhdháil aon lae ag Ollscoil Mhá Nuad ar ‘*The Idea, History and Institutional Foundations of Science*.’



Ceardlann den teideal ‘The Idea, History and Institutional Foundations of Science.’

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

BITHEOLAÍOCHT

In 2017, rinne Roinn na Bitheolaíochta dul chun cinn suntasach agus í ag leanúint de bheith ag forbairt cláir taighde a bhí nuálach agus iomaíocht i raon de réimsí tábhachtacha in eolaíochtaí na beatha. I measc na ngníomhaíochtaí taighde a bhí ar siúl ag an bhfoireann de 24 duine bhí idir staidéir bhunúsacha agus rannpháirtíocht láidir le hearnáil na tionsclaíochta sna réimsí a bhaineann le himdhíoneolaíocht, na heolaíochtaí bithleighis, Micribitheolaíocht Mhóilíneach agus Mhíochaine, Bithfhaisnéisíocht agus Bitheolaíocht Éabhlóideach, Eolaíochtaí Plandaí Móilíneacha agus Éiceolaíocht. Le linn 2017, d'fhoilsigh an roinn 58 alt bunaidh, sé cinn d'aitheathbhreithnithe agus ocht gcinn de chaibidlí leabhair. San áireamh sna staidéir sin bhí foilseacháin in irisí mór le rá lena n-áirítear *Nature Neuroscience*; *Nature Ecology and Evolution*; *Cell Death and Differentiation*; *Cellular Microbiology*; agus *Journal of Clinical Investigation Insights*.

D'éirigh go han-mhaith freisin le Roinn na Bitheolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad maidir le maoiniú seachtrach a aimsiú i gcomhair taighde. Bronnadh 20 deontas in 2017/18 ar chostas iomlán €4.1M. Is díol suntasach gur éirigh leis an Ollamh Paul Moynagh dámhachtain Taighdeora de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhaint amach ar chostas díreach de €2.1M; d'éirigh leis an Dr Fiona Walsh dámhachtain a bhaint amach ó Chomhthionscnaimh Chláirúcháin AE maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach ar chostas díreach de €250,339; d'éirigh leis an Dr Jim Carolan maoiniú a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar chostas díreach de €142,700. Bhí an-rath ar Roinn na Bitheolaíochta chomh maith maidir le sé cinn de Scoláireachtaí Iarchéime agus de Chomhaltachtaí Iardhoctúireachta a fháil ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC). Bhain naonúr mac léinn PhD agus beirt mhac léinn don mháistreacht trí thaighde a gcéimeanna amach ón roinn in 2017/18.



An Dr Karen English, Roinn na Bitheolaíochta agus an Institiúid Taighde um Shláinte an Duine

I mí an Mhárta 2018, bronnadh €400k ar an Dr Karen English ó Roinn na Bitheolaíochta agus ón Institiúid um Shláinte an Duine do cheann de na chéad deontais tosaitheora Laureate ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, dar teideal 'Investigating the influence of MIF on mesenchymal stem cell therapeutic efficacy in allergic asthma.' Bíonn iomaíocht ghéar i gceist do ghradaim Laureate, agus is clár tábhachtach náisiúnta iad, mar go maoiníonn siad taighde den scoth faoi threoir taighdeora ar fud na ndisciplíní ar fad. Beidh taighde an Dr English dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar chuir chuige nuálacha maidir le teiripí ceallacha chun cóir leighis a chur ar dhaoine atá

buailte ag drochphlúchadh, ar galar é atá ag cur as do thart ar 300 milliún duine ar fud an domhain agus a bhfaigheann 250,000 duine bás dá bharr in aghaidh na bliana. Sna Stáit Aontaithe, meastar go gcosnaíonn an galar breis agus \$18 billiún san iomlán in aghaidh na bliana. Níl na cóireálacha caighdeánacha éifeachtach i gcás daoine a bhfuil drochphlúchadh ag cur as dóibh (suas le 15% díobh siúd atá ag fulaingt de bharr plúchadh), ar daoine iad a mbuaileann drochbhabhtai níos minice iad agus atá i mbaol go dtarlódh mórchliseadh riospráide dóibh agus go bhfaighidh siad bás.

B'éacht suntasach a bhí ann nuair a rinne foireann eolaithe idirnáisiúnta, cúigear taighdeoirí as Roinn na Bitheolaíochta ina measc, seicheamhú agus anailís ar ghéanóm an orgánaigh bheo is mó ar domhan, orgánach fungasach ollmhór marfach ar a dtugtar *Armillaria ostoyae*. Ceaptar go bhfuil an muisiriún na mílte bliain d'aois agus go gclúdaíonn le ceantar 10km² in Oregon sna Stáit Aontaithe. Tá speiceas *Armillaria* ar cheann de na pataiginí fungasacha is díobhálaí ar domhan, agus tá sé mar chúis le galar lobhaidh fréimhe i mbreis agus 500 speiceas plandaí, agus cuireann sé le dífhoraísiú agus le hathrú aeráide.

Rinne an foireann eolaithe, an Dr David Fitzpatrick, an tOllamh Sean Doyle agus na mic léinn PhD Nicola Moloney, Eoin O'Connor agus Rose Waldron ina measc, chomh maith le taighdeoirí as Acadamh Eolaíochtaí na hUngáire, Comhinstiúid Ghéanóm Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe (DOE JGI) seicheamhú ar ghéanóm iomlán na gceithre speiceas *Armillaria* chun tuiscint a fháil ar an mbealach a bhfásann speiceas *Armillaria* chomh hollmhór sin, na modhanna a úsáideann sé chun bia a lorg agus conas a d'éirigh leis a bheith chomh cumasach sin ag marú a chuid óstphlandaí. Foilsíodh an taighde a rinne an foireann ar na meicníochtaí géiniteacha a bhaineann le tréithe uathúla na n-orgánach neamhghnách seo san iris mór le rá *Nature Ecology and Evolution*.

Éacht eile ba ea an dul chun cinn suntasach a rinne foireann idirnáisiúnta taighdeoirí a bhí á dtreorú ag an Ollamh Paul Moynagh, Ceannasaí Roinn na Bitheolaíochta agus Stiúrthóir na hInstitiúide um Thaighde ar Shláinte an Duine in Ollscoil Mhá Nuad, maidir le tuiscint ar fháil ar ghalair athlastacha amhail seipsis, galar Crohn, soiríais agus scléaróis iolrach (MS) trí phróitéin a bhféadfaí leas teiripeach a bhaint aisti a shainaithint. D'aimsigh na heolaithe próitéin sa chorp a chuireann go mór le hathlasadh. Sochtann bac na próitéine seo an t-athlasadh agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé cur chuige nua a sholáthar mar chóir leighis do ghalair athlastacha.

Foilsíodh na torthaí in *Nature Communications* i mí Aibreáin 2018. Ba í an dámhachtain do Chlár Taighdeora a fuair an tOllamh Moynagh ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a mhaoinigh an tionscadal taighde as ar eascair an fhionnachtain. Ina theannta sin, bhronn SFI maoiniú breise de €2.1M ar an Ollamh Moynagh faoin gClár Taighdeora in 2017 chun bealaigh nuálacha rialála maidir le hathlasadh a aimsiú agus leas a bhaint astu ar mhaithe le tairbhe theiripeach.

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

BITHEOLAÍOCHT AR LEAN

Tá Roinn na Bitheolaíochta gníomhach i dtionscadail taighde le Grúpaí Tacaíochta d'Othair ag Cumann Tuismitheoirí Diaibéitis Ospidéal Mhuire na Leanaí agus grúpaí othar Chumann Stáidéir Otrachta na hÉireann. Rinneadh cur síos ar an gcaoi a gcuireann otracht óige as go mór do chumas an choirp galair amhail diaibéiteas chineál 2 agus ailsi iomadúla a chomhrac i bpáipéar a foilsíodh in *Journal of Clinical Investigations Insight* i mí na Nollag 2017.

Bhí an Dr Andrew Hogan, as Roinn na Bitheolaíochta agus as an Institiúid um Shláinte an Duine ina chomhúdar ar an bpáipéar in éineacht leis an Ollamh Donal O'Shea (an tIonad um Thaighde ar Aimhréidh Dhiaibéitis i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) atá mar cheannasaí náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le hotracht. Ba í an Dr Laura M. Tobin, a chríochnaigh a PhD san Imdhíoneolaíocht in Ollscoil Mhá Nuad, a bhí mar chéad údar ar an staidéar, ar staidéar é a bhí á mhaoiniú ag Ionad Taighde Náisiúnta na Leanaí (NCRC) agus ag Fondúireacht Taighde Míochaine na Leanaí (CMRF).

"Is eol dúinn go bhfuil otracht i ndaoine fásta mar chúis le galair athlastacha ainsealacha amhail aise agus diaibéiteas mar gheall ar athruithe ar a gcóras imdhíonachta. Bhíomar ag iarraidh a fheiceáil ar tharla na hathruithe céanna i leanaí murtallacha. Rinne ár bhfoireann taighde staidéar ar ghrúpa ina raibh 100 leanbh a bhí idir 6 – 17 mbliana d'aois in Ospidéal Mhuire na Leanaí – 50 acu a bhí laistigh de réimsí meáchain a bhí sláintiúil agus 50 a bhí murtallach. Fuair eamar amach go raibh laghdú suntasach tagtha ar mhíochíocht na gceall Scriosta Nádúrtha sa cholainn i gcás leanaí murtallacha," arsa an Dr Hogan.

Tá 39 mac léinn PhD á n-óstáil ag an roinn faoi láthair, chomh maith le deichniúr taighdeoirí iardhoctúireachta. Bhain seachtar mac léinn Ph.D. agus beirt mhac léinn M.Sc céimeanna amach ón roinn in 2017/2018 agus chuir seisear mac léinn nua tús lena stáidéar taighde.

Rinne an Dr Fiona Walsh cruinniú faoi Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Aon Sláinte Amháin a eagrú agus a óstáil ag Ollscoil Mhá Nuad. Bhí Fiona ina comheagraí freisin ag cruinniú an earraigh den Chumann Micribitheolaíochta i nDún Éideann, an Ríocht Aontaithe i mí Aibreáin 2017.

Bronnadh Duais na hOllscoile do Rannpháirtíocht le hEarnáil na Tionsclaíochta ar an Dr Karen English de bharr a cuid rannpháirtíochta le cuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear Sigmoid Pharma agus ReGenesys. Tá taighde Karen dírithe go príomha ar aistriú teiripí ceallacha chun cóir leighis a chur ar neamhoird athlastacha.

CEIMIC

Tá 13 phríomhthaighdeoir ag obair i Roinn na Ceimice in Ollscoil Mhá Nuad agus iad ag tosú amach ina ngairmeacha nó seanbhunaithe agus dea-theist orthu ar fud an domhain sna réimsí a bhaineann le ceimic shintéiseach (ceimic mhíochaineach, neamhorgánach agus miotail sa mhíochaine), agus ceimic fhisiceach/anailíseach (a chumhdaíonn réaltcheimic, eolaíocht na n-ábhar, bithfhisic agus leictrea-anailís).



Bhí taighde curtha i gcrích ag an Dr Elisa Fadda le feiscint ar chlúdach *Physical Chemistry Chemical Physics* sa bhliain 2017

I dtaca le haschur foilseachán, bliain tháirgiúil ba ea 2017. Tháirg príomhthaighdeoirí sa roinn 31 alt taighde, caibidil leabhair amháin agus alt irise amháin. Idir 2015–2017, tá 43.5% d'fhoilseachán na roinne sa 10% is mó le rá de na hirísí, agus scríobhadh 55% d'fhoilseachán na roinne i gcomhar le heolaithe idirnáisiúnta. Tá 24% d'alt taighde na roinne sa 10% is mó a luaitear ar domhan. Bhí taighde a rinne an Dr Elisa Fadda ar chlúdach *Physical Chemistry Chemical Physics* in 2017.

Foilseachán suntasach ó fhoireann an Ollaimh John Lowry agus a chomhghleacaithe ag Lárionad Lilly don Néareolaíocht Chognaíoch agus Ollscoil Bristol ba ea an t-alt a foilsíodh in *Cell Reports* i mí Eanáir 2017 agus a bhailigh luanna suntasacha. Chuaigh an páipéar i ngleic le huainiú mionsonraithe agus an suíomh san inchinn ina scaoiltear aicéitiolcoilín agus an tábhacht a bhaineann leis i dtaca le feidhmeanna iompraíochta. Léiríodh sa pháipéar go bhfuil baint ag scaoileadh comhordaithe aicéitiolcoilín idir an choirtéis réamhthosaigh agus an hipeacampas le luach saothair agus le griogadh ar scálaí ama sonracha, agus go gcuireann sé meicníochtaí déacha ar fáil le tacú le sealbhú iompraíochta foghlamtha agus tasc cognaíoch á dhéanamh.

D'éirigh leis an roinn €700K i maoiniú taighde a fháil in 2017/2018 agus is díol suntas é gur thionscain sí scéim comh-mhaoinithe tionsclaíochta nua leis an Oifig Stáidéir Iarchéime in Ollscoil Mhá Nuad. Bhunaigh an Dr Jennifer McManus scoláireacht Ph.D. atá á comh-mhaoiniú ag Medimmune, Cambridge, an Ríocht Aontaithe chun scrúdú a dhéanamh ar uath-thiomsú próitéine agus peiptíde. Ag labhairt dó ar an gcomhpháirtíocht, bhí an méid seo le rá ag Shahid Uddin ó Medimmune "Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an gcomhoibriú leis an Dr Jennifer McManus agus le foireann Mhá Nuad do MedImmune. De réir mar a éagsúlaíonn punann MedImmune is amhlaidh freisin do na dúshláin a bhaineann leis na táirgí bitheolaíochta sin a fhorbairt Tá feidhmchlár uathúil ag an bhfoireann i Má Nuad atá tairbheach do MedImmune agus a chuirfidh ar chumas na n-eolaithe in MedImmune fadhbanna a réiteach agus cógais ardluacha a sholáthar."

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Fuair an Dr Eithne Dempsey maoiniú tríd an Scéim Taighde Iarchéime bunaithe ar Fhostaíocht de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn le Glanbia na hÉireann maidir le *“Rapid Electronic Sensor Technologies Applied to Fermentation Process Monitoring.”* Fuair an Dr John Stephens Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann le Dairygold maidir le *“Novel approach to the development of food products for pre-diabetics and those with impaired glucose tolerance (IGT).”*

D'éirigh le roinnt taighdeoirí ceimice duaiseanna a bhaint amach in 2017/2018. Ina measc sin bhí duais an Dr David Browne ó Cheimiceoirí Neamhorgánacha na hÉireann a fuair an Dr Malachy McCann (féach rannán na nduaiseanna). D'óstáil an Roinn an tOllamh Neer Asherie ó Ollscoil Yeshiva i Nua-Eabhrac mar Scoláire Oiric Cuartaíochta. Ina theannta sin, d'óstáil an roinn an 9ú Comhdháil i gcomhair Eolaíochtaí Anailíseacha in Éirinn 2018 agus chuir sí oiliúint ar fáil do 12 mac léinn Ph.D. mar chuid de RAMP, Líonra Oiliúna Tosaigh Fhís 2020 i mí na Bealtaine 2018. Bhain cúigear mac léinn Ph.D. agus beirt mhac léinn M.Sc céimeanna amach ón roinn in 2017/2018 agus chuir seisear mac léinn nua tús lena gcuid stáidéir taighde. Rinneadh taighdeoirí iardhochtúireachta amháin a óstáil. Thug an Dr Eithne Dempsey spreagaitheasc ag *“Sensors in Food and Agriculture”* in Norwich, an Ríocht Aontaithe i mí Iúil 2018.

RÍOMHEOLAÍOCHT

Tá fás suntasach tagtha ar roinn na Ríomheolaíochta le blianta beaga anuas agus tá 23 comhalta foirne inti faoi láthair agus saineolas taighde acu ar fud réimsí éagsúla lena n-áirítear anailís sonraí geospásúla, meaisín amharc agus meaisínfhoghlaim, modhanna foirmiúla don innealtóireacht bogearraí agus aisghabháil faisnéise.

Le linn 2017, d'fhoilsigh an roinn 16 pháipéar phiarmheasúnaithe in irisí, 35 páipéar comhdhála, 2 leabhar agus iad curtha in eagar agus dhá chaibidil leabhair. San áireamh sna staidéir sin bhí foilseacháin i dteidil shuntasacha mar *Optical Engineering; Transactions in GIS; Computer Science Review; Journal of Learning Analytics; IEEE Transactions on Vehicular Technology; Discrete Mathematics and Theoretical Computer Science; agus International Journal of Educational Technology in Higher Education.*

Is fiú a lua go háirithe gur bhronn an *Journal of Applied Optics* (arna fhoilsiú ag OSA – *The Optical Society*) *“Rogha an Eagarthóra”* ar an alt irise *“Space-variant video compression and processing in digital holographic microscopy sensor networks with application to potable water monitoring”* ó ghrúpa taighde an Ollaimh Tom Naughton ar an 1 Lúnasa 2018. De réir na hirise, tarraingíonn sé seo aird ar ailt a mbaineann ardcháilíocht eolaíochta leo agus a léiríonn an obair atá ar siúl i réimse faoi leith.

Bhí an Dr Peter Mooney mar chomhúdar a chuir ábhar ar fáil d'Fhoilseachán suntasach ón mBanc Domhanda dar teideal: *Global Facility for Disaster Reduction and Recovery (GFDRR) 2018*. Thug sé seo aghaidh ar thosca ratha a aithint in úsáid faisnéise tíreolaíochta sluafoinsithe sa rialtas.

Bhain mac léinn PhD amháin céim amach ón roinn in 2017/18.

Ina theannta sin, d'éirigh le Roinn na Ríomheolaíochta maoiniú seachtrach a aimsiú i gcomhair taighde. Bronnadh naoi gcinn de dheontais in 2017/18 ar chostas iomlán €4.2M. Laistigh díobh sin, bhain an Dr John McDonald (Ríomheolaíocht agus Institiúid Hamilton) dhá dheontas amach, lena n-áirítear €228k ó LERO, Lárionad Taighde Bogearraí SFI. Bhain an tOllamh Barak Pearlmutter agus an Dr James Power amach Scoláireachtaí ón gComhairle um Thaighde in Éirinn i gcomhair mic léinn iarchéime. Fuair an Dr Rosemary Monahan maoiniú ó Fháilte Éireann agus ó Fhionduireacht Eolaíochta Éireann do chomhdháil FMICS:iFM in 2018. Ba é an Dr Tim McCarthy (Ríomheolaíocht, NCG, agus Institiúid Hamilton) ba mhó a bhain deontais amach san Ollscoil nuair a d'éirigh leis trí cinn de dheontais ar luach breis agus €3.5M a bhaint amach in 2017/18. Tugadh na deontais sin don Ardán Nuálaíochta Dróin U-Flyte (SFI agus comhpháirtithe tionsclaíochta, €3.2M); mar chomh-phríomhthaighdeoir ar Dhámhachtain Taighdeora SFI faoi cheannas an Dr Brian Kelleher as Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus i gcomhar leis an Ollamh Andrew Parnell (Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí, agus Institiúid Hamilton) *“Integrating multidisciplinary geoscientific data into forecasting models to monitor and predict coastal change: Proof of concept in Dublin Bay.”*; agus tionscadal EU H2020 ERANet *“TN-ITS GO.”*



Margie McCarthy, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, John Halligan TD, Aire Stáit um Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad agus an Dr Tim McCarthy, an Lárionad Náisiúnta don Gheoiríomhaireacht agus Roinn na Ríomheolaíochta

Sa phictiúr a tógadh nuair a bhí an infheistíocht €3.2M ó SFI á fógart i mí an Mhárta 2018 chun an t-ardán nuálaíochta dróin U-Flyte bhí ceannasaí an tionscadail, an Dr Tim McCarthy, an Lárionad Náisiúnta don Gheoiríomhaireacht agus Roinn na Ríomheolaíochta, Margie McCarthy, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, John Halligan TD, Aire Stáit um Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, agus an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad.

Comhpháirtíocht Straitéiseach Taighde ar fiú €3.2M í is ea U-Flyte atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ag earnáil na tionsclaíochta agus atá lonnaithe in Ollscoil Mhá Nuad. Baineann an chomhpháirtíocht sin le hoibriú i gcomhar le comhpháirtithe ar fud earnáil na heitlíochta agus san áireamh ansin tá ionchur ó Airbus, Irelandia Aviation, Intel agus cuideachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile a bhfuil leas gníomhach maidir le forbairt a dhéanamh ar theicneolaíocht dróin agus úsáid a bhaint aisti.

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

RÍOMHEOLAÍOCHT AR LEAN

Tá lucht fáistine ag tuar go gcuirfidh teicneolaíocht dróin athrú suntasach ar ár saol laethúil go luath agus go dtiocfaidh athrú ar an mbealach a ndéanaimid earraí a sheachadadh agus a bhailiú, agus go mbeidh bealaí nua ar fáil dúinn chun monatóireacht a dhéanamh ar an domhan atá timpeall orainn agus tuiscint a fháil air, agus fiú go gcuirfear athrú ó bhonn ar sheirbhísí éigeandála dá barr. Mar sin féin, tá laincis ar úsáid drón faoi láthair de bharr easpa teicneolaíochtaí nuálacha lena áirithiú go bhféadfar dróin a fheidmiú ar bhealach sábháilte, rialaithe timpeall ar ár mbailte, ár gcathracha agus inár dtimpeallachtaí tuaithe.

Rinne Roinn na Ríomheolaíochta agus Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí méid suntasach de róbataic agus de bhonneagar AI nua a cheannach chun tacú le taighde leanúnach agus chun saotharlann róbataic i gcomhar a fhorbairt idir an Dr. John McDonald agus an Dr. Rudi Villing (Innealtóireacht Leictreonach). San áireamh sa cheannachán sin bhí Ionramhálaí Róbait Chomhoibrigh Sawyer de chuid Rethink Robotics, Ionramhálaí Róbait Soghluaste Tiago de chuid PAL, Braisle II-Aonaid Próiseála Grafaice (GPU) Domhainfhoghla, agus crua-earraí úrscothacha um réaltacht bhreisiú. Maoiníodh an trealamh sin mar chuid de Dhámhachtain Bhonneagair Taighde SFI.

Maidir le topaicí eile, ghlac grúpa taighde an Ollaimh Tom Naughton páirt i gcomórtas idirnáisiúnta um anailís ar íomhánna ar a dtugtar “HER2 Scoring Contest” in 2018, agus foilsíodh na torthaí san iris *Histopathology*. Sa chomórtas idirnáisiúnta seo, (warwick.ac.uk/fac/sci/dcs/research/tia/her2contest) bhí algartaim dhomhainfhoghla an ghrúpa in iomaíocht leo siúd ó 103 iomaitheoir ó institiúidí mór le rá amháil Ollscoil Oxford, Ollscoil Carnegie Mellon, agus IIT Guwahati. Rangaiodh na trí algartam a chuir siad isteach sa 2ú, 3ú agus 4ú háit ar chlár ceann rian na bpointí.

I mí Mheán Fómhair 2017, d’óstáil an Dr. Charles Markham, agus an tOllamh Adam Winstanley Comhdháil Meaisín Amhairc agus Próiseála Íomhánna na hÉireann (IMVIP) 2017 (imvip2017.cs.nuim.ie/), comhdháil bhliantúil Uile-Éireann Chumann Aitheanta agus Rangaithe Patrún na hÉireann (IPRCS). Mheall an comhdháil teachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc, triúr cainteoirí spreagaithe as Ollscoil Oxford, Imperial College Londain, agus Oculus Research. Ghlac tionscal íomhánna ríomhaireachta na hÉireann páirt ghníomhach sa chomhdháil agus taispeánadh an teicneolaíocht is déanaí i réimsí ó fheithiclí uathrialaitheacha agus AI leabaithe go maisíochtaí físe scannán. Ina measc siúd a rinne urraíocht ar an gcomhdháil bhí Ollscoil Mhá Nuad, FotoNation, and Movidius.

Bhí baint ag an Dr. Rosemary Monaghan, an Dr. James Power, an Dr. Kevin Casey, agus an Dr. Hao Wu leis an 14ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Mhodhanna Foirmiúla comhtháite a reáchtáil go rathúil i mí Mheán Fómhair 2018. I measc na n-urraitheoirí bhí Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Springer, EASST, Fáilte Éireann, Meet in Ireland, Ambasáid na Fraince in Éirinn agus ACM SIGLOG.

Ba í an Dr. Liadh Kelly mar eagraí, ina cáil mar chathaoirleach an chlár, ar an 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta agus Saotharlanna de chuid Chomhdháil an Fhóiraim Mheasúnaithe. Comhlacht is ea CLEF

(Comhdháil agus Saotharlanna an Fhóiraim Mheasúnaithe, ar ar tugadh an Fóram Mheasúnaithe Trasteangacha roimhe seo) arb é an príomhmhisean atá aige taighde, nuálaíocht agus forbairt ar chórais rochtana faisnéise a chur chun cinn. Tharla an ócáid seo in Avignon sa Fhrainc i mí Mheán Fómhair 2017, (clef2017.clef-initiative.eu)



Ollscoil Mhá Nuad roghnaithe chun Athsheachadán agus Acadamh Copernicus a chomhordú ar fud na hEorpa

I mí na Samhna 2017, d’fhógair an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBE) gur roghnaigh an Coimisiún Eorpach Ollscoil Mhá Nuad chun Athsheachadán agus Acadamh Copernicus a chomhordú in Éirinn. Clár de chuid an Aontais Eorpaigh is ea Copernicus atá dírithe ar sheirbhísí faisnéise Eorpacha a fhorbairt atá bunaithe ar Fhaire na Cruinne ó Shatailítí agus ar shonraí in situ (nach den spás iad) agus é mar sprioc aige cinnteoireacht straitéiseach i dtaca le hathrú aeráide a fheabhsú.

Rinneadh an fógra nuair a bhí an chéad Lá Faisnéise Copernicus riamh in Éirinn á reáchtáil ag Ollscoil Mhá Nuad, agus breis agus 220 toscaire as an earnáil phoiblí agus as earnáil na taighde agus na tionsclaíochta i láthair. Tá Ollscoil Mhá Nuad ar cheann de na lárionaid taighde is mó le rá ar domhan maidir le hathrú aeráide agus Faire na Cruinne. Ina theannta sin, cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad ionchur mar thacaíocht eolaíochta ar fáil don Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta Eolaíochta nua um Fhaire na Cruinne.

Ina chuid cainte, bhí an méid seo a leanas le rá ag an Aire Halligan, Aire Stáit um Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht agus Taighde agus Forbairt: “Tá an-áthas orm gur roghnaíodh Ollscoil Mhá Nuad chun Athsheachadán agus Acadamh Copernicus a chomhordú agus chun an Grúpa Comhairleach Náisiúnta Eolaíochta nua um Fhaire na Cruinne a óstáil. Cuideoidh bronnadh an phoist sin le feachtas a spreagadh faoin luach a bhaineann leis an deis thábhachtach in “Olltíomsú Sonraí,” atá ag forbairt in Éirinn. Táim ag moladh do mo chomhairí a gcuid ranna a spreagadh chun deiseanna a scrúdú chun gníomhaíochtaí atá bunaithe ar shonraí Fhaire na Cruinne a chur i bhfeidhm, ar sonraí iad a bhfuil fáil ag Éirinn orthu anois.”

Dúirt an Dr. Tim McCarty, ó Roinn na Ríomheolaíochta agus an Lárionad Náisiúnta don Gheoríomhaireacht, “Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do thacaíocht a thabhairt d’fhorbairt fhadtéarmach ghníomhaíochtaí Fhaire na Cruinne (EO) anseo in Éirinn trí chomhordú a dhéanamh ar Acadamh agus Athsheachadán Copernicus agus ár gclár teagaisc leathana EO san eolaíocht sonraí agus ár gclár taighde a leathnú. Tá tionchar níos mó á imirt ag Faire na Cruinne (EO) ar shaol gach duine againn le blianta beaga anuas, idir mheasúnú tapa a dhéanamh ar dhíobháil stoirme agus tacaíocht a thabhairt do bhainistíú acmhainní nádúrtha agus do chinnteoireacht i gcomhair athrú aeráide.”

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

INNEALTÓIREACTH LEICTREONACH

Bhí ochtar comhaltaí ar an bhfoireann acadúil i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonáil in 2017/18. D'fhoilsigh na comhaltaí 19 bpáipéar irise, agus 19 bpáipéar comhdhála piarmheasúnaithe, agus tá a bhformhór i bhfoilseacháin a bhfuil ardmheas orthu. Tá 328 lua tiomsaithe acu seo cheana féin (ag úsáid Publish or Perish agus Google Scholar). Ba é an ceann ón Ollamh John Ringwood agus a fhoireann sa Lárionad um Thaighde ar Fhuinneamh Aigéin ab airde a luadh.



An tOllamh John Ringwood,
Roinn na hInnealtóireachta Leictreonáil

Fuair an tOllamh John Ringwood aitheantas óna chomhpháirtithe mar chrann taca láidir don chomhar eolaíochta agus acadúil idir an Fhrainc agus Éirinn agus bronnadh Chevalier des Palmes Académiques na Fraince air, ceann de na gradaim is airde a bhronnann an tír ar acadóirí agus ar thaighdeoirí (féach rannán na nduaiseanna). Agus comhairle á cur ar fáil aige maidir le polasaí bhí an tOllamh Ringwood ag gníomhú freisin mar Chomhalta de Ghrúpa Páirtithe Leasmhara na n-athnuatán easchósta don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus bhí sé ina Bhall den Ghrúpa Maoirseachta don Choiste Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tugadh seacht gcinn de dheontais, ar fiú €380,351 san iomlán iad do sheisear taighdeoirí, rud nach léiríonn rannpháirtíocht láidir beirt Phríomhthaighdeoirí in ionaid náisiúnta SFI, atá ag lorg athnuachan maoinithe faoi láthair. Tá an tOllamh John Ringwood ina phríomhthaighdeoir in MaREI, an t-ionad um fhuinneamh aigéin, agus tá an tOllamh Ronan Farrell ina phríomhthaighdeoir in CONNECT, an t-ionad taighde teileachumarsáide.

Sa bhliain acadúil 2017/18, bhain sruth láidir mac léinn taighde a gcuid céimeanna amach, ceathrar mac léinn PhD ina measc.

Is fiú a lua freisin go raibh an tOllamh Bryan Hennelly ina chomhchathaoirleach ar chomhdháil Fhótónaic Éireann i mí Mheán Fómhair 2018, agus go ndearna an Roinn Scoláire Fulbright a óstáil, an tOllamh Miriam Lesser as Northeastern University MA, SAM.

FISIC THURGNAMHACH

D'fhoilsigh an t-ochtar príomhthaighdeoirí i Roinn na Fisice Turgnamhaí 7 n-alt irise, agus 5 pháipéar chomhdhála mheasúnaithe in 2017. Bhí taighde gníomhach ar siúl i dtaca le hOptaic Theiriheirts an Spáis, Réalteolaíocht Bhreathnaitheach, Fisic an Atmaisféir, Dinimic na Sreabhán agus Fisic Mhóilíneach. Bhain beirt mhac léinn PhD agus triúr mac léinn máistreachta a gcéimeanna amach ón roinn in 2017/18.

Le linn na bliana 2017/2018 d'fhoilsigh Grúpa Fisice an Atmaisféir trí pháipéar, ceann dar teideal "*Hurricane simulation using different representations of atmosphere-ocean interaction: the case of Irene (2011)*" a foilsíodh in *Atmospheric Science Letters* i gcomhar le Priscilla Mooney, Céimí de chuid Ollscoil Mhá Nuad, atá ag obair ag Lárionad Náisiúnta na Stát Aontaithe um Thaighde ar an Atmaisféar, Boulder, Colorado. Bhí an t-alt i measc an fiche páipéar de chuid na hirise ba mhó a íoslódáladh in 2017, agus íoslódáladh 655 uair é faoi dheireadh na bliana.

Bhain an Grúpa um Réalteolaíocht Bhreathnaitheach 25 uair an chloig amach ar Theileascóp Ollmhór Réadlann Theas na hEorpa i gcomhair tionscadail éagsúla, agus bronnadh Deontas IRC Ulysses ar Emma Whelan leis an Institute de Planetologie et d'Astrophysique de Grenoble.


Bhí baint ag an nGrúpa um Optaic Theiriheirts Spáis (an Dr Creidhe O'Sullivan, an Dr Marcin Gradziel, an Dr Neil Trappe & an tOllamh J. Anthony Murphy) le roinnt tionscadail thábhachtacha i gcomhar maidir le hionstraimíocht réalteolaíoch do theileascóip ar talamh agus sa spás.

Turgnamh ar talamh is ea Trasnamhéadar Bolaiméadrach Q&U don Chosmeolaíocht (QUIBIC) a bhfuil sé mar aidhm aige na gnéithe polarúcháin thar a bheith éadrom (mód-B) a bhaineann le Cúlra Micreathonnach an Chosmais a thomhas (Príomhthaighdeoir Mhá Nuad, an Dr Creidhe O'Sullivan). Bhí comhaltaí Roinn na Fisice Turgnamhaí páirteach i gcomhar QUBIC ó cuireadh tús leis agus ghlac siad páirt lárnach i ndearadh a chuid optaice. Mar chéad chéim ar an mbealach chuig ionstraim iomlán QUBIC, críochnaíodh taispeántóir teicneolaíoch (TD) in 2018, chun an fhéidearthacht a bhain le teicníc nuálach na trasnamhéadrachta bólaimeadraí a léiriú sa saotharlann agus allamuigh. Tá an TD cosúil ar mhórán bealaí leis an ionstraim iomlán ach tá scátháin níos lú air, sraith níos lú de bhonnáin ionchuir agus an ceathrú cuid den phlána fócasach iomlán. Tá céim na tástála le bheith críochnaithe in earrach na bliana 2019, nuair a sheolfar QUBIC chuig an Airgintín agus déanfar é a shuiteáil ar an suíomh do thrialacha céad-bhreathnaithe. Tá sé i gceist freisin an ionstraim iomlán a úsáid in 2020.

An bosca 1 K ina bhfuil an optaic a dearadh i Má Nuad á íslíú isteach i gcríostat QUBIC ag an Laboratoire Astroparticule & Cosmologie (APC) i bPáras.

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

FISIC THURGNAMHACH AR LEAN



An tOllamh Anthony Murphy as Ollscoil Mhá Nuad i measc fhaighteoirí Dhuais Chosmeolaíochta Gruber 2018 as obair ar Shatailít Planck

I mí Feabhra 2018, chuir an grúpa conradh ceithre bliana de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) i gcrích dar teideal “*New Technology High Efficiency Horn Antennas for Cosmic Microwave Background (CMB) Experiments and Far-Infrared Astronomy*” (Conradh ESA N 4000105705/12/NL/Cb). Sa chonradh fairsing seo, d’fhorbair grúpa Mhá Nuad roinnt uirlisí ionsamhlaithe agus teicnící turgnamhacha atá ábhartha i dtaca le misin toinne milliméadair agus satailíte teiriherts sa todhchaí. Bhí na teicnící ionsamhlaithe a forbraíodh dírithe go sonrach ar dhearaí bonnán malartach a bheadh éifeachtach i gcomhair misin pholarúcháin CMB sa todhchaí. Ina theannta sin, i gcomhar le hEagraíocht Taighde Spáis na hÍsiltíre, Groningen (SRON), d’fhorbair grúpa Ollscoil Mhá Nuad uirlisí ionsamhlaithe a bhaineann le hanailís leictreamaighnéadach a dhéanamh ar bhrathadóirí forsheoltacha (Brathadóirí Imill Trasdula) i struchtúir thonntreoraí atá ábhartha maidir le misin teiriherts sa todhchaí. Cuireadh na modhanna ionsamhlaithe a forbraíodh in Ollscoil Mhá Nuad i bhfeidhm go rathúil ar na tomhais chríogineacha ar bhonnáin teiriherts in SRON. I gcomhthráth leis sin, bhunaigh grúpa Mhá Nuad teicnící beachta i dtaca le calabrú agus le hanailís il-fhrithchaithimh atá ríthábhachtach maidir le feidhmiú tomhas ardmhínicíochta. Tá bunú saoráide chun teiriherts a thomhas i Má Nuad a fheidhmeoidh idir 0.5 agus 1.1 THz á mhaoiniú ag Deontas um Bonneagar Taighde de €680,444 ó SFI (Príomhthaighdeoir, Neil Trappe) dar teideal “*Development of a high frequency Terahertz measurement and characterisation facility*”

Is é an rud is suntasaí ar fad go raibh an tOllamh Anthony Murphy ina chomhalta d’fhoireann Satailíte Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ar bronnadh Duais Chosmeolaíochta Gruber 2018 uirthi ag an XXX Comhthionól Ginearálta den Aontas Réalteolaíoch Idirnáisiúnta i Vín i mí Lúnasa 2018. Bhí an tOllamh Murphy ina chomhthaighdeoir maidir le forbairt a dhéanamh ar an ionstraim ardmhínicíochta ar bord na satailíte. Bhí an Dr Vladimir Yurchenko ina chomhalta taighde cuartaíochta in Ollscoil Mhá Nuad agus é ag obair ar fhorbairt an Planck Surveyor ar feadh roinnt blianta agus áiríodh é freisin mar chomhalta d’Fhoireann Planck. D’oibrigh roinnt mac léinn iarchéime agus iardhochtúireachta ar Planck in Ollscoil Mhá Nuad freisin. Bronntar Duais Chosmeolaíochta Gruber gach bliain chun onóir a bhronnadh ar chosmeolaí, réalteolaí, réaltfhisiceoir nó fealsamh eolaíochta mór le rá ar son fionnachtana teoiriciúla,

anailiseacha, coincheapúla nó breathnaitheacha a chuireann ár dtuiscint ar an domhan chun cinn go bunúsach. Ba í sin an dara duais mhór a fuair foireann Planck in 2018, mar gur bhronn an Cumann Réalteolaíochta Ríoga onóir orthu in Eanáir na bliana sin. (féach rannán na nduaiseanna)

MATAMAITIC AGUS STAITISTICÍ

Tá pobal láidir acadóirí agus mac léinn iarchéime ag Roinn an Matamaitice agus na Staitisticí agus tá grúpaí taighde acu atá ag obair i réimsí amhail Ailgéabar agus Uimhirtheoiric, Anailís Chéimseatóil, Oideachas Matamaitice agus Staitisticí. D’fhoilsigh Comhaltáí Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí 33 alt phiarmheasúnaithe i bhfoilseacháin irise in 2017 agus bhain beirt mhac léinn PhD a gcéimeanna amach in 2017/18.

Maidir le maoiniú seachtrach, bronnadh €530,000 ar an Ollamh Andrew Parnell in 2018 i dtaca le tionscadal Forbartha Gairme de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dar teideal ‘*Industrial Supervised Learning*.’ Ceapadh an tOllamh Parnell sa roinn mar Ollamh Hamilton i mí an Mheithimh 2018. Téann an tionscadal i ngleic le dhá dhisciplín na staitisticí agus na meaisínfhoghlama, ar disciplíní iad a bhí chun tosaigh i réabhlóid an ‘Olltíomsaithe Sonraí.’ Fiú mura bhfuil acu ach eolas bunúsach ar ríomhchlárú, is féidir le duine ar bith tacar olltíomsaithe sonraí a thógáil agus samhail réamh-mheasta a chruthú. Mar sin féin, ní fheidhmíonn samhla réamh-mheasta den sórt sin go maith i gcás mórán de na fadhbanna coitianta a bhíonn le sárú ag earnáil na tionsclaíochta. Déanfaidh an tionscadal seo ceithre shíneadh éagsúla leis an tsraith de straitéisí caighdeánacha do shuíomhanna sonracha a fhorbairt, gach ceann acu ina thionscadal PhD, agus tacaíocht á fáil aige ó roinnt comhpháirtithe in earnáil na tionsclaíochta. Déanfar na haschuir ó gach tionscadal a cheadúnú do na comhpháirtithe sin chun go mbeidh ar a gcumas dul in iomaíocht ar bhealach níos fearr ar an ardán idirnáisiúnta.



An tOllamh Andrew Parnell, Roinn na Matamaitice agus Staitisticí

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

SÍCEOLAÍOCHT

Roinn atá an-ghníomhach i gcúrsaí taighde is ea Roinn na Síceolaíochta agus tá seasamh láidir aici i dtaca le foilsíú taighde agus aschuir eile. I mbliain féilire 2017, d'fhoilsigh comhaltaí na roinne 89 alt piarmheasúnaithe in irisí idirnáisiúnta, ardtáirgiúlacht taighde i roinn atá fós beag nó meánach i dtéarmaí idirnáisiúnta.

Bhí foireann Roinn na Síceolaíochta ina n-údair ar líon de leabhair thábhachtacha agus shuntasacha le linn na bliana. In “Why Science Needs Art,” a raibh an Dr Richard Roche agus an Dr Sean Commins ina gcomhúdair air, déantar an gaol casta idir an dá réimse sin ar cosúil go bhfuil siad deighilte a iniúchadh. Déantar machnamh ar an am a raibh an ealaín agus an eolaíocht ina ngníomhaíochtaí doscartha agus siombóiseacha, agus déantar cur síos sa leabhar ar an mbealach ar chuir siad bonn eolais faoina chéile agus ar an tionchar a bhí acu ar a chéile go stairiúil, agus ansin déantar breithniú ar an mbealach a bhfuil athrú bunúsach tagtha ar thuiscint an phobail ar an ngaol atá idir an dá dhisciplín sin. In “Behavioural Neuroscience” leis an Dr Sean Commins, déantar cur síos ar an nasc bunúsach atá idir inchinn agus iompraíocht. Léiríonn ainmhithe réimse ollmhór d’iompraíochtaí casta, mar sin, conas is féidir iompraíochtaí sonracha a mhapáil ar chiorcaid néaracha casta na hinchinne? Agus aird á tarraingt ar an dul chun cinn as cuimse atá déanta i réimse na néareolaíochta iompraíochta le blianta anuas, déantar iniúchadh sa leabhar seo ar an mbealach ar féidir iompraíochtaí a thuiscint i dtéarmaí a gcuid meicníochtaí néaracha.

Foilsíodh taighde ó chomhaltaí Roinn na Síceolaíochta i gcuid de na hirísí Síceolaíochta agus Idirdhisciplíneacha is airde rangú. Mar shampla, foilsíodh saothar sa British Medical Journal, Psychological Science, Clinical Psychology Review, Cochrane Database of Systematic Reviews agus Science of the Total Environment.



Bunaíodh an Institiúid ALL sa bhliain 2017

Is í Roinn an Síceolaíochta an bhonnroinn acadúil d’Institiúid ALL (Ag cuidiú le maireachtáil agus le foghlaim; www.maynoothuniversity.ie/all-institute). Bunaíodh Institiúid ALL in 2017 agus tá sí á treorú ag an Ollamh MacLachlan, agus tá an Dr Deirdre Desmond ag feidhmiú mar Chomhstíúrthóir. Tá an tOllamh MacLachlan ina Ollamh le Síceolaíocht agus Ionchuimsiú Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad, agus chomh maith leis sin tá sé ina Chomhordaitheoir Taighde agus Nuálaíochta ar an gClár um Chomhoibriú Domhanda maidir le Teicneolaíocht Chúnta (GATE), clár de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO). Cé go dtagann formhór chomhaltaí na hInstitiúide ón tsíceolaíocht (8), cuimsíonn sí 12 Roinn agus tá breis agus 50 comhalta cláraithe léi. Is é misean na hInstitiúide daoine a chumasú le linn a saoil, go háirithe iad siúd a ndearnadh iad a imeallú, chun go mbainfidh siad amach folláine ar na bealaí is rogha leo; trí theicneolaíochtaí cuí a fhorbairt agus a fheidhmiú, córais atá dírithe ar an duine agus beartais atá bunaithe ar fhianaise agus dlíthe a chumasaíonn úsáideoirí agus iad siúd a thugann tacaíocht dóibh. Gné shuntasach a bhaineann leis an Institiúid is ea an fhorbairt atá déanta aici ar an gcomhéadan idir úsáideoirí teicneolaíochtaí agus an bonneagar sochaíoch níos leithne a theastaíonn chun go mbeadh an úsáid sin tairbheach. Is sa chomhéadan seo a tharlódh cuid de na forbairtí is iontaí agus is cumasaithe sna blianta seo amach romhainn. Agus daoine ag maireachtáil níos faide, tá gá soiléir ann anois glacadh le “cúnta” mar choincheap. Cé go ndéanfar na smaointe a bhaineann le seirbhísí agus cúram coiscitheach, íceach, athshlánúcháin, agus maolaitheach a choinneáil, d’fhéadfadh sé go mbeidh teicneolaíochtaí cúnta, seirbhísí cúnta agus maireachtáil neamhspleách chúnta mar ghnéithe sainiúla na beatha sna blianta seo amach romhainn.

Bhunaigh an tOllamh Sinead McGilloway an tIonad um Meabhairshláinte & Taighde Pobail (CMHCR) agus is í atá ina ceannasaí air, agus is ionad comhpháirte d’Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad atá ann. Déanann an tIonad taighde ardchaighdeán idirdisciplíneach, le rannpháirtíocht an phobail maidir le cláir thaighde atá nuálach agus ar mhórscaála go minic, ar cláir iad a bhaineann leis na seirbhísí sláinte agus le cúram sóisialta ar fud roinnt réimsí ábhair a bhaineann le cleachtas agus le beartas a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo. Chomh maith leis sin, cuireann an t-ionad timpeallacht foghlama spreagúil agus ceannaireacht ar fáil i dtaca le hoiliúint/meantóireacht a chur ar fáil do mhic léinn dochtúireachta agus do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí ag tús a ngairmeacha. Is é an t-aon ionad tiomnaithe in Éirinn é a thugann faoi thaighde meabhairshláinte agus folláine feidhmeach thar an saol agus i gcomhthéacs pobail. Tá níos mó eolais faoin Ionad ar fáil anseo: cmhcr.eu.

Bhí rath ar an Roinn maidir le méideanna suntasacha de mhaoiniú seachtrach taighde a mhealladh. I mí Mheán Fómhair 2018, bhí maoiniú beo taighde de €2,366,491 gníomhach i Roinn na Síceolaíochta, agus sa bhliain acadúil 2017–18, bhain an roinn maoiniú nua de €1,423,866 amach.

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

SÍCEOLAÍOCHT AR LEAN

Tá tiomantas láidir ag an Roinn maidir le maoirseacht agus meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn taighde dochtúireachta agus iardhochtúireachta. I mí Mheán Fómhair 2018 bhí 28 mac léinn taighde iarchéime cláraithe sa roinn. Le linn bhronnadh na gcéimeanna in 2018, bhain 15 mhac léinn Céimeanna Dochtúireachta amach ón roinn. Sa bhliain 2017-2018, rinneadh 12 thaighdeoir iardhochtúireachta agus comhalta a óstáil sa roinn, lena n-áirítear scoláirí ar Chomhaltachtaí Idirnáisiúnta Marie Skłodowska atá mór le rá agus soghluaiste.

Bronnadh Bonn Óir na nEolaíochta Sóisialta de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, gradam a bhfuil ardmheas air, ar an Ollamh MacLachlan in 2018 (féach rannán na nduaiseanna). Bronntar na boinn ar dhaoine a bhfuil ábhar léinn den scoth, atá follasach agus a dtugtar aitheantas idirnáisiúnta dó, curtha ar fáil acu ina gcuid réimsí féin. Tugadh an duais don Ollamh MacLachlan mar aitheantas ar an obair leanúnach den scoth atá déanta aige ar an gcaoi ar féidir tosca síceasóisialta agus an teicneolaíocht a úsáid chun cúnaimh a thabhairt do dhaoine ar an imeall ‘briseadh isteach’ sa tsochaí agus an cumas atá aige tionchar a imirt ar shaol daoine ar bhealach atá an-inbhraite.

Ina theannta sin, bhuaigh an tOllamh Mac MacLachlan Duais Chumann Síceolaíochta na Breataine um Chomhionannas Deise a Chur Chun Cinn in 2018. Tugtar an onóir do shíceolaithe a chuireann ionchur eisceachtúil agus leanúnach ar fáil chun éagothroime shóisialta a cheistiú maidir le hinscne, cine, bunús eitneach, náisiúntacht, reiligiún, gnéaschlaonadh, míchumas nó aois.



Faigheann an Dr Richard Roche duais trachtálaithe 2018 ón Leasuachtarán Taighde Ray O'Neill agus Karen Griffin

In 2018, bronnadh an Gradam um Thrachtálú IP de chuid Ollscoil Mhá Nuad ar an Dr Richard Roche. Bhunaigh Richard Empathy Test Limited leis na tionscnóirí an Dr Kenneth McKenzie & Conor McCarthy. Úsáideann Empathy Test bailíochtú síceolaíoch atá á thiomáint ag eolaíocht i gcomhair táirgí, seirbhísí agus eispéireas, ar mhaithe le glacadh agus rochtain táirgí a mhéadú agus iad á seoladh. Tá sé i gceist ag an gcuideachta oibriú le cliant iomadúla ar bhonn leanúnach, iad ag déanamh bailíochtú agus ag éascú mionleasú a dhéanamh ar a dtáirge Déanfar uirlisí foghlama ar líne a fhorbairt freisin, agus é mar aidhm acu ceardlanna oiliúna a fhorbairt.

Cuireadh an clár oiliúna um fheabhsú cognaíoch SMART a tháirg RaiseYourIQ agus a d'fhorbair an Dr. Bryan Roche ar an gcuraclam i gceann de na meáncoileanna is mó sa tír, tar éis cúpla bliain d'obair phiolótach agus de chomhoibriú taighde le Coláiste Chnoc an tSamhraidh, Sligeach. Tá RaiseYourIQ ag leanúint de bheith ag briseadh isteach in earnáil an oideachais agus tá úsáid níos mó á baint

as agus chomh maith leis sin tá sé ag bailiú creidiúnacht eolaíochta. Tá comhpháirtithe gnó bunaithe anois san Ísiltír agus tá rannpháirtíocht bunaithe le comhpháirtithe Gearmánacha agus Síneacha. Tá uirlis nua um fheabhsú cognaíoch do leanaí óga forbartha ag an gcuideachta le gairid, i gcomhar le hOllscoil Zayed in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha Déanfar an uirlis sin a sheoladh in 2019 mar chuid de chasadh suntasach gnó i dtreo na hearnála sláinte.

Tá roinnt tionscadail shuntasacha ar siúl i gcónaí. D'fhiosraigh an tionscadal 'EMPOWERABILITY' agus é á threorú ag an Dr Padraic Fleming (Coláiste na Tríonóide), an tOllamh Sinéad McGilloway agus an Dr Sarah Barry (Coláiste na Tríonóide) forbairt agus cur i bhfeidhm buiséad (nua) pearsantaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas in Éirinn. I gceist sa taighde (arna mhaoiniú ag Genio trí chlár HRB SPHeRE), bhí taighde rannpháirtíochta le roinnt grúpaí daoine a bhí faoi mhíchumas, lena dteaghligh, agus lena gcúramóirí gairmiúla agus neamhghoirmiúla, chomh maith le roinnt eagraíochtaí a bhí bunaithe sa phobal. Rinneadh ceardlann do pháirtithe leasmhara rannpháirtíochta a eagrú freisin agus bhí an-ghlacadh léi. Cuireadh na torthaí ar fad ar aghaidh chuig lucht déanta beartas tríd an Tascfhórsa Náisiúnta um Maoiniú Pearsantaithe (ar a bhfuil an príomhthaighdeoir mar chomhalta ar chuireadh).

Tá an clár Taighde 3.5 bliain PRIMERA (Ag Cur Taighde agus Nuálaíocht chun cinn i Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanáí agus do Theaghligh) á mhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an Rannóg Meabhairshláinte) agus tá sé á threorú ag an Ollamh Sinéad McGilloway (Príomhthaighdeoir) agus ag an Dr Mairead Furlong. Go dtí seo, tá aird shuntasach tarraingthe ag an taighde sna meáin agus d'éirigh leis na taighdeoirí 15 shuíomh do sheirbhísí meabhairshláinte pobail do dhaoine fásta, do leanáí agus d'ógánaigh ó áiteanna ar fud na tíre a thabhairt isteach sa taighde agus ó roinnt eagraíochtaí mór le rá (FSS, Tusla agus St. John of God). Tá sé uathúil go bhfuil comhpháirtíochtaí pobail a thrasnaíonn teorainneacha tíreolaíochta, disciplíneacha agus eagraíochtúla i gceist leis an tionscadal seo, chomh maith le rannpháirtíocht le soláthraithe seirbhísí, bainisteoirí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha sa phobal – ón gcéad chéim de shaolré an taighde bhaineann le 'giniúint smaointe' go dtí an chéim reatha ina ndéantar 'pleanáil agus dearadh taighde' (ag dul ar aghaidh). Chomh maith leis sin, d'eagraigh agus d'óstáil foireann PRIMERA imeacht a chuimsigh Máistir-rang náisiúnta (foghlaim pobalbhunaithe) i mí Mheán Fómhair 2018, a ndearna tuairim is 80 duine freastal air ó bheagnach dosaen eagraíochtaí reachtúla agus deonacha sa phobal.

Tá úsáideoirí deiridh sa tsochaí shibhialta mar phríomh-chomhpháirtithe i dtionscadail GAP, TRESSPASS, ECHO, agus CREST Fís 2020 an Dr. Michael Cooke, lena n-áirítear pearsanra um thógáil na síochána (sibhialta agus míleata), Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, údarás Teorann agus Custaim, gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí, soláthraithe príomh-bhonneagair (córais sláinte san áireamh) agus lucht déanta beartas, chomh maith le grúpaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an phobail i gcoitinne amhail paisinéirí. Is é an ról atá ag Roinn na Síceolaíochta i gcónaí sna tionscadail sin ná oibriú leis na húsáideoirí deiridh agus leis na príomhpháirtithe leasmhara chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus ar na hábhair imní atá acu agus cúnaimh a thabhairt chun réitigh theicniúla a dhéanamh díobh, ar réitigh iad a mbeidh tionchar acu ar an tsochaí, amhail cumas tógála síochána níos éifeachtaí, príomhbhonneagair níos sábháilte, cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh i spásanna poiblí, agus slándáil ag pointí trasnaithe teorann.

ROINN NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Comhoibriú idirnáisiúnta, idirdhisciplíneach idir naoi gcinn de chomhpháirtithe Eorpacha is ea an Líonra Comhoibríoch um Oiliúint agus Barr Feabhais i Síceatráméolaíocht (CONTEXT) (arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, 2016-2020). Clúdaíonn sé na hearnálacha acadúla, neamhrialtasacha, deonacha agus poiblí. Tá CONTEXT á chomhordú ag an Dr Philip Hyland agus tá sé dírithe ar an saol a fheabhsú do thrí phobal san Aontas Eorpach atá neamhchosanta in aghaidh tráma agus baol ard ann go mbeidh fadhbanna meabhairshláinte acu (1. Iarrthóirí tearmainn agus teifigh, 2. pearsanra sna seirbhísí éigeandála agus céad fhreagróirí daonnúla agus 3 iad siúd a thagann slán ó fhoréigean le linn a n-óige agus ó fhoréigean bunaithe ar inscne agus iad siúd a dhéanann an fhoréigean sin). Tá CONTEXT tar éis dul i gcion go dearfach cheana féin ar an tsochaí ar mhórán bealaí lena n-áirítear (i measc cinn eile): feabhas a chur ar mheasúnú agus ar mhonatóireacht i dtaca leis an gcóir a chuirtear ar dhaoine a d'fhulaing de bharr mí-úsáid ghnéis in Éirinn; nósanna imeachta i dtaca le scagthástáil agus próisis i dtaca le lánpháirtíú teaghlach atá éifeachtach a fhorbairt do theifigh agus d'iarrthóirí tearmainn in Éirinn; idirghabháil shíceasóisialta ísealchostais chun feabhas a chur ar mheabhairshláinte oibríthe cabhracha daonnúla sa Cholóm, sa tSúdáin agus sa tSiria a fheidhmiú agus an éifeachtúlacht a bhaineann léi a mheas; agus idirghabháil a ceapadh chun tionchar an tráma ionadaigh a chuireann as do chéad fhreagróirí a oibríonn leo siúd a d'fhulaing foréigean le linn a n-óige agus foréigean bunaithe ar inscne agus leo siúd a rinne an fhoréigean a mheas agus a fheabhsú.



An tOllamh Mac MacLachlan, Roinn an Síceolaíochta

I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhreastail ionadaithe as 18 náisiún ón Afraic, an Áise, Meiriceá Laidineach agus na Stáit Arabacha ar chlár oiliúna in Ollscoil Mhá Nuad a bhí á reáchtáil ag an Ollamh Malcolm MacLachlan, Stiúrthóir Institiúid ALL.

Tugann Clár Comhpháirtíochta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine atá faoi Mhíchumas ((UNPRPD) tacaíocht d'fheidhmiú an Choinbhinsiúin maidir le Cearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD) trí chomhghuaillíocht a thógáil, agus idirphlé agus forbairt acmhainne a éascú ag leibhéal tíre, réigiúnach, agus domhanda. Is iarracht uathúil i gcomhar atá ann a thugann le chéile eintitis de chuid na Náisiún Aontaithe, rialtais, eagraíochtaí daoine atá faoi mhíchumas agus an tsochaí shibhialta níos forleithne. Oibríonn an clár Oiliúna um Bainistiú Eolais UNPRPD i gcomhpháirtíocht le Cúnamh Éireann agus go dtí seo d'oibrigh sé le breis agus 20 tír. Ba é an tOllamh MacLachlan a bhí mar Cheannasaí um Bainistiú Eolais don chlár ó cuireadh tús leis cúig bliana ó shin.

AN FHSIC THEORICIÚIL

Thar thréimhse sé lá ag tús mhí Lúnasa 2018, bhí an Dr Jonivar Skullerud mar chathaoirleach ar an 13ú comhdháil idirnáisiúnta a bhain le *Gaibhniúchán Cuairc agus Speictream Hadróin*, a bhí ar siúl i Má Nuad. Bhí an tOllamh Brian Dolan, an Dr Masud Haque agus an Dr Joost Slingerland ar an gcoiste eagraithe áitiúil, agus fuarthas tacaíocht mhaoinithe ón SFI. Fóram tábhachtach d'eolaithe atá ag obair ar idirghníomhaíochtaí láidre is ea an comhdháil, a spreagann idirphlé i measc teoricithe agus turgnamhaithe agus freisin ar fud réimsí gaolmhara. Tá sé mar aidhm ag an gcomhdháil daoine atá ag obair ar idirghníomhaíochtaí láidre ó chuir chuige éagsúla a thabhairt le chéile. Ina measc sin tá an réimse ó Chrómaidinimic Chandamacha (QCD) laitise go QCD corraíola, ó shamhlacha d'fhólús QCD go feiniméineolaíocht agus turgnaimh QCD, ó theoricí éifeachtacha go fisic taobh amuigh den Bhundéanamh. Tháinig 300 fisiceoir idirnáisiúnta mór le rá chuig campas Mhá Nuad chun freastal ar an gcomhdháil. Mar léiriú ar a rannpháirtíocht láidir sa phobal idirnáisiúnta, bhí Jonivar Skullerud mar chuid de chuibhreannas idirnáisiúnta ar bronnadh 600 milliún uair an chloig croílár d'am ríomhaireachta ar chóras DiRAC na Ríochta Aontaithe air in 2017 thar thréimse trí bliana, rud a thacóidh le fisic ríomhaireachtúil i Má Nuad.

Bronnadh €500,000 ar an Dr Joost Slingerland trí Chlár Taighdeora an SFI i gcomhair tionscadail dar teideal: *'Topological Order, Entanglement and Quantum Information Processing.'* I bprionsabal, is féidir le ríomhairí candamacha tascanna a dhéanamh atá dodhéanta ag úsáid gnáth-theicneolaíocht ríomhaireachta – dá mbainfí leas as sin i ríomhaire candamach praiticiúil chuirfí go mór lenár gcumas córais chasta fhisiceacha a shamhaltú lena n-áirítear ábhair agus ceimiceáin nuálacha. Tá sé éasca cur isteach ar ghléasanna meicniúla candamacha, ach is féidir crua-earraí láidre candamacha a thógáil ag úsáid meáin fhisiceacha le "hOrd Toipeolaíoch," a stóráilann faisnéis ag úsáid airíonna toipeolaíocha nach gcuireann torann isteach orthu. Déanfaidh an tionscadal na cineálacha féideartha d'ord toipeolaíoch a aimsiú agus a thréithriú agus déanfar gléasanna ar féidir leo faisnéis thoipeolaíoch chandamach a thomhas agus a ionramháil a mholadh agus a iniúchadh agus oibreofar freisin ar mhodhanna chun córais thoipeolaíocha a shamhaltú ar ríomhairí clasaiceacha.

Is é an Dr Jiri Vala atá ina Chomhordaitheoir Náisiúnta ar an Líonra Candamach d'Éirinn sa Ghníomhaíocht Chomhordaithe agus Thacaíochta Chandamach FETFLAG-02-2017 faoin gCoimisiún Eorpach. Chomh maith leis sin, bhí sé ina rannpháirtí ar chuireadh i ndíospóireacht ardeibhéil ar theicneolaíochtaí candamacha i bParlaimint na hEorpa i mí na Samhna 2017.

D'fhoilsigh gach duine den chúigear comhalta foirne sa Roinn páipéir in irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe sa bhliain acadúil 2017-2018, agus d'fhoilsigh an fhoireann acadúil agus iardhochtúireachta 12 fhoilseachán piarmheasúnaithe san iomlán le linn na bliana. Sampla suntasach de thaighde ón roinn le gairid agus a raibh tionchar mór aige is ea an taighde a rinne an tOllamh Brian Dolan ar theirmidinimic dúpholl, áit a bhfuair na trí fhoilseachán is mó le rá dá chuid ó 2013 níos mó ná 50 lua san iomlán (de réir bhunachar sonraí InSPIRE) le linn bhliain acadúil 2017-2018 agus tá breis agus 200 lua san iomlán bailithe acu. Bhain beirt mhac léinn PhD a gcuid céimeanna amach ón roinn in 2017/18.

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

STAIDEAR SÓISIALTA FEIDHMEACH

Bhí líon mór réimsí i gceist leis an aschur taighde, na gníomhaíochtaí agus na héachtaí a bhain an Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach amach in 2017-2018, rud a léiríonn na gnéithe ildisciplíneacha agus idirdhisciplíneacha a bhaineann le hábhair spéise na Roinne.

I measc na dtopaicí ar tugadh aghaidh orthu sa taighde a foilsíodh bhí siad seo a leanas; tuismitheoireacht déagóirí a thógáil, an oideolaíocht a bhaineann le hobair ghrúpa a theagasc (an Dr Ciara Bradley); coireacht fuatha, lena n-áirítear coireacht fuatha a dhéanann leithcheal ar dhaoine atá faoi mhíchumas in Éirinn (an Dr Seamus Taylor); stair na hoibre don óige, beartas agus cleachtas; foghlaim soghluaisteach agus ionchuimsiú sóisialta (an tOllamh Maurice Devlin); géarchéim na tithíochta in Éirinn; airgeadú, tithíocht agus neamhionannas (an Dr Rory Hearne).

Sheol Emily Logan, Príomh-Choimisinéir Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann an leabhar *'Political Perspectives on Hate Crime-Contributions from the Island of Ireland'* i mí Dheireadh Fómhair 2017. Déantar iniúchadh sa leabhar ar an mbealach a gcuireann coireacht fuatha í féin in iúl ó thuaidh agus ó dheas den teorainn, chomh maith leis na dúshláin atá roimh chleachtóirí agus roimh lucht déanta beartas agus iad ag tabhairt aghaidh ar choireacht fuatha.

In imleabhar aistí a cuireadh in eagar agus a tháirg Seamus Taylor ón roinn, i gcomhar le Amanda Haynes agus Jennifer Schweppe ó Ollscoil Luimnigh, tugtar chun suntais gurb í Éire an t-aon dlínse in iarthar na hEorpa nach bhfuil reachtaíocht maidir le coireacht fuatha aici.

Nearc sonracha a bhain le léann na Roinne ba ea an rannpháirtíocht shibhialta agus phoiblí agus forbairt beartas, le hionchur ardleibhéil sna réimsí a bhaineann le taighde measúnaithe ar fhorbairt áitiúil agus pobail, feidhmiú seirbhísí meabhairshláinte (an Dr Oonagh McArdle); athchóiriú an chórais choiriúil agus cearta daonna, láimhseáil na coireachta fuatha ag an gcóras dlí choiriúil i Londain (Seamus Taylor); feidhmiú áiseanna insteallta níos sábháilte do dhaoine a úsáideann drugaí (an Dr Brian Melaugh); inbhuanaitheacht chomhshaoil agus ceartas aeráide, taighde ar bheartas pinsean (an Dr Joe Larragy); malartú idirnáisiúnta agus soghluaisteach (an tOllamh Maurice Devlin).

Threoraigh an fhoireann taighde, a bhí á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach, ar na téamaí a bhaineann leis an tseanaois agus ionchuimsiú sóisialta chomh maith leis an ríomhfhoghlaim in oideachas agus oiliúint san obair don óige nó bhí siad gníomhach sa taighde sin. Bhí an Dr Larragy ina bhall den Choiste Bainistíochta don ROSEnet COST ACTION (CA 15122) maidir le hEisiamh Sóisialta na Seanaoise a Laghdú: Comhoibriú i dTaighde agus i mBeartas. Glacann ROSEnet, a bhfuil taighdeoirí, páirtithe leasmhara i dtaca le beartas agus daoine scothaosta páirteach ann, cur chuige nua agus nuálach maidir le táirgeadh eolais agus aistriú eolais ar fhoirmeacha iltoiseacha míbhuntáiste sa tseanaois.

Lean an tOllamh Maurice Devlin dá ról (agus é ainmnithe ag an Roinn Leanáil agus Gnóthaí Óige) mar Chomhfhreagraí Éireannach don Ionad Eolais Eorpach um Beartas don Óige (EKCPY), tionscnamh de chuid na Comhpháirtíochta don Óige idir an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa. Bhí an tOllamh Devlin ina chomhalta de Bhord Eagarthóireachta na sraithe *Perspectives on Youth* a d'fhoilsigh an Chomhpháirtíocht don Óige.



An Dr Oonagh McArdle, An Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach

Bhí an Dr Oonagh McArdle ina comhalta de Choiste Riartha an Líonra Eorpaigh um Fhorbairt Pobail agus ina Leas-Chathaoirleach air. Ina theannta sin, chríochnaigh an tOllamh Devlin a dhara téarma ceithre bliana mar Leas-Uachtarán don Eoraip ar an gCoiste Taighde ar an Óige (RC34) de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta Socheolaíoch. Le linn a théarma, rinneadh dhá chomhdháil idirnáisiúnta maidir le staidéar óige a óstáil in Ollscoil Mhá Nuad, lena n-áirítear an chéad chomhimeacht riamh de chuid na gCumann Socheolaíoch Eorpach a bhí dírithe ar thaighde óige.

Mar Chomhalta Boird de Merchants Quay Ireland, bhí an Dr Brian Melaugh páirteach i gcoiste stiúrtha a bhí ag déanamh maoirseacht ar thaighde ar shaoráid insteallta níos sábháilte chomh maith le bheith ag déanamh maoirseacht ar chur chun feidhme na saoráide, atá mar chuid den Straitéis Náisiúnta Drugaí: Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú 2017–2025. Mar chathaoirleach ar Bhord Stiúthóirí UISCE, an tAontas um Sheirbhísí Feabhsaithe, Cumarsáid agus Oideachas, rinne an Dr Melaugh maoirseacht ar phróiseas comhairliúcháin lena áirithiú go gcuirfeadh guth daoine a úsáideann drugaí agus a bhfuil sé deacair teacht orthu bonn eolais faoi fhorbairt na chéad saoráide dá leithéid in Éirinn.

Ghlac an Dr Seamus Taylor leis an ról mar Chathaoirleach ar lontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil, an Eagraíocht Neamhrialtasach is mó in Éirinn atá chun tosaigh maidir le hathchóiriú an chórais choiriúil. Sa phost sin thionscain sé an chéad tuarascáil bhliantúil i dtaca le Dul chun Cinn sa Chóras Pionósach, scórchárta ar bhonn fianaise maidir le feidhmiú chóras pionósach na hÉireann in aghaidh dea-chleachtais agus caighdeáin i dtaca le cearta daonna. Chomh maith leis sin, rinne sé maoirseacht ar thionscadail taighde ar phríosúnaigh scothaosta, príosúnaigh LADT, príosúnaigh ón lucht siúil agus le déanaí tionscadal maidir le príosúnaigh faoi mhíchumas.

Ceapadh an Dr Taylor freisin chun fóint ar dhá thionscnamh sa Bhreatain agus in Éirinn atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch. Sa Bhreatain, ceapadh é ar an *"Windrush Lessons Learned Review."* Bhunaigh Rúnaí Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe an t-athbhreithniú chun sainiúint a dhéanamh ar na ceachtanna atá le foghlaim ón mbealach a caitheadh le gairid le himircigh ó ghlúin Windrush a tháinig chuig an mBreatain ó cheantar Mhuir Chairib.

In Éirinn, ceapadh an Dr Taylor chuig an Sainghrúpa nua maidir le Buiséadú Comhionannais a bhfuil tacaíocht aige ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann sé gealltanais rialtais chun cinn 'chun an próiseas a bhaineann le díonadh buiséid agus beartais mar

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

bhealach chun comhionannas a chur chun cinn a fhorbairt.' Tá sé mar aidhm aige an comhionannas a dhaingniú sa chreat buiséadaithe reatha maidir le hioncam agus caiteachas ar fud an rialtais.

Lean an Dr Taylor ar aghaidh freisin lena chuid oibre mar Chathaoirleach Neamhspleách ar an bPainéal Iniúchta agus Páirtíochta um Choireacht Fuatha de chuid chóras dlí choiriúil Londan. Is é an ról atá ag an bpainéal, a chuimsíonn ionadaithe ón bpobal, póilíní, ionchúisitheoirí, breithimh agus abhcóidí sinsearach, ná iniúchadh a dhéanamh ar an láimhseáil a dhéanann an córas dlí choiriúil ar shamplaí de chásanna coireachta fuatha agus moltaí i gcomhair feabhais a dhéanamh, ar moltaí iad atá bunaithe ar fhianaise.

Bhí an Dr Joe Larragy ina chomhalta den Ghrúpa Taighde ar Bheartas Pinsin (PPRG). Grúpa neamhspleách taighde idisciplíneach is ea PPRG, a bunaíodh chun taighde a dhéanamh ar chórais phinsin phoiblí agus phríobháideacha na hÉireann. Tá an grúpa dírithe go príomha ar athchóiriú a dhéanamh ar chóras pinsin na hÉireann, ar na costais agus ar dháileadh na bhfaoiseamh cánach a bhaineann le pinsin agus ar éifeachtúlacht an chórais pinsin maidir le hioncam a sholáthar do dhaoine scothaosta agus iad ar scor.

Bhí an Dr Hilary Tierney mar Phríomhthaidheoir agus mar Chomhordaitheoir Tionscadail don *Youth Work e-Learning Project*, tionscadal i gcomhar arna mhaoiniú ag Erasmus + le comhpháirtithe in Ollscoil Thailinn san Eastóin; Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha HUMAK, Heilsincí, an Fhionlainn; Ollscoil Uladh; agus Ollscoil Victoria, Melbourne, an Astráil.

I mí an Mheithimh 2018, rinne an Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gcomhpháirtíocht le hObair Phobail Éireann agus leis an gCumann Idirnáisiúnta um Fhorbairt Pobail, an chomhdháil mhór idirnáisiúnta *Participation, Power and Progress: Community Development towards 2030*, a óstáil in Ollscoil Mhá Nuad agus d'fhreastail breis agus 400 rannpháirtí ó áiteanna ar fud an domhain ar an gcomhdháil.

GNÓ

Bhí 26 comhalta ar an bhfoireann acadúil i Scoil an Ghnó in 2017/18, agus tá fás ag teacht ar an scoil le blianta beaga anuas. In 2017, d'fhoilsigh comhaltaí foirne na roinne leabhar amháin, 10 gcaibidil leabhair, 21 alt measúnaithe in irisí agus 15 fhoilseachán chomhdhála.

I réimse an ghnó agus na bainistíochta, cuireann treoir irisí acadúla Chumann na Scoileanna Gnó (ABS) tagarmharc idirnáisiúnta ag a bhfuil tionchar ar fáil maidir le raon agus caighdeán na n-irisí ina bhfoilsíonn acadóirí gnó agus bainistíochta a gcuid taighde. Rangáítear 1400 iris mar 4*, 4, 3, 2 nó 1, agus ní thugtar 4* ach amháin do 33 iris mór le rá, ar irisí iad a aithnítear ar fud an domhain mar eiseamláirí den chaighdeán is airde ar fad (an 2.4% is airde). Foilsíonn irisí ABS 4 (an 6% is airde) an taighde is úrnua agus is fearr atá curtha i gcrích agus de ghnáth cuirtear mórchuid taighde faoina mbráid ach ní ghlactar ach le beagán de.

In 2017, foilsíodh 18 as na 21 alt irise ó Scoil an Ghnó in irisí a bhfuil rangú ABS acu, agus foilsíodh ceithre cinn díobh sin in irisí ABS 4 agus trí cinn in irisí ABS 3. Léiríonn treochtaí na bhfoilseachán sa scoil sna cúig bliana 2013-17 go bhfuiltear ag bogadh go seasta i dtreo cion níos aire d'fhoilseachán in irisí piarmheasúnaithe agus go bhfuiltear ag bogadh i dreo cion níos airde de pháipéir ABS 3 agus 4, agus é sin mar sprioc sonrath straitéiseach.

Ar na réimsí taighde is mó a ndírítear orthu tá Bainistíocht, Córais Faisnéise Bainistíochta, Margaíocht agus Bainistíocht Oibríochtaí. Tá próifíl foirne sainiúil ag an scoil. Tháinig 22 comhalta den fhoireann acadúil isteach in Ollscoil Mhá Nuad thar an tréimhse Eanáir 2014-2018 agus bhain 11 acu a gcéimeanna PhD amach sa tréimhse 2016-2018. Tá comhaltaí uile na scoile gníomhach sa taighde, agus tá méid mór den chomhar inmheánach le feiceáil i gcuntas na bhfoilseachán agus breis agus 40% de na foilseachán le gairid a raibh beirt nó níos mó de chomhaltaí na scoile mar chomhúdair orthu. Bhain triúr mac léinn PhD a gcuid céimeanna amach ón scoil in 2017/18. Sin treocht láidir agus is dea-thuar é do thodhchaí an taighde gnó agus bainistíochta in Ollscoil Mhá Nuad.

D'éirigh le comhaltaí na Scoile breis agus €880K a bhaint amach mar mhaoiniú seachtrach in 2017/18. Bhí an rath ba mhó ar an Ollamh Brian Donnellan, a bhain amach maoiniú trí Lárionad Taighde Lero de chuid SFI agus trí thionscadal ENABLE Spoke an SFI atá nasctha leis na Lárionaid Taighde Lero, Connect agus Insight den chuid an SFI.

Tá an tOllamh Donnellan ina stiúthóir acadúil ar an Institiúid Luacha Nuálaíochta, lárionad tiomnaithe taighde de chuid na hollscoile, a oibríonn i gcomhar le comhpháirtithe in earnáil na tionsclaíochta i réimse na bainistíochta ar chlaochlú an ghnó dhigitigh



Príomhoifigeach Oibríochtaí Anam Alan Darcy leis an Ollamh Brian Donnellan, Scoil an Ghnó agus IVI

I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhógair Anam, SME Éireannach, a bhfuil saineolas acu maidir le Cur Teachtaireachtaí, Slándáil agus Anailísíocht, comhpháirtíocht straitéiseach leis an Institiúid Luacha Nuálaíochta (IVI) in Ollscoil Mhá Nuad a bhí dírithe ar nuálaíocht in Ard-anailísíocht Sonraí, Intleacht Shaorga, agus Meaisínfhoghlaim. Tá an comhoibriú seo mar chuid de thionscnamh Nuálaíochta 24/7 Anam – ina bhfuil saineolaithe tionsclaíochta seachtracha mór le rá sa réimse seo páirteach.

Creideann IVI go léiríonn tionscadail amháin an comhoibriú le Anam an chaoi a bhfuil tionchar dearfach ag a chuid taighde i leith cumas digiteach ar eagraíochtaí SME atá ag fás go tapa mar go dtugtar ceisteanna tábhachtacha chun solais nach mór do SMEanna iad a bhreithniú agus iad ag méadú. Faoi threoir an Ollaimh Martin Curley, atá ina Chathaoirleach ar chlár Nuálaíochta Anam, tá an chuideachta tar éis dlúthchaidreamh a chothú le hinstiúidí taighde acadúla ag an tríú leibhéal in Éirinn agus go háirithe le IVI.

Chuir Measúnú Bainistíochta Nuálaíochta IVI tagarmharc den tuiscint inmheánach reatha ar nuálaíocht ar fáil do Anam, chomh maith le moltaí agus gníomhartha chun plean feabhsaithe cumais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

NUÁLAÍOCHT SA DEARADH

Bhí cúigear comhaltaí ar an bhfoireann acadúil i Roinn na Nuálaíochta sa Dearadh in Ollscoil Mhá Nuad in 2017/18. Bhí comhaltaí na roinne mar údair ar 18 mír, lena n-áirítear ceithre chaibidil leabhair, cúig cinn d'fhoilseacháin chomhdhála agus alt irise amháin.



An folúsghlantóir róbait 'The Smartbot,' sa chatagóir Hygienic Home de Ghradaim Dhearaidh an RSA do Mhic Léinn

I mí na Bealtaine 2018, ainmníodh tríúr mac léinn ó Nuálaíocht sa Dearadh mar chomhbhuaitheoirí i gcatagóir na dTithe Sláinteacha i nGradaim Dhearaidh RSA do Mhic Léinn, gradaim a bhfuil ardmheas orthu.

Chuir Jon Schwarzmann agus Tino Duralija, ó Acadamh na Mínealaíon agus an Dearaidh in Ollscoil Liúibleána sa tSlóivéin, in éineacht le Franziska Schranz ó FH Oberösterreich san Ostair, isteach ar na gradaim agus iad páirteach i gclár Erasmus ag Roinn na Nuálaíochta sa Dearadh in Ollscoil Mhá Nuad.

Bhain an fhoireann mac léinn an chéad duais amach i gcatagóir na dTithe Sláinteacha, a ndearna an branda cúraim urlár Eureka urraíocht uirthi. Sa treoir don chatagóir seo, tugadh mar dhúshlán do mhic léinn táirge a dhearadh nó a athdhearadh a dhéanfadh glanadh urlár níos éasca agus níos éifeachtaí do dhaoine scothaosta, agus a chuideodh leo a gcuid neamhspleáchais a choinneáil.

Mar thoradh ar an bhfolúsghlantóir róbait 'The Smartbot' a dhear siad-folúsghlantóir róbait a threoraítear le léasar agus lena seachnaítear cromadh agus ualú matán, ainmníodh Jon, Tino agus Franziska mar chomhbhuaitheoirí Dhuais Eureka, arbh fhuí £3,000 (thart ar €3,400) í.

Comórtas domhanda curaclaim agus bliantúil do mhic léinn ardoideachais agus do chéimithe nua, arna réachtáil ag an RSA, is ea Gradaim Dhearaidh an RSA do Mhic Léinn. Gach bliain cuireann na Gradaim dúshlán roimh dhearthóirí atá ag teacht chun cinn ina n-iarrtar orthu aghaidh a thabhairt ar réimse de threoracha dearaidh atá dírithe ar cheisteanna sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta a bhfuil práinn ag baint leo. Chabhraigh an comórtas le réitigh agus tallann a aimsiú a raibh tionchar an-mhór acu ar an domhan.

Chuir an Dr Peter Robbins taighde bunaidh i láthair maidir leis an tionchar atá ag Smaointeoireacht Deartha ar nuálaíocht in T&F in Éirinn ag Comhdháil Bhainistíochta T&F 2018 (www.rnd2018.polimi.it) in Milano, ceann de na comhdhála is mó le rá ar domhan maidir le nuálaíocht. Tá fás ag teacht ar Smaointeoireacht Deartha mar fhórsa i réimsí an T&F agus na nuálaíochta agus tá Ollscoil Mhá Nuad ina hionad tosaíochta in Éirinn maidir leis an topaic seo. Bhí breis agus 600 toscairí i láthair as an saol acadúil agus as earnáil na tionsclaíochta agus san áireamh sa chomhdháil bhí seisiún ó

eagarthóirí na n-irisí rangaithe ar fad i réimse na nuálaíochta. San áireamh freisin bhí roinnt eochairchainteanna ó Leasuachtaráin shinsearacha tráchtála agus T&F ó Microsoft agus cuideachtaí eile ina leagtar an-bhéim ar nuálaíocht.

EACNAMAÍOCHT AIRGEADAS AGUS CUNTASAÍOCHT

Tá 23 comhalta ar an bhfoireann acadúil sa Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta. In 2017, bhí comhaltaí na roinne mar údair ar 29 foilseachán, lena n-áirítear leabhar amháin, dhá chaibidil leabhair, seacht gcinn d'ailt mheasúnaithe irise agus trí cinn de thuarascálacha beartais. Bhí trí cinn de na foilseacháin sin in Irisí 3*/4* dá ngairtear "ar fheabhas go hidirnáisiúnta."

Is iad seo a leanas na páipéir a bhí i gceist:

- > Doris, A., D. O'Neill agus O. Sweetman (2018) "Does Reducing Unemployment Benefits during a Recession Reduce Youth Unemployment? Evidence from a 50% Cut in Unemployment Assistance," *Journal of Human Resources*. Tá rangú ag an *Journal of Human Resources* mar an dara hirís Eacnamaíochta is mó le rá ar domhan ar tháscairí *ISI Web of Science* agus ráta glactha 3% aici.
- > Arismendi, J.C. agus S. Broda (2017) "Multivariate Elliptical Truncated Moments" *Journal of Multivariate Analysis*.
- > Byrne, J agus T. O'Connor (2017) "How do Creditors Respond to Disclosure Quality? Evidence from Corporate Dividend Payouts" *Journal of International Financial Markets, Institutions and Money*.

Bronnadh €222,500 mar mhaoiniú taighde ar an roinn freisin le linn na bliana acadúla.

Bhuaigh an Dr Aedin Doris duais Miriam Hederman O'Brien as ucht obair den scoth a dhéanamh ar Bheartas Fioscach (le Bruce Chapman) do pháipéar ar mhaoiniú ar ardoideachais in Éirinn agus bhí sí ina comhalta bunaidh de CISLR, an tIonad um Thaighde ar Iasachtaí do Mhic Léinn Idirnáisiúnta, in éineacht lena comhghleacaithe san Astráil, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, sa Bhrasáil, sa Cholóm, sa Téalainn agus sa Mhalaeisia.

Fuair an tOllamh Donal O'Neill duais Brendan Walsh do pháipéar (lena chomhúdar N. Holton) dar teideal "The Changing Nature of Irish Wage Inequality from Boom to Bust" *Economic and Social Review*, Imleabhar. 48, uimh. 1, lgh 1-26 chomh maith le teastas as ucht ionchur den scoth maidir le hAthbhreithniú ó *Economics and Human Biology* (2017).

Bhí an tOllamh O'Neill ina Chainteoir ar chuireadh ag an 13ú Chomhdháil IZA, Measúnú ar Bheartas sa Mhargadh Saothair in 2017 agus tá a fhoilseachán i gcomhar leis an Dr Olive Sweetman dar teideal "The consequences of measurement error when estimating the impact of obesity on income" faoi láthair i measc na cúig cinn de pháipéir is mó a ndéantar iad a rochtain sa *Journal of Labor Economics* de chuid IZA. Faoi mhí an Mhárta, bhí rochtain faighte air breis agus 15,650 uair.

Bhí an tOllamh O'Neill ina shaineolaí ar an margadh saothair freisin ar an gCoimisiún um Pá Íseal in Éirinn (2015-2018). Bhí ról lárnach aige maidir le bonn eolais a chur faoi bheartas agus é a cheapadh chun dul i gcleic le ceisteanna a gcaitheann na hoibríthe is soghonta sa tsocái

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

aghaidh a thabhairt orthu. Go dtí seo, tá ceithre cinn de mholtaí eisithe ag an gCoimisiún maidir leis an ráta íosphá, agus ghlac an rialtas leo ar fad agus achtaíodh iad. Mar thoradh ar an moladh is déanaí a fógraíodh ar an 18 Iúil 2018, ardaíodh an t-íosphá go dtí €9.80 ar an 1 Eanáir 2019. Go dtí seo, de bharr na n-athruithe atá tugtha isteach ag an gCoimisiún um Pá Íseal tá ardú 10.4% tagtha ar an íosphá, agus mar thoradh air sin tá arduithe pá suntasacha faighte ag na hoibríthe is ísle pá agus is soghonta in Éirinn.

Le linn 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún um Pá Íseal dhá thuarascáil. Mhol an Coimisiún in 2017 gur cheart soláthar a dhéanamh maidir le teidlíochtaí bunúsacha a chur ar taispeáint i ngach ionad fostaíochta ina bhfuil íosphá i bhfeidhm. Tá an tionscnamh seo á ghlacadh chun an t-eolas atá ag fostaíthe ar a gcearta a fheabhsú agus ar an mbealach sin neamhchomhlíonadh íosphá a laghdú. Níos déanaí in 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin an dara cuid dá thuarascáil ar rátaí íosta: Tuarascáil an Choimisiúin um Pá Íseal ar rátaí íosta an Phá Íosta Náisiúnta Cuid 2.

Rinneadh taighde an Ollaimh O'Neill a íoslódáil breis agus 51,000 uair mar chuid de shraith plépháipéar Eacnamaíochta Institiúid Saothair IZA agus tá sé áirithe faoi láthair i measc an 10% is rathúla de na heacnamaíthe ar fad ar fud an domhain i dtaca le taighde agus i measc an 6.5% is rathúla de na heacnamaíthe san Eoraip i rangú REPEC. Innéacs lárnach de thaighde eacnamaíochta is ea REPEC lena n-áirítear páipéir oibre, ailt agus cód bogearraí. Léiríonn sé sin tionchar suntasach idirnáisiúnta freisin.

Is fiú a lua freisin go ndearna an tOllamh Donal O'Neill, an Dr Aedín Doris agus an Dr Olive Sweetman measúnú ar laghduithe a rinneadh in 2019 ar Liúntas Cuardaitheora Poist do dhaoine 18 agus 19 mbliana d'aois in Éirinn don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Mar chuid den obair sin, d'ullmhaigh siad achoimre neamhtheicniúil den mheasúnú don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus bhuaib siad le baill den Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) chun iad a chur ar an eolas faoin obair.

Tá an leabhar leis an Dr Tuvana Pastine dar teideal *"Introducing Game Theory: A Graphic Guide"* (le Ivan Pastine, Tuvana Pastine, arna mhaisiú ag Tom Humberstone, Icon Books, 2017) mar #1 Leabhar Sárdhíola i dTeoiric Chluichí in Amazon.com, # 1 Leabhar Sárdhíola i dTeoiric Chluichí in Amazon.co.uk agus #1 Leabhar Sárdhíola sa Mhatamaitic Fheidhmeach in Amazon.co.uk. Aistríodh an leabhar go Fraincis agus go Gearmáinis.



An Dr Tuvana Pastine, Roinn na hEacnamaíochta, an Airgeadas agus na Cuntasaíochta

OIDEACHAS

Bhí 15 chomhalta ar fhoireann acadúil lánaimseartha Roinn an Oideachais in 2017-2018, chomh maith le 29 mac léinn PhD. Cuireadh tús le clár Dochtúireachta nua san Oideachas i bhfómhar na bliana 2018 agus bhí 18 mac léinn páirteach ann.

Bhí an Roinn gníomhach maidir le taighde a scaipeadh go háitiúil agus go hidirnáisiúnta agus 28 foilseachán ardleibhéil aici in 2017. San áireamh san aschur sin bhí dhá leabhar, naoi gcaibidil leabhair, agus 17 n-alt irise phiarmheasúnaithe. Is díol suntas gur fhoilsigh an tOllamh Aislín O'Donnell cúig cinn de na foilseacháin sin.

Bhí na foilseacháin dírithe ar réimsí a bhfuil leas straitéiseach ag an Roinn iontu, agus in 2017 leagadh béim láidir ar Oideachas sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht, Ceannasaíocht san Oideachas, Oideachas Múinteoirí, agus Fealsúnacht an Oideachais. Tagann na réimsí taighde sin go maith leis na réimsí atá á bhforbairt ag an roinn faoi láthair maidir le tairiscintí ar Dhioplóma, ar Mháistreacht san Oideachas agus ar Dhochtúireachtaí. Mar sin, tá nasc láidir idir na réimsí taighde sa Roinn agus na sainchúrsaí a sholáthraítear sna cláir oideachais.

Bhí cuir i láthair ag comhdhálacha dírithe ar theagasc agus ar cheisteanna náisiúnta oideachais, amhail oideachas múinteoirí agus beartas na hÉireann; bhain an ghníomhaíocht idirnáisiúnta le hOideachas sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht, Ceannasaíocht san Oideachas, Oideachas Múinteoirí agus Fealsúnacht an Oideachais.



An Dr Grace O'Grady, Roinn an Oideachais

Bhí an tlonad um Fhiosrúchán ar Insint Chlaochlaitheach, a bhfuil an Dr Grace O'Grady i gcomhcheannas air, suntasach freisin. Bhí an-bhaint ag an Dr O'Grady le heagrú comhdhálacha bliantúla as ar eascair foilseacháin.

Maidir le comhpháirteachas poiblí, ar bhealach ginearálta, cuimsíonn an obair atá á déanamh ag an roinn rannpháirtíocht le heagraíochtaí gairmiúla, ar rannpháirtíocht í a théann i gcion ar na heagraíochtaí sin, amhail an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, go háirithe an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – PDST.

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

OIDEACHAS AOSACH AGUS POBAIL

Tá 11 chomhalta ar an bhfoireann acadúil i Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail. In 2017, bhí comhaltaí foirne na roinne ina n-údair ar dhá leabhar, d'fhoilsigh siad 10 gcaibidil leabhair, 8 n-alt irise mheasúnaithe agus 4 thuarascáil a foilsíodh. Bhain triúr mac léinn PhD a gcuid céimeanna amach ón roinn in 2017.



An Dr Camilla Fitzsimons, Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail

Bhí an Dr Camilla Fitzsimons ina húdar ar an leabhar *Community Education and Neoliberalism, Philosophies, Practices and Policies in Ireland* (Palgrave Macmillan UK). Déantar iniúchadh sa leabhar seo ar an oideachas pobail in Éirinn agus áitítear go raibh tionchar an-mhór ag an nualibrálachas ar an oideachas pobail agus, seachas na prionsabail agus na cleachtais chomhchoiteanna faoi threoir an chomhionannais a bhí mar bhunús leis a choinneáil, go bhfuil mórán dá chuid neamhspleáchais cailte ag an oideachas pobail agus go bhfuil sé á athmhúnlú mar spásanna a bhfuil tréithe gníomhachaithe an mhargaidh saothair, gairmiú agus margadú ag baint leis.

Bhí an Dr Ted Fleming agus an Dr Fergal Finnegan, in éineacht leis an Dr Andrew Loxley (Coláiste na Tríonóide) mar údair agus mar eagarthóirí ar *Access and Participation in Irish Higher Education* (Palgrave Macmillan UK). Déanann an leabhar seo, a bhfuil ábhar ón Dr Bernie Grummell san áireamh ann, iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le rochtain agus le rannpháirtíocht laistigh den Ard-Oideachais in Éirinn. Déantar iniúchadh ann ar bheartas, oideolaíocht agus cleachtais maidir le rochtain a leathnú agus déantar doiciméadú ann ar an dul chun cinn agus ar na dúshláin a bhaineann leis an 'gclár rochtana' a chur chun cinn le fiche nó tríocha bliain anuas.

Tá sé mar aidhm ag an Ionad um Thaighde ar Fhoghlaim agus ar Oideachas Aosach (CRALE) feabhas a chur ar eispéiris oideachais do phobail faoi mhíbhuntáiste. Déantar é sin trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna suntasacha agus criticiúla a bhaineann le foghlaim agus oideachas aosach; tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí taighde mhic léinn agus fhoireann na roinne; tacú le gníomhaíochtaí taighde i gcomhar, le foilseacháin agus le cumarsáid eile le cleachtóirí, pobail agus lucht déanta beartas.

ROINN FROEBEL DON BHUNOIDEACHAS AGUS DON OIDEACHAS LUATH-ÓIGE

Cuireann Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige eispéireas foghlama atá sainiúil agus mac léinn-lárnach ar fáil do mhic léinn fochéime agus iarchéime. Bhí 25 foilseachán ag an roinn in 2017, lena n-áirítear 20 foilseachán agus ábhar comhdhála agus, alt irise amháin agus leabhar amháin. Tá na comhaltaí acadúla ar fhoireann na roinne mar léirmheastóirí do líon irisí agus foilseachán gairmiúil, lena n-áirítear: *Children's Literature Association Quarterly*; *Papers: Explorations into Children's Literature*; *MOSF: Journal of Science Fiction*; agus an *Universal Journal of Educational Research*.

Tá an roinn ag cur lena hacmhainn taighde, agus i measc na n-ábhar is díol spéise tá constaicí fóra agus braite atá roimh dhaoine óga ó chúilraí eitneacha mionlathaithe maidir le rochtain a fháil ar oideachas tosaigh múinteoirí; forbairt na gníomhaíochta in ábhair múinteoirí; dearcadh leanaí ar an nGaeilge; staidéar liteartha criticiúil ar Shoiscéal Naomh Marcas, agus eolas oideolaíoch ar an Matamaitic i measc ábhair múinteoirí.

Bhí an roinn páirteach i dtrí cinn de thionscadail a maoiníodh go seachtach: Luachshocrú Iomlán ar Bhithdhramaí Uirbeach don Eacnamaíocht (H2020), Bí Sábháilte ar Líne san Eoraip agus deontas chun Imeacht Iolraitheora a óstáil mar chuid den tionscadal Erasmus +; agus clár oiliúna do Chleachtóirí Réamh-Scoile chun tacú le feidhmiú Shamhail na Rochtana agus na hIonchuimsitheachta (AIM).



Niamh Fortune, Roinn Froebel don Bhun agus Luath-Oideachas

Mar chuid den taighde a bhaineann le modhanna foghlama agus teagaisc na Gaeilge, tháirg an fhoireann E-Leathanach (nuachtlitr leictreonach), a dháiltear ar thuairim is 2,000 bunscóil gach seachtain. Bronnadh an Lipéad Teanga, an Gradam Eorpach do Theangacha, ar E-Leathanach. Thacaigh an roinn freisin le scoileanna áitiúla maidir le forbairt ghairme (Ceol, Drámaíocht agus Litearthacht: Scoil Mochua, an Chorrochill) agus rinne sí Cathaoirleacht ar Líonra Ceannairí Scoile D10. Bhí Niamh Fortune ina hUachtarán ar Chumann Litearthachta na hÉireann. Rinne an Roinn óstáil ar Sheimineár Comhpháirteach Chumann Múinteoirí Éireann: Seimineár Comhpháirtíochtaí Scoile-Coláiste agus ar Chomhdháil Thionscadal Erasmus +: Turas Digiteach san Eoraip, in 17/18.

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

TÍREOLAÍOCHT

Tá 24 comhalta ar an bhfoireann acadúil sa Roinn agus cáil idirnáisiúnta orthu maidir le hathrú aeráide, imirce agus spásanailís réigiúnach agus tá beirt acu ina ndámhachtaithe de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde. D'fhoilsigh an Roinn 104 alt in 2017 agus bronnadh breis agus €1.5M i ndeontais taighde uirthi. Bronnadh Dámhachtain um Fhorbairt Gairme de Chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (€627,442, 'HydroCast: Seasonal Hydrological Forecasting for Ireland') ar an Dr Conor Murphy agus toghadh an tOllamh Gerry Kearns ina Chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Ag na Gradaim Thaighde Thionscnaimh de chuid Ollscoil Mhá Nuad bronnadh Gradam Luath-Ghairme na hOllscoile mar onóir ar an Dr Conor Murphy agus bronnadh Gradam na hOllscoile i leith Gnóthachtáil Taighde ar an Ollamh Rob Kitchin. Bhuaigh an mac léinn iarchéime, Rachel McArdle, an Gradam do Pháipéar Mic Léinn ón nGrúpa Speisialtacht Eorpach de Chumann Meiriceánach na dTíreolaithe. Ina theannta sin, bhain cúigear mac léinn PhD a gcéimeanna amach sa bhliain acadúil seo agus chuir ochtar mac léinn nua tús lena staidéar iarchéime.

I measc bhuaicphointí na bliana maidir le foilseacháin, bhí foilseacháin sna hirisí is mó le rá lena n-áirítear *Nature Climate*, *Science* and *Geology*. D'fhoilsigh an tOllamh Peter Thorne agus foireann idirnáisiúnta faoi threoir Ingo Bethke ó Uni Research agus ó Ionad Bjerknes don Thaighde Aeráide san iris mór le rá *Nature Climate*. Trí úsáid a bhaint as taifid de bhrúcthaí bolcánacha a fuarthas ó chroileacáin oighir chun réimse d'imeachtaí bolcánacha inchreidte a ionsá i réamh-mheastacháin ar shamhlacha aeráide don todhchá, léiríonn an staidéar gur dócha go méadóidh bolcánacht sa todhchá na brúnna ar éiceachórais agus ar an tsocháí mar go mbeidh sí mar chúis le haeráid níos athraithe a mbeidh níos mó den aimsir eisceachtúil le tabhairt faoi deara inti. Taispeánann na torthaí go bhféadfadh an aeráid a bheith níos athraithe ná mar a tugadh le tuiscint sna meastacháin is déanaí.

Bhí an Dr Conor Murphy ina chomhúdar ar pháipéar in *Science* agus d'fhoilsigh an Dr Lisa Orme alt in *Geology*, an iris is mó le rá sa réimse.

Lean tionscadal comhoibríoch agus trasdisciplíneach an Ollaimh Rob Kitchin maidir le Cathracha In-Riomhchláraithe, atá á mhaoiniú ag an ERC, de bheith ag óstáil siompóisiam agus ag foilsiú a chuid taighde, lena n-áirítear dhá bhailiúchán a ndearnadh eagarthóireacht orthu in 2017. Tá réim agus tábhacht an taighde seo soiléir ón tionchar a bhí ag cuid dá phríomhthéacsanna, lena n-áirítear an t-alt leis an Ollamh Kitchin in 2014 dar teideal 'The real-time city? Big data and smart urbanism,' in *GeoJournal*, a luadh 1,075 uair go dtí seo.

Bronnadh a chéad rangú san Innéacsú Idirnáisiúnta Eolaíochta (ISI) ar an iris acadúil *Dialogues in Human Geography*, iris a bhunaigh an tOllamh Kitchin agus dá bharr sin tá sé ar bharr liosta irisí tíreolaíochta ISI. Cé gur iris óg go leor fós í a foilsíodh i dtosach seacht mbliana ó shin, bhain *Dialogues in Human Geography* amach an tionchar luanna is airde ó ISI de na 54 Iris Tíreolaíochta atá rangaithe.

Soláthraíonn ISI innéacsú ar mhóirírisí idirnáisiúnta bunaithe ar cheithre cinn de phríomhchritéir: caighdeán an fhoilseacháin (bunaithe ar na luanna a fuair a cuid alt in irisí eile atá rangaithe ag ISI agus a tábhacht agus ábharthacht maidir leis an réimse taighde), caighdeán na lámhscríbhíne, caighdeán láithreoireachta agus caighdeán na heagarthóireachta.



An tOllamh Rob Kitchin, Roinn na Tíreolaíochta agus Institiúid Eolaíochta Sóisialta OMN

Is táirge a bhaineann leis an Tionscadal um Thógáil Deaiseanna Cathrach, atá lonnaithe ag an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht in Ollscoil Mhá Nuad é Deais Chorcaí, a seoladh in 2018. Tá an tionscadal a stiúradh ag an Ollamh Chris Brunson, an tUasal Martin Charlton, an tOllamh Rob Kitchin agus a chomhghleacaithe, i gcomhar le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí agus *Cork Smart Gateways*, arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Tarraingíodh aird freisin ar dhaiseanna Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí i sraith de shaothair ealaíne dhigiteacha le triúr ealaíontóirí Éireannacha, lena n-áirítear taispeántas i bhforhalla Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad. Tá caighdeán agus seasamh idirnáisiúnta an taighde san eolaíocht spásúlachta in Ollscoil Mhá Nuad soiléir ó chomh minic agus a dhéantar é a lua, mar shampla, páipéar a raibh an tOllamh Brunson ina údar air dar teideal, 'Principal Components Analysis on spatial data: an overview,' a foilsíodh in *Annals of the Association of American Geographers* (2013; rangaithe ag #7 don Tíreolaíocht, 2017, *Web of Science*) a bhfuil 150 lua faighte aige go dtí seo. In 2017, scríobh an tOllamh Brunson an t-athbhreithniú bliantúil ar réimse na Modhanna Cainníochtúla do *Progress in Human Geography* (rangaithe ag #2).

Le linn 2017–18, bhain an pobal scoláirí ag Lárionad Taighde Aeráide ICARUS mórán amach. Ceapadh an tOllamh Peter Thorne mar Phríomhúdar Comhordaithe don Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). Is é an t-éacht suntasach seo an post is sinsearaí atá bainte amach ag eolaí Éireannach laistigh den chomhlacht eolaíochta idirnáisiúnta ar dócha faoi láthair gur aige is mó a bheidh tionchar. Ní hamháin go bhfuil an IPCC lánach maidir le foirmiú beartas idirnáisiúnta ach tá tionchar suntasach aige ar an léann lena shintéis, le tátail bunaithe ar chomhthoil agus le caighdeánú modhanna; mar shampla, rinneadh páipéar oibre amháin de chuid an IPCC in 2013, 'Observations: atmosphere and surface,' a raibh an tOllamh Thorne ina chomhúdar air, a lua 1,432 uair go dtí seo.

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

TÍREOLAÍOCHT AR LEAN

Luadh obair an Dr Rowan Fealy 105 uair in 2017 (Google Scholar) agus i measc na dtrí alt dá chuid do 2017, bhí ceann in iris atá rangaithe sa seachtú háit maidir le Meitéareolaíocht agus Eolaíochtaí Atmaisféaracha (*Journal of Climate*) agus ceann atá rangaithe san 18ú háit (*Journal of Geophysical Research-Atmospheres*). Rinne an Dr Stephen McCarron comheagarthóireacht ar bhailiúchán a rinne suirbhéireacht ar an taighde is déanaí in *Irish Quaternary Studies*. D'fhoilsigh an Dr Gerard McCarthy in *Bulletin of the American Meteorological Society* (rangaithe ag #3 don Meitéareolaíocht agus do na hEolaíochtaí Atmaisféaracha, *Web of Science*, 2017).



An tOllamh Peter Thorne, Roinn na Tíreolaíochta agus Ionad Taighe Aeráide ICARUS

Bhí páirt lárnach ag foireann ICARUS maidir leis an bplé ar bheartas poiblí na hÉireann i dtaca le hathrú aeráide, agus ceapadh an tOllamh Thorne mar chomhairleoir don Choiste Oireachtais um Athrú Aeráide, ar thug sé an Dr McCarthy agus an Dr Murphy, tíreolaithe de chuid Mhá Nuad, chuige freisin. Bhí an Dr Murphy agus an tOllamh Thorne ina bhfinnéithe a raibh saineolas acu os comhair Thionól na Saoránach agus an t-athrú aeráide á phlé acu. Chomh maith leis an deontas suntasach a fuair an Dr Murphy ón SFI, bronnadh deontas suntasach AE ar an Ollamh Thorne, agus thug an Dr McCarthy na codanna deiridh den mhaoiniú ó dhámhachtain Fhís 2020 chuig Mhá Nuad. Tá an tionchar atá ag ár gcomhghleacaithe sa taighde ar Athrú Aeráide soiléir.

Nuair a rinne Éire forbairt ar a Straitéis Spáis Náisiúnta in 2002, bhí páirt lárnach ag tíreolaithe as Mhá Nuad, faoi cheannas an Ollaimh Jim Walsh, san fhorbairt sin. Arís eile, nuair a rinneadh forbairt ar an gCreat Náisiúnta Pleanála 2017–18, bhí baint mhór ag Mhá Nuad leis an bhforbairt agus an Dr Chris van Egeraat, a ceapadh ar Ghrúpa Comhairleach an Aire, in éineacht leis an Ollamh Walsh. Bhí baint ag an Ollamh Kitchin agus ag na taighdeoirí ag AIRO freisin le soláthar sonraí, léarscáileanna agus mar fhinnéithe a raibh saineolas acu. Tar éis do Thionscadal Éireann 2040 a bheith seolta in 2018, d'fhostaigh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár-Tíre an Dr van Egeraat chun cúnamh a thabhairt don chomhlacht sin an plean náisiúnta a aistriú chuig a straitéis eacnamaíoch agus spáis réigiúnach féin. Sa chreat nua pleanála seo feictear tuilleadh de na léargais ar an tionchar dóchúil a bheidh ag an athrú aeráide, ar léargais iad a chuir tíreolaithe eile i Mhá Nuad ar a súile do lucht déanta beartas.

Táirgeann an taighde feidhmeach sa tíreolaíocht dhaoine páipéir acadúla ach chomh maith leis sin tuarascálacha coimisiúnaithe agus in 2017 bhí an tOllamh Mary Gilmartin ag caint leis an *Irish Times* faoin tuarascáil, *Developing Integration Policy in the Public Sector: A Human Rights Approach*, a raibh sí ina comhúdar uirthi agus ar chuidigh sí lena seoladh ag an gCoimisiún Comhionannais. Tá an obair sin mar chuid d'imscrúdú fadtéarmach ar eispéireas na n-imirceach in Éirinn. Sa chás seo bhí sé dírithe ar an ról atá ag comhlachtaí poiblí maidir le straitéisí lánpháirtithe a cheapadh chun imircigh a thabhairt isteach in ionaid oibre atá slán agus tairbheach. Rinneadh obair an Ollaimh Gilmartin a lua 109 uair in 2017 (Google Scholar).

Bhí an tOllamh Kath Browne gníomhach freisin maidir le soláthar tuarascálacha, agus bhí sí ina comhúdar ar dhá cheann a d'eascair as tionscadal maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha chun saol sláintiúil a bheith acu. Tá tionchar an-mhór ag an Ollamh Brown i réimse na tíreolaíochta Aití agus Feiminí agus luadh a cuid oibre 411 uair in 2017. Luadh ceann dá cuid páipéar, 'Snowball sampling: using social networks to research non-heterosexual women' san *International Journal of Social Research Methodology* (2015), 828 uair go dtí seo. Scaiptear taighde feidhmeach i Mhá Nuad freisin trí mheáin ghréasánbhunaithe agus cuireann an Dr Adrian Kavanagh an blag is iontaoifa ar fad, b'fhéidir, ar thoghcháin na hÉireann ar fáil, blag a dtugtar suntas ar leith dó as an úsáid fhóiréinseach a bhaintear as pobalbhreitheanna ann agus an tuairisciú cuimsitheach a dhéantar ann ar iarrthóirí atá fógartha agus ar theorainneacha toghcheantar a bhfuil athrú déanta orthu. Cuireann an Dr Kavanagh taighde cúramach i láthair don phobal i gcoitinne agus is minic a bhíonn sé ar an raidió agus ar an teilifís aimsir toghcháin. Tá an méid sin fíor faoi chomhghleacaithe eile freisin, lena n-áirítear an Dr Ro Charlton a bhí ar RTÉ le linn 2017 agus é ag trácht ar bhaol tuilte in Éirinn de bharr athrú aeráide.

Luadh an tOllamh Karen Till 264 uair in 2017 agus tá 656 lua bailithe ag a leabhar ar *The New Berlin* (2005) go dtí seo. Tá cáil idirnáisiúnta ar an Ollamh Till i dtaca lena cuid oibre ar an gcuimhne phoiblí agus mar gheall ar an bhfeidhm nuálach atá bainte aici as an bhfianaise ealaíne chun staidéar a dhéanamh uirthi. Is é sin atá mar bhonn le líonra scoláirí agus ealaíontóirí, Comhar Taighde ar Spás agus Áit atá forbartha aici in Éirinn agus a chothaíonn na taispeántais agus na siompóisiamáí a eagraíonn sí, lena n-áirítear dhá thaispeántas i Mhá Nuad agus ceann i gCorcaigh in 2017.

Tá acmhainn shuntasach taighde ag Ollscoil Mhá Nuad i dtaca le Tíreolaíocht Leighis agus Sláinte. In 2017–18, bronnadh deontas de €147,171 ar an Ollamh Jan Rigby leis an mBord Taighde Sláinte chun staidéar a dhéanamh ar an tionchar atá ag nochtadh saoil do fhluairíú uisce pobail. Bhí taighde an Dr Rigby ar thíreolaíocht an neamhionannais sláinte ábhartha maidir leis an díospóireacht phoiblí ar thíreolaíocht dheighilt na hailse in Éirinn. Leathnaigh an Dr Ronan Foley a chuid oibre ar spásanna gorma le roinnt foilseachán agus trí dhul i gcomhar le healaíontóirí. Tá staidéar ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rochtain ar uisce oscailte mar chuid den obair leanúnach

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

atá á déanamh aige ar Thírdhreacha Teiripeacha, réimse ina dtugtar aitheantas dó mar cheannasaí domhanda agus luadh a leabhar ar an ábhar sin 64 uair ó foilsíodh é in 2016 (Google Scholar).

Tá líon den fhoireann agus de na mic léinn iarchéime i Roinn na Tíreolaíochta a bhfuil páirtithe leasmhara ón bpobal acu mar chuid dá bhfoireann taighde, lena n-áirítear an tOllamh Kath Brown mar chuid den obair atá á déanamh aici ar chearta gnéis agus inscne, an tOllamh Karen Till agus an tOllamh Gerry Kearns atá mar chuid den choiste taighde de chuid Rogha agus Comhionannas Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus an tOllamh Mary Gilmartin a dhéanann a cuid oibre ar eispéiris imirceach le comhpháirtithe sa tsochaí. D'fhorbair an Dr Alistair Fraser, agus é ag obair le sraith de chomhpháirtithe áitiúla lena n-áirítear Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus eagraíochtaí údarás áitiúil, an chéad Fhéile Bhiafhlaithis i Má Nuad. Cuirfidh an líonra seo bonn ar fáil i gcomhair taighde sa todhchaí.

Bhí an tOllamh Mark Boyle i gceannas ar chraobh na hÉireann de chlár URBACT a bhain feidhm as acmhainní ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar chuid den Chomhar Críochach Eorpach chomh maith le deontais náisiúnta chun pobal dea-chleachtais a thógáil i measc na gcomhlachtaí a rialaíonn cathracha na hÉireann. Bhí an Dr Conar Cahalane ina phríomhthaidheoir ar thionscadal i gcomhar le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann chun féachaint ar bhealaí le nuashonruithe léarscáile a uathoibriú trí aeríomhanna ardaifigh agus sonraí satailíte. Bhí sé mar chomhpháirtí freisin i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann le linn na tréimhse sin ag forbairt staidéir maidir le hoiriúnacht drón chun léarscáilíú a dhéanamh ar uiscí éadoimhne cois cósta. Oibríonn an Dr Chris van Egeraat go rialta le húdarás áitiúla ag tabhairt comhairle maidir le beartas réigiúnach. D'fhorbair an Dr Rowan Fealy, an Dr Martina Roche agus an Dr Simon Noone sineirgí idir an taighde agus an teagasc trí eolaíocht saoránaigh a chomhtháthú sa seomra ranga trí GEOLOCATE (GEO Locate land Observing ClimAte sTation attributEs) mar chuid de Sheirbhís Copernicus don Athrú Aeráide (C3S) atá á feidhmiú ag an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin (ECMWF) thar ceann an Aontais Eorpaigh.

ANTRAIPEOLAÍOCHT

Tá ochtar comhaltaí ar an bhfoireann acadúil i Roinn na hAntrapeolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad. In 2017, bhí comhaltaí foirne na roinne ina n-údair ar thrí leabhar, d'fhoilsigh siad cúig chaibidil leabhair, ceithre alt irise mheasúnaithe agus tuarascáil beartais amháin.




An Dr Chandana Mathur, Roinn na hAntrapeolaíochta

Is fiú a lua go háirithe gur bronnadh Gradam Scothsheirbhíse ar an Dr Chandana Mathur ag an searmanas clabhsúir ag an 18ú Comhdháil Dhomhanda d'Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Antrapeolaíochta agus Eitneolaíochta (IUAES) in Florianopolis, an Bhrasaíl. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar an méid a chuir sí le haontú an IUAES agus Comhairle Domhanda na gCumann Antrapeolaíoch WCAA) mar dhá chomhlachas in aon eagraíocht dhomhanda amháin: an tAontas Antrapeolaíochta Domhanda (WAU).

FORBAIRT IDIRNÁISIÚNTA

D'fháiltigh an Ollscoil roimh bhunú dhisciplín nua na Forbartha Idirnáisiúnta in 2017, trí chomhpháirtíocht fhoirmiúil i dtús báire le Lárionad Staidéir Forbartha Chamaí, agus ina dhiaidh sin nuair a corpraíodh é mar roinn acadúil de chuid na hOllscoile in 2019.

Bhí foilsíú trí cinn de phlépháipéir ina shraith ar Thaighde agus Tuiscintí ar Chleachtas Forbartha mar bhuaicphointe an ábhair taighde ó chomhaltaí na Roinne in 2017, arna gcur in eagar ag an Uasal Paddy Reilly, comhalta foirne sa Roinn Forbartha Idirnáisiúnta. In 2017, chuir an Dr Eilish Dillon taighde ar dhioscúrsaí an oideachais forbartha i measc cleachtóirí in Éirinn i gcrích, agus foilsíodh lámhleabhar ar thurasóireacht inbhuanaithe d'oibríthe deonacha Eorpacha-Áiseacha leis an Uasal Niamh Rooney.



An Dr Eilish Dillon, Roinn na Forbartha Idirnáisiúnta

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

DLÍ

Tá gaiscí taighde chomhaltaí Roinn an Dlí ag fás chomh tapa céanna agus atá an roinn féin. In 2017, d'fhoilsigh an roinn 103 mír, agus san áireamh ansin bhí 5 leabhar a scríobhadh nó a cuireadh in eagar, 19 gcaibidil leabhair, 20 alt measúnaithe in irisí agus tuarascáil bheartais amháin. Sin táirgeacht an-suntasach, go háirithe nuair is acadóirí luathghairme iad beagnach 70% de na comhaltaí atá ar an bhfoireann acadúil, 5-7 mbliana lardhochtúireachta.


Bhí foilseacháin shuntasacha ag na comhaltaí foirne in irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe, cuid de na hirísí dlí is airde atá rangaithe ina measc, lena n-áirítear *Theoretical Criminology*, *European Journal of Risk Regulation*, *Legal Studies*, *Criminology and Criminal Justice*, *The Industrial Law Journal*, *European Journal of Health Law*, and *International Criminal Law Review* (iad ar fad ina n-irisí Scopus/ Web of Science).

Maidir le leabhair, tháirg comhaltaí foirne saothair thábhachtacha a bhí dírithe go príomha ar chleachtóirí agus ar mhic léinn dlí, ina measc téacsanna cleachtóirí amhail *'Mortgages: Law Practice'* leis an Dr Neil Maddox agus téacsanna mac léinn, amhail *'Information and Communications Technology Law in Ireland'* leis an Dr Ronan Kennedy (OÉ Gaillimh) agus an Dr Maria Murphy. Bhí saothair eile a táirgeadh (*'Empire, Emergency and International Law,'* leis an Dr John Reynolds mar shampla, agus *'The Legal Challenges of Social Media,'* a raibh an Dr David Mangan ina chomhúdar air) dírithe níos mó ar ábhar is díol spéise do scoláirí agus do lucht déanta beartais. Táirgeann Roinn an Dlí saothar a mbeadh spéis ag a 'bpáirtithe leasmhara taighde' ar fad ann; chomh maith le scoláirí dlí, cleachtóirí dlí, mic léinn, lucht déanta beartais, agus iad siúd a bhfuil baint acu le hathchóiriú dlí. Ar an mbealach céanna, tháirg comhaltaí foirne saothair a bhí mar ábhar spéise do phobail intíre agus idirnáisiúnta (le foilsitheoirí idirnáisiúnta amhail *Cambridge University Press*, *Routledge*, *Edward Elgar*, agus foilsitheoirí dlí intíre amhail *Clarus Press*, agus *Thomson Round Hall*).

Bhí patrún den chineál céanna le feiceáil maidir le hábhar a chur ar fáil do leabhair a cuireadh in eagar, agus é dírithe go príomha ar saothair a mbeadh suim idirnáisiúnta iontu (agus foilsitheoirí amhail *Cambridge University Press*, *Routledge*, *Edward Elgar*, *Bloomsbury*, *University Press Italiane*, agus *Palgrave*). Tugadh cuireadh do chomhaltaí foirne ábhar a chur ar fáil do líon téacsanna a bhfuil tionchar acu, agus iad á gcur in eagar ag roinnt de na scoláirí dlí is mó a bhfuil meas orthu ar fud an domhain: mar shampla, an Dr Clíodhna Murphy a chuir ábhar ar fáil do *Vulnerability and the Legal Organization of Work*, a ndearna an tOllamh Martha Fineman (Emory, USA) comheagarthóireacht air; agus an Dr Oliver Bartlett a chuir ábhar ar fáil don *Research Handbook on EU Health Law and Policy*, a ndearna an tOllamh Tamara Hervey as Ollscoil Sheffield, an Ríocht Aontaithe, comheagarthóireacht air. Chuir beirt chomhaltaí foirne, an Dr Fergus Ryan agus an Dr Louise Kennefick, ábhar ar fáil do *Northern/Irish Feminist Judgments: Judges' Troubles and the Gender Politics of Identity*, leabhar atá thar a bheith suntasach, agus tionscadal nuálach leabhair maidir le hinscne, breithiúnas dlí, cumhacht bhreithiúnach agus féiniúlacht náisiúnta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Maidir le hábhair chleachtais, bhí Seth Tillman ina chomhúdar ar chúig cinn de mhionteagaisc a rinneadh i gcúirteanna feidearálacha trialach na Stát Aontaithe agus sna cúirteanna achomhairc sna Stát Aontaithe agus bhí sé ina chomhúdar ar eagarfhocal tuairime ar dhlí bunreachtúil na Stát Aontaithe sa *Wall Street Journal*.

Is fiú a lua go háirithe, gur bhronn Cumann Múinteoirí Dlí na hÉireann (IALT) Duais Leabhair Kevin Boyle 2017 ar an Dr John Reynolds as

Léann Dlí den Scoth. D'fhoilsigh *Cambridge University Press* leabhar John, *Empire, Emergency and International Law*, i mbliana.



Empire, Emergency and International Law leis an Dr John Reynolds, Roinn an Dlí

Cuireadh mórán ábhair ar fáil do thuarascálacha beartais agus mar shainchomhairleoirí. Mar shampla don Choimisiún Eorpach (ar chearta fostaíochta agus soláthar poiblí); Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Daonna (ar an gCairt um Chearta Bunúsacha); Aireachtaí Saothair na Gearmáine agus na Spáinne (ar chearta fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus cómhargáil san Eoraip); Coimisiún Dlí Ontario (Dlí an Chlúmhille in aois an idirlín); Coimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann (beartas lánpháirtithe san earnáil poiblí); agus ábhar a chur ar fáil do Thuarascáil Roinn Stáit na Stát Aontaithe ar Gháinneáil ar Dhaoine ar Fud an Domhain. Maidir le hathchóiriú Dlí: do Chomhairle na hEorpa (Moladh nua a dhréachtú maidir le ceartas aisiríoch i ngnóthaí coiriúla); do Dháil Éireann (aighneachtaí a cuireadh os comhair an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an Acht um Inscne a Aithint; saintuairim dlí ar Bhille na gCrióch faoi Fhorghabháil); agus mionteagaisc iomadúla i gcúirteanna feidearálacha trialach agus achomhairc Stáit na Stát Aontaithe.

Ghníomhaigh comhaltaí foirne mar chomhairleoirí, inter alia, do Mheicníocht Shaineolaíoch na Náisiún Aontaithe ar Chearta na bPobal Dúchasach (an Dr Noelle Higgins); Coiste Comhairleach Dlíthiúil an Líonra Domhanda do Chaingean Dlí; Comhairle um Chearta an Duine; agus Comhdháil na gCeardchumann. Bhí an Dr Ian Marder ar an bhfoireann saineolaithe eolaíochta a dhréachtaigh Moladh Chomhairle na hEorpa CM/Rec(2018)8 ó Choiste na nAírí chuig na Ballstáit maidir le ceartas aisiríoch i ngnóthaí coiriúla (a roghnaíodh mar chomhartha ar rannpháirtíocht na gcomhaltaí foirne in athchóiriú ar an dlí/ar an mbeartas poiblí). Rinne an Dr David Doyle agus an Dr Clíodhna Murphy tionscadal taighde i gcomhar le hIonad um Chearta Imirceach na hÉireann maidir le dearcadh íospartach ar obair éigeantais agus ar gháinneáil ar mhaithe le gníomhaíochtaí coiriúla. Bhunaigh an Dr Etain Quigley comhpháirtíocht le *Partnership with SeeChange* (Eagraíocht Neamhrialtasach Éireannach) i gcomhair tionscadal taighde ar mheabhairshláinte. Chuir an Dr Maria Murphy comhairle ar an gComhairle um Chearta an Duine maidir le roinnt saincheisteanna a bhain le beartas poiblí lena n-áirítear an Cáirt Seirbhíse Poiblí agus an Bille um Chomhroinnt Sonraí. Tháinig an Dr Fergus Ryan os comhair Ghrúpa an Oireachtais um Athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Inscne a Aithint chun plé a dhéanamh ar aitheantas dlíthiúil a thabhairt do dhaoine neamh-dhénártha agus chuir sé ábhar ar fáil don Athbhreithniú ar an Acht um Inscne a Aithint maidir le feidhmiú an Athbhreithnithe ar Inscne a Aithint (luaite i dtuarascáil an Ghrúpa).

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

SOCHEOLAÍOCHT

Ar mhórán bealaí, eascraíonn an neart atá i Roinn na Socheolaíochta agus a cáil mar cheannasaí náisiúnta as an réimse leathan gníomhaíochtaí atá ar siúl laistigh den roinn – tá na 16 chomhalta atá ar fhoireann acadúil na roinne ar fad thar a bheith gníomhach i gcúrsaí taighde, chomh maith le bheith ag cur ábhar suntasach ar fáil i réimse amháin eile nó níos mó (teagasc, leas mac léinn, rannpháirtíocht an phobail) Mheall an roinn deontais shuntasacha de €1.1M san iomlán in 2017/18, agus bhí rath uirthi i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta do mhaoiniú iarchéime, iardhochtúireachta agus Erasmus.

Tháinig 56 foilseachán ón roinn agus bhí ailt phiarmheasúnaithe uathu in irisí mór le rá, lean n-áirítear *Capitalism, Nature, Socialism; Critical Sociology; Gender, Work and Organisation; Social Policy and Administration; Third World Quarterly*.

Is díol suntasais freisin go bhfoilsítear na caibidlí leabhair a thagann ón roinn in imleabhair idirnáisiúnta den chuid is mó, ar imleabhair iad a thugann forléargas úrscothach ar réimsí amháil polaitíocht an striapachais, déimeagrafaic idirnáisiúnta na Seapáine, gluaiseachtaí sóisialta, gairdíní uirbeacha, na meánaicmí agus eile.



An Dr Aphra Kerr, Roinn na Socheolaíochta

Is fiú a lua go háirithe, gur foilsigh an Dr Aphra Kerr a leabhar *Global Games* agus go bhfuil cuid mhór airde á tarraingt air go hidirnáisiúnta i gcónaí. Cuireann sé seo an obair atá déanta aici roimhe seo ar an ardán domhanda ar bhealach níos soiléire fós agus daingníonn sé a clú mar phríomhscoláire idirnáisiúnta maidir le hanailís ar tháirgeadh agus ar chultúr cluichí, ach níos mó ná sin ar theicneolaíocht, cumarsáid agus an tsochaí. (www.routledge.com/Global-Games-Production-Circulation-and-Policy-in-the-Networked-Era/Kerr/p/book/9780415858878).

Bhí an Dr Delma Byrne ina comhúdar ar eagrán speisialta de *American Behavioral Scientist* ar “Effectively Maintained Inequality,” dearcadh nua tábhachtach ar na próisis trína ndéantar neamhionannas san oideachas a choinneáil. Bhailigh an t-eagrán speisialta príomhscoláirí idirnáisiúnta le chéile agus dhaingnigh sé ailt an Dr Byrne laistigh den phobal idirnáisiúnta scoláirí ar neamhionannas oideachais (journals.sagepub.com/toc/ABS/61/1).

Bhain cúigear mac léinn PhD a gcéimeanna amach sa bhliain acadúil seo agus chuir cúigear mac léinn nua tús lena gcuid staidéir. Chuir na mic léinn dochtúireachta, an tUasal Finn agus an tUasal Whelan, in éineacht leis an Dr Mary Murphy, torthaí óna gcuid taighde ar chomhionannas inscne agus ar sheirbhísí fostaíochta i láthair an Chomhchoiste ar Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta. San aighneacht a chuir siad os comhair an choiste, d’fháiltigh an tUasal Finn agus an tUasal Whelan roimh an laghdú atá tagtha ar an difhostaíocht in Éirinn le blianta beaga anuas, agus thug siad aitheantas don mhéid suntasach den athchóiriú institiúideach atá curtha i gcrích agus don fheabhas atá tagtha ar sholáthar seirbhísí. Mar sin féin, tharraing siad aird ar an loighic bhunúsach atá mar thaca leis an straitéis Conairí Chun Oibre – 2016–2020 de chuid an Rialtais, atá mar ábhar inní dóibh, agus béim á leagan acu ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hacmhainn, le hinniúlacht agus le cultúr. Is iad seo a leanas na moltaí a chuir siad os comhair an choiste: déan cúiteamh maidir le ceisteanna a bhaineann le comhionannas inscne i mbeartas agus i gcleachtas gníomhachaithe; téigh i ngleic le ceisteanna a bhaineann le soláthar seirbhísí fostaíochta agus le soláthar seirbhísí sóisialta ar bhealach comhtháite; déan folláine agus treoir do dhaoine fásta a chur chun cinn laistigh de Chonairí Chun Oibre; agus áirithigh go ndéanfar tuairiscíú trédhearcach i dtaca le coinníollacht agus beartas agus cleachtas smachtbhannaí.

Leanadh de rannpháirtíocht Ollscoil Mhá Nuad i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann trí IQDA, faoi chomhcheannaireacht an Ollaimh Jane Gray. www.maynoothuniversity.ie/iqda/about-iqda/iqda-and-dri

Tháinig an tionscadal de chuid na Comhairle Eorpaí dar teideal “*New Deals in the New Economy*” a raibh an tOllamh Seán Ó Riain ina bhun, go deireadh a thimthriall maoinithe in 2017–18, cé go bhfuiltear ag leanúint den taighde. Tá sonraí iomlána ar fáil ag: newdeals.maynoothuniversity.ie

Rinne an roinn óstáil ar shraith d’imeachtaí le linn na bliana acadúla lena n-áirítear comhdháil inmheánach chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol Karl Marx agus é 200 bliain ó saolaíodh é agus siompóisiam dar teideal ‘*Citizen Woman*’ chun comóradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Tionóladh comhdháil ar an nGeilleagar Digiteach, Cineálacha Nua Oibre, agus Dúshlán do Chórais Leasa Shóisialaigh: Cistiú agus Clúdach, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP).

INSTITIÚIDÍ TAIGHDE



INSTITIÚID NA NEALAÍON AGUS NA NDAONNACHTAÍ

Mar chuid den atheagar a cuireadh ar institiúidí taighde Ollscoil Mhá Nuad in 2017–18, bunaíodh Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (AHI). Sa tírdhreach taighde nua atá ag Ollscoil Mhá Nuad, is í AHI an príomhinstitiúid taighde atá ag Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta. Cuimsíonn an institiúid nua Ionad na nDaonnachtaí Digiteacha (ar tugadh an Foras Feasa air roimhe seo) Ag deireadh na bliana 2017, ceapadh an tOllamh Thomas O'Connor mar stiúrthóir tionscnaimh ar an institiúid nua ar iasacht cúig bliana ó Roinn na Staire, agus cuireadh tús leis an stiúrthóireacht i mí Eanáir 2018.

Tá AHI tiomnaithe go príomha don léann a chur chun cinn laistigh den Dámh, agus tá sé mar aidhm aici an chuid de fearr de thraidisiún saibhir Ollscoil Mhá Nuad i dtaca le taighde sna daonnachtaí a chur os comhair an tsaoil. Agus í ag oibriú go dlúth leis an Oifig Forbartha Taighde, an Leas-Uachtarán um Thaighde, ceannairí na nInstitiúidí eile, ranna acadúla agus comhghleacaithe taighde ar fud na hOllscoile, tacaíonn AHI le taighde aonair, taighde i gcomhar agus taighde idirdhisciplíneach agus fóram bríomhar á sholáthar aici do scoláirí chun smaointe a phlé agus a mhalartú in áiseanna saincheaptha. Tríd an gclár imeachtaí atá aici, déanann sí éascú ar rannpháirtíocht an phobail leis na téacsanna agus leis na nithe cultúrtha a dhéanann sinn a mhúnlú mar shibhialtacht agus mar shochoaí, agus tugann sí rochtain ar an saineolas léinn a chuidíonn lena luach agus lena mbrí a nochtadh.

Tá dhá scór comhalta ag an Institiúid faoi láthair. Le linn 2017/18, rinne sí óstáil ar chruinnithe de Choiste Taighde Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta, ar sheimineáir taighde roinne, ar líon mór ceardlanna agus comhdhálacha; déanann sí freastal i bhfoirgneamh lonta ar ghrúpa de 39 PhD ó ranna ar fud na Dáimhe, agus iad á mbainistiú i gcomhar leis an Oifig Staidéir Iarchéime. Faoi láthair, tá dhá scéim do mhic léinn iarchéime á réachtáil ag an Institiúid.

- (i) ciste imeachta iomaíoch chun tacú le taighde líonraithe;
- (ii) clár de cheardlanna inmheánacha i dtaca le piarmheasúnú, scríobh deontas agus cultúr taighde, i gcomhar le Staidéar Iarchéime

Déanann an Institiúid Scéim Taighde Luathghairme a réachtáil le siolchiste i gcomhair cúig cinn de líonraí tionscadal taighde, a bheidh i bhfeidhm go dtí mí Iúil 2019, agus dámhachtaithe aici i mBéarla, Fealsúnacht, Spáinnis, Stair agus Gaeilge Luath.

Cuireann an Institiúid cóiríocht ar fáil i gcomhair tionscadail taighde atá ar chonairí maoinithe faoi láthair. Is iad sin:

MOTHERNET

H2020 H2020-WIDESPREAD-3-2018: scéim maoinithe “TWINNING,” in éineacht le comharghrúpa “Thinking Motherhood” as Ollscoil Vilnius: (an Liotuáin) agus tionscadal “Mother Anyway” as Ollscoil Uppsala (an tSualainn): Príomhthaighdeoir, an Dr Valerie Heffernan

LGBTQ GAME ARCHIVE

Togra Deontais do Shintí Digiteacha Chomhairle Mheiriceánach na gCumann Léinn-12-2018: PIU an Dr Adrienne Shaw, Ollscoil Temple; na Dochtúirí Aphra Kerr, John Keating agus Thomas O'Connor, Ollscoil Mhá Nuad

TENERIFE PROJECT

Ardán digiteach i gcomhair cartlann mhór ar an gcoigríoch

MIGRANT PROSOPOGRAPHICAL PROJECT

Ardán digiteach i gcomhair sonraí beathaisnéiseacha.

Faoi láthair, cuireann an Institiúid maoiniú ar fáil i gcomhair cúig chomhaltacht chuartaíochta atá ceadaithe ag bord roghnúcháin dáimhe. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Institiúid le hiarrachtaí i gcomhair maoiniú ginearálta, agus coinníonn sí bunachar sonraí de na réimsí taighde a bhfuil suim ag comhghleacaithe iontu; díriúnn sí scéimeanna IRC, ERC, scéimeanna daonchairdiúla agus scéimeanna eile ar dhaoine agus ar ghrúpaí áirithe; ag obair leis an RDO agus le gníomhaireachtaí seachtracha.

Tá dhá mhórhionscadal mhaoinithe á n-óstáil ag an Institiúid faoi láthair:

1. Chronologicon Hibernicum: creat dóchúlaíoch croineolaíoch chun forbairt agus litríocht na Gaeilge luaithe a dhátú; Deontas Comhdhlúthóra na Comhairle Eorpaí um Thaighde, €1.5M, 2016–2020: Príomhthaighdeoir, an tOllamh David Stifter
2. An Leigheas in Éirinn sna Meánaoiseanna i gcomhthéacs Iarthuaisceart na hEorpa; Dámhachtain Laureate Luathghairme na Comhairle um Thaighde in Éirinn, €400k, 2018-2020: Príomhthaighdeoir, an Dr Deborah Hayden

Ar deireadh, déanann an Institiúid éascú ar naisc agus ar chomhpháirtíochtaí i dtaca le taighde seachtrach, lena n-áirítear leis an Ionad do Dhaonnachtaí Digiteacha i gColáiste na Tríonóide, Comhaontas Dhaonnachtaí na hÉireann agus ionaid agus líonraí éagsúla taighde eile.

INSTITIÚID HAMILTON

Institiúid taighde idirdhisciplíneach STEM is ea Institiúid Hamilton, a bunaíodh in 2001 agus í dírithe ar mhataimic, ar ríomh agus ar chumarsáid. Is é an tOllamh Ken Duffy Stiúrthóir na hInstitiúide. Sna blianta ó bunaíodh í, tá an institiúid gníomhach i raon leathan de réimsí taighde, agus bhain sí amach breis agus €60M de mhaoiniú taighde iomaíoch, agus modhanna matamaiticiúla agus ríomhaireachtúla a chur i bhfeidhm ar an saol réadúil mar théama aontaitheach ina cuid oibre. A bhúiochas do na hiarrachtaí atá déanta ag iarchomhaltaí agus ag na comhaltaí reatha, tá cuntas teiste láidir bunaithe aici i réimsí amhail: Cumarsáid, Córais agus Rialú; Bitheolaíocht Mhataimiciúil agus Chóras; Meaisínfhoghlaim; Dóchúlacht Fheidhmeach; agus Rúndacht agus Slándáil Sonraí. Is iad na réimsí sin na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag an ollscoil. Mar thoradh ar thaighde na hInstitiúide bhí foilseacháin in irisí mór le rá, lena n-áirítear: *Automatica*; *IEEE Transactions on Automatic Control*; *IEEE Transactions on Information Theory*; *IEEE/ACM Transactions on Networking*; *IEEE Transactions on Wireless Communications*; *Nature Communications*; agus *Science*.

Ó 2017 i leith, feidhmíonn Institiúid Hamilton (HI) ar mhúnla comhalta cleamhnaithe. Cuireann sé ar chumas comhghleacaithe a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí taighde i réimse na heolaíochta cainníochtúla agus na hinnealtóireachta ceangal a bheith acu leis an Institiúid. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí 36 cleamhnaí de chuid Institiúid Hamilton a tháinig as Roinn na Bitheolaíochta, Scoil an Ghnó, Roinn na Ríomheolaíochta, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, an Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasáíochta, Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí agus an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht.

Ina theannta sin, tá roinnt comhaltaí foirne atá gníomhach sa taighde a bhfuil ceapacháin acu ar iasacht go hiomlán nó go páirteach ón roinn baile. Rinneadh roinnt ceapacháin nua chun cuidiú le réimsí tosaíochta straitéise i gcomhair taighde in 2018, agus mar thoradh orthu sin fuarthas comhaltaí foirne ar iasacht ó Roinn na Ríomheolaíochta, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí.

Tháinig an tOllamh Subhrakanti Dey go hOllscoil Mhá Nuad ó Ollscoil Dheisceart na hAstráile, áit a raibh sé in Ollamh le Teileachumarsáid, agus é ina ollamh roimhe sin in Uppsala agus in Ollscoil Melbourne, áit a raibh sé ina cheannasaí ar Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Leictirí. Oibríonn an tOllamh Dey, arb í an Roinn Innealtóireachta Leictreonaí a Roinn baile, ar na teorainneacha idir teoiric rialaithe, teoiric faisnéise agus líonraí cumarsáide. Ó tháinig sé chuig Ollscoil Mhá Nuad, tá sé ag plé le roinnt de Lárionad Taighde an SFI, go háirithe CONNECT.

Tháinig an tOllamh Andrew Parnell chuig Ollscoil Mhá Nuad as Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Baineann a chuid taighde le staitisticí agus meaisínfhoghlaim do thacair sonraí struchtúrtha i suíomhanna feidhme éagsúla, rud a chiallaíonn go mbíonn idir thaighde bunúsach agus thaighde feidhmeach á dhéanamh aige. Faoi láthair, tá sé ina thaighdeoir maoinithe i dtrí cinn d'ionaid SFI (INSIGHT, I-Form, VistaMilk), tá Dámhachtain Forbartha Gairme de chuid SFI aige, agus bhí baint aige le tráchtáil taighde le trí cinn de ghnólachtaí nuathionscanta Prolego Scientific (CSO) and Atturos (Comhairleoir Eolaíochta). Ó thosaigh sé in Ollscoil Mhá Nuad, óna chuid oibre maoinithe, tá sé ag déanamh cómhaoirseacht ar sheisear mac léinn Ph.D in éineacht lena chomhghleacaithe.

Tar éis dó a Ph.D. a bhaint amach i Roinn na Ríomheolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad, d'fhill an tOllamh Damien Woods ar Ollscoil Mhá Nuad as INRIA sa Fhrainc, agus bhí post mar Ollamh Taighde aige roimhe sin le Caltech. Is iad na réimsí taighde a bhfuil suim aige iontu ná gnéithe bunúsacha de ríomhaireacht DNA agus ríomhairí móilíneacha, topaic a bhfuil deontas measúil aige ina leith ón gComhairle Eorpach um Thaighde. Baineann a fhoireann úsáid uirlisiú as matamaitic scoite, algartaim, teoiric chastachta ríomhaireachtúil agus teoiric dhóchúlachta, chomh maith lena gcuid smaointe a fheidhmiú go fisiceach sa saotharlann fhliuch.

Tháinig an tOllamh Vicenc Torra chuig Ollscoil Mhá Nuad as Ollscoil Skovde sa tSualainn, áit a raibh sé in Ollamh le Faisnéisíocht. Tá sé ina Chomhalta den IEEE chomh maith le bheith ina chomhalta den Chumann Eorpach um Intleacht Shaorga. Oibríonn an tOllamh Torra, a bhfuil Roinn na Ríomheolaíochta mar roinn baile aige, ar loighic na doiléire, meaisínfhoghlaim, intleacht shaorga agus príobháideacht sonraí. Bhí seisean freisin ag plé le roinnt de Lárionad Taighde an SFI, go háirithe INSIGHT agus LERO.

Tá an comharghrúpa leathan de chomhghleacaithe agus de dhaoine ar iasacht mar thairseach chriticiúil chomhtháite a chuireann ar chumas Ollscoil Mhá Nuad seimineáir idirdhisciplíneacha ón saol acadúil agus ó earnáil na tionsclaíochta a óstáil, chomh maith le fóram a chur ar fáil trínar féidir le foireann de chuid Ollscoil Mhá Nuad a gcuid taighde a chur i láthair a gcuid comhghleacaithe. In 2018, san áireamh sa tsraith bhí, mar shampla, cainteoirí as MIT, IBM agus as cúig roinn laistigh d'Ollscoil Mhá Nuad.

Ar cheann de na gníomhaíochtaí suntasacha ar thug cleamhnaithe na hInstitiúide fúthu in 2018 bhí freagairt Ollscoil Mhá Nuad do Ghlaonlonaí Oiliúna Taighde (CRT) Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a eagrú. Tá sé mar aidhm ag plean straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad méadú suntasach a chur ar líon na mac léinn dochtúireachta, agus thug clár SFI maidir le clár oiliúna dochtúireachta a bhí dírithe ar “Scileanna Sonraí agus TFC don Todhchaí” deis shoiléir chun cur go

suntasach leis an sprioc sin. De bhrí go raibh breis agus 120 mac léinn á n-oiliúint ag gach CRT ilinstitiúideach, agus go raibh sé riachtanach go mbeadh ar a laghad 30 maoirseoir ainmnithe in aon iarratas, bhí gá le grúpa mór maoirseachta chun acmhainní a fháil ón scéim. Ag Ollscoil Mhá Nuad, baineadh amach an acmhainn sin nuair a tugadh comhghleacaithe le chéile sa HI trasdisciplíneach. Ar an mbealach sin, cuireadh isteach trí cinn de thograí tionscadail i samhradh na bliana 2018, péire acu á dtreorú in Ollscoil Mhá Nuad ag comhaltaí an HI, an tOllamh Ken Duffy, an stiúrthóir, an tOllamh Ken Duffy agus an tOllamh Andrew Parnell, agus an tríú ceann á threorú ag an Dr Deirdre Desmond ó Institiúid ALL. D'éirigh le péire de na tograí sin, agus cuirfidh siad maoiniú ar fáil i gcomhair timpeall 70 scoláireacht dochtúireachta lánmhaoinithe san Ollscoil trí na hionaid sin.

Ina theannta sin, ceadáíodh roinnt deontais tionscadail mhaoinithe don dámh ar iasacht ag HI a tháinig ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear SFI, an tAontas Eorpach, Acadamh Ríoga na hÉireann agus an Cumann Ríoga agus an Institiúid Náisiúnta um Cheartas. D'fhoilsigh siad 27 páipéar irise agus 17 gcomhdháil phiarmheasúnaithe sna réimsí a bhaineann le matamaitic fheidhmeach, ríomheolaíocht, innealtóireacht, staitisticí, agus eolaíochtaí na beatha.

Chun sampla suntasach amháin a thabhairt, i mí Feabhra 2018, d'fhógair foireann idirnáisiúnta taighdeoirí, lena n-áirítear an tOllamh Ken Duffy ó Institiúid Hamilton agus an Dr Cristina Lo Celso ó Imperial College Londain go raibh dul chun cinn mór déanta sa staidéar ar leicicéime mhialóideach ghéar (AML) a d'fhéadfadh cóir leighis níos fearr a sholáthar dóibh siúd atá ag fulaingt ón ailse fola ionsaitheach seo a chuireann as do dhuine as gach 200 fear agus duine as gach 200 bean sa Ríocht Aontaithe. Bhí a gcuid taighde mar ábhar do dhá pháipéar, ceann acu a foilsíodh san iris mór le rá *Cell Stem Cell*, agus foilsíodh an ceann eile in *Nature Communications*.

Mar thoradh ar an gcéad staidéar (*Nature Communications*, 2018), tháinig tuiscint nua chun cinn, is é sin go mbíonn an lámh in uachtar ag leicicéime ar chealla sláintiúla san iomaíocht i gcomhair acmhainní, agus iad neamhairdeallach den chuid is mó i dtaca le cealla sláintiúla a bheith á ndíothú. Deimhníodh sa staidéar eile (*Cell Stem Cell*, 2018) ina dhiaidh sin gur fheabhsaigh teiripe chun limistéar an smeara a choimeádann gaschealla annamha a chosaint, ina lonnaíonn leicicéime go forleathan, an tionchar ceimiteiripeach agus go gceadaíonn sí athghiniúint na fola. Ceanna de na cúiseanna a bhfuil an taighde seo tábhachtach is ea go bhfuil riachtanas práinneach cliniciúil do chóir leighis níos éifeachtaí do AML, a bhfuil ráta íseal leighis aige de 5-15% in othair atá breis agus 60 bliain d'aois agus feidhm á baint as na teicnící céanna mar chóir leighis don ghalair sin le 30 bliain anuas.

AN INSTITIÚID UM THAIGHDE AR SHLÁINTE AN DUINE IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

Sa 21ú haois, de bharr go bhfuil tinneas ainsealach forleathan, go bhfuil galair nua ag teacht chun cinn agus go maireann ionfhabhtuithe ceanndána go fóill ar fud an domhain, beidh gá le bealaí nuálacha chun dul i ngleic le galair. In 2017, bunaíodh institiúid taighde trasdisciplíneach nua chun spriocanna straitéiseacha na hollscoile a chur chun cinn i réimse Shláinte an Duine. Ceapadh an tOllamh Paul Moynagh as Roinn na Bitheolaíochta mar stiúrthóir tionscnaimh agus tá 42 comhalta ar an bhfoireann acadúil faoi láthair agus a bhformhór tagtha as Roinn na Bitheolaíochta, Roinn na Síceolaíochta, Roinn na Ceimice, agus Roinn na Ríomheolaíochta. Cuimsíonn an insitiúid nua Institiúid na hImdhíoneolaíochta, institiúid rathúil atá ann cheana féin. Tá an taighde a dhéantar san institiúid um Shláinte an Duine dírithe ar thuiscint a fháil ar na gnéithe bunúsacha a bhaineann le sláinte agus galair, agus é dírithe i dtús báire ar chúig cinn de réimsí:

- > An tSláinte agus teicneolaíochtaí leighis
- > Imdhíoneolaíocht agus micribhitheolaíocht
- > Ceimic agus bitheolaíocht galair
- > Eolaíocht néara-iompraíochta agus chognaíochta
- > Sláinte dhomhanda agus phobail

Oibríonn foirne taighde na hinstitiúide le hacadóirí idirnáisiúnta, soláthraithe cúraim sláinte agus earnáil na tionsclaíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe uathúla a bhaineann le sláinte an duine ag an leibhéal móilíneach agus ag an leibhéal ceallach, agus iad ag teacht ar bhealaí nua chun dul i ngleic le galair, agus chun na fionnachtana sin a chur ag obair mar chógais, mar nósanna imeachta agus mar bheartais nuálacha.

INSTITIÚIDÍ TAIGHDE

INSTITIÚID NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA IN OLLSCOIL MHÁ NUAD

Tá Ollscoil Mhá Nuad aitheanta mar phríomhionad náisiúnta agus idirnáisiúnta do thaighde idirdhisciplíneach ar na heolaíochta sóisialta. Comhordaítear agus riartar roinnt tionscadal eolaíochta sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad (MU) ar fud réimse disciplíní san Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad (MUSSI). www.maynoothuniversity.ie/social-sciences-institute. Bunaíodh MUSSI mar chuid de chur i bhfeidhm Straitéis uailmhianach Taighde Ollscoil Mhá Nuad (2012-2017). Is í an tOllamh Linda Connolly stiúthóir na hInstitiúide. Cuimsíonn MUSSI an rath seanbhunaithe atá ar chuid de na hInstitiúidí, na hionaid taighde agus na Ranna atá gníomhach in Ollscoil Mhá Nuad, tógann sí ar an rath sin agus tá sí ailníthe le plean nua d'Institiúidí taighde Ollscoil Mhá Nuad, a faomhadh i mí na Nollag 2016.

Tá an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) agus an tIonad Náisiúnta Geoiríomhaireachta (NCG) i measc ghrúpaí agus ionaid éagsúla taighde MUSSI. Daingníonn agus forbraíonn an Institiúid roinnt infreastruchtúir criticiúla náisiúnta sonraí agus tacaíonn sí leo. Ina measc sin tá an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO), Cartlann Sonraí Cáilíochtúla na hÉireann (IQDA), ICLRD (an Lárionad Éireannach um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach) agus Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI). Faightear mioneoas ar shuíomh gréasáin MUSSI ar na hionaid ghníomhacha seo ar fad. Tá tionscadail idirnáisiúnta taighde i réimsí eile (amhail cearta an duine, inbhuanaitheacht, forbairt idirnáisiúnta, cúrsa saoil, tithíocht agus imirce agus ceisteanna comhionannais srl.) lonnaithe san Institiúid i gcomhpháirt le Ranna. Ar na ranna atá páirteach i dtionscadail mhaoinithe san Institiúid faoi láthair tá: Dlí, Tíreolaíocht, Antraipeolaíocht, Eacnamaíocht, Síceolaíocht, Ríomheolaíocht, Socheolaíocht agus Institiúid Hamilton. Tagann taighdeoirí san Institiúid ó na disciplíní seo, chomh maith le réimse disciplíní eile – Eolaíochtaí Sláinte, Eolaíocht Pholaitiúil/Fealsúnacht Pholaitiúil, Beartas Sóisialta, staidéar Gnó, Staidéar Inscne, GIS, Staidéar faoin Imirce, an Léann Forbartha, Pleanáil, Staidéar agus Teicneolaíocht Uirbeach, Geolaíocht srl. Tá mórán de na taighdeoirí agus na tionscadail seo ag obair go díreach le comhlachtaí poiblí, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an Rialtas (m.sh tá beirt chomhaltaí ó MUSSI ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, a seoladh in Ollscoil Mhá Nuad, agus tá tionscadail 'Deais' ag obair le comhairlí cathrach i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath).

Tá páirt á glacadh ag breis is 100 comhalta i ngníomhaíochtaí de chuid na hInstitiúide ar fud roinnt disciplíní agus ranna.

Tá aithne an-mhaith ar MUSSI ar fud earnáil HEI agus i measc páirtithe leasmhara in Éirinn, sa Tuaisceart agus sa Deisceart. Léirítear é sin sa mhéid mór de thaighde conartha a n-iarrtar uirthi tabhairt faoi do ghníomhaireachtaí poiblí agus tríú hearnáil agus is minic a iarrtar uirthi dul i gcomhpháirt le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le hInstitiúidí eile ardoideachais mar chuid de thairiscintí trasnáisiúnta taighde. Fuair breis is 300 tionscadal piarmheasa san Institiúid maoiniú seachtrach ó 2001 i leith, €61 milliún san iomlán.

Cuireadh tús le taighde ceannródaíoch ar bheartas agus ar shocháí i réimsí éagsúla mar gheall ar na gradaim sin. Ní liostaítear ach cuid acu thíos:

- > Cathracha Cliste
- > Imirce
- > Pleanáil bunaithe ar Fhianaise
- > Léirshamhlú Sonraí (Comhpháirtí Léirshamhlaithe le Daonáireamh Éireann)
- > Eacnamaíocht Pholaitiúil, Obair & Saolta Oibre
- > Staidéar Uirbeach/Fo-uirbeach
- > Forbairt Uirbeach, Réigiúnach agus Idirnáisiúnta
- > Tíreolaíocht Eacnamaíoch & Réigiúnach
- > Cearta an Duine agus Ceisteanna Comhionannais
- > Inscne
- > Taighde ar Cheartas Sóisialta
- > Tithíocht
- > Féinmharú
- > Pleanáil Pobail agus Spásúil i Réigiún Teorann na hÉireann
- > Pleanáil Spásúil agus Beartais um Chomhtháthú Críche ag Leibhéal Thrasnáisiúnta san Eoraip
- > Beartas Sóisialta
- > Staidéar ar Chúrsa Saoil agus ar an Teaghlach
- > Cartlanna digiteacha
- > Breathnú ar an gCruinne
- > Eolaíochtaí Sláinte
- > Breathnú ar an gcruinne
- > Geoiríomhaireacht
- > An Ghaeilge

Ó 2008 i leith, bhí príomhról ag taighdeoirí MUSSI agus NIRSA i mbunú agus i reáchtáil Chomhghuaillíochta Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann (ISSP), a d'athraigh tírdhreach náisiúnta an taighde ar eolaíocht shóisialta ó bhonn. Seachas eolaithe sóisialta a bheith ag tabhairt faoi thaighde mar dhaoine aonair i Roinn, is féidir comhoibriú go himhneánach le comhghleacaithe laistigh de struchtúir Institiúide agus le heolaithe sóisialta in Institiúidí in Ollscoileanna eile trí ISSP. Chuir comhoibriú laistigh agus ar fud ollscoileanna na hÉireann le próifíl na heolaíochta sóisialta go náisiúnta. Is ardán uile-oileáin é ISSP de thaighde comhtháite ar eolaíocht shóisialta agus d'oiliúint iarchéime a dhíríonn ar na hathruithe sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a mhúnlaíonn Éire sa 21ú haois. I dtús báire, thug ISSP scoláirí le chéile ó 19 ndisciplín in ocht n-Institiúid ardoideachais, agus ina dhiaidh sin, thug sé 2 Ollscoil eile ar fud an oileáin le chéile i gclár coiteann taighde atá dírithe ar eolas, nuálaíocht, socháí agus spás. Dhírigh ISSP ar imscrúdú a dhéanamh ar thrí théama leathana a bhfuil tábhacht náisiúnta leo – ag cruthú forbairt chothrom, ag cothú pobal agus ag tógáil eacnamaíocht an eolais. Tá cathaoirleacht ISSP i seilbh MUSSI faoi láthair.

INSTITIÚIDÍ TAIGHDE

Le blianta beaga anuas, bronnadh deontais iomadúla de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar thaighdeoirí MUSSI, lena n-áirítear trí thionscadal mór le rá de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (Ardleibhéil agus Daingnithe) a léiríonn go soiléir gur ionad idirnáisiúnta barr feabhais san Ollscoil agus go hidirnáisiúnta é.

SEO A LEANAS SAMPLAÍ DE THIONSCADAIL AR TUGADH FÚTHU LE DÉANAÍ:

> 'New Deals in the New Economy,'

European Research Council-funded study of the political economy of work, production, employment regimes, and the changing worlds of capitalism, 2012-2017, an tOllamh Sean O Riain.

> RE-InVEST : *Rebuilding an Inclusive, Value-based Europe of Solidarity and Trust through Social Investments, 2015-2019, an Dr Mary Murphy*

Is tionscnamh é tionscadal RE-InVEST a théann i ngleic le neamhionannas sóisialta agus le bochtaineacht ach taighde a dhéanamh ar an taithí a bhí ag daoine leochaileacha ar chuir an ghéarchéim isteach go mór orthu, agus fuair sé beagnach €2.5 milliún i maoiniú ó chiste taighde Fis 2020 an Choimisiúin Eorpaigh. Is é an aidhm atá le tionscadal taighde RE-InVEST ná múnla forbartha eacnamaíoch agus sóisialta atá níos cothroime a chruthú don AE; múnla atá bunaithe ar chearta agus ar chumas an duine, a chruthóidh eolas comparáideach ar na príomhbheartais sóisialta infheistíochta, agus a spreagfaidh cur i bhfeidhm an mhúnla nuálaigh ach réimse páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile, lena n-áirítear daoine ar chuir an ghéarchéim isteach go mór orthu, agus lucht déanta beartas maidir le ceapadh beartais.

> RESCuE : *Patterns of resilience during Socioeconomic Crises among Households in Europe, 2014-2017, an tOllamh Jane Gray*

Tá páirt á glacadh ag taighdeoirí MUSSI i gcuibhreas taighde, ina bhfuil naoi gcinn de thíortha Eorpacha páirteach, agus tá imscrúdú á dhéanamh aige ar theacht aniar na dteaghlach i gceantair uirbeacha agus thuaithe ar fud na hEorpa. Tá úsáid á baint as modhanna nuálacha a bhaineann le taighde cáilíochtúil sa tionscadal seo, lena n-áirítear agallaimh dhoimhne, breathnú agus modhanna rannpháirtíochta amhairc chun éisteach leis na guthanna agus taithí na dteaghlach ar chuir an ghéarchéim isteach go mór orthu a thaifeadh, agus comparáidí a dhéanamh idir comhthéacsanna difriúla san Eoraip.

> WaterSPOUTT *Water-Sustainable Point-of-Use Treatment Technologies, 2016-2020, an tOllamh Honor Fagan*

Measann WHO agus UNICEF nach bhfuil rochtain ar féidir brath uirthi ar uisce sábháilte óil ag thart ar 660 milliún duine ar fud an domhain. Cónaíonn leath de na daoine seo san Afraic fho-Shahárach, i gceantair thuaithe nach mbeidh nasc acu le soláthar bardasach uisce ar bith go ceann i bhfad. Faigheann pobail iomlána uisce óil ó fhoinisí nach bhfuil sábháilte (mar shampla, uisce dromchla neamhchóireáilte) agus bíonn an baol ann i gcónaí go dtolgfaidh siad galar ó theagmháil le pataiginí uisce-iompartha agus le pataiginí faecacha go háirithe. Tá sé mar aidhm ag WaterSPOUTT uisce sábháilte óil a chur ar fáil do phobail atá ag brath ar fhoinisí contúirteacha. Tá sé i gceist ag an tionscadal rochtain ar uisce sábháilte óil a athrú ó bhonn ach eolaíochtaí comhtháite sóisialta,

oideachas agus teicneolaíochtaí gréine a chur ar fáil agus tiocfaidh feabhas ar shláinte, marthanais, folláine shochoíoch agus fás eacnamaíoch i dtíortha i mbéal forbartha san Afraic dá bharr. Cuireann an clár Fis 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh maoiniú €3 milliún ar fáil don tionscadal.

> *Building City Dashboards, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, 2016-2021, an tOllamh Chris Brunson, an tUasal Martin Charlton, an Dr Jeneen Najj, an tOllamh Rob Kitchin*

Agus é á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), téann an tionscadal €2 milliún seo i ngleic le trí ghrúpa d'fhadhbanna bunúsacha: sonraí casta a bhainistiú; eolas a léiriú ar bhealach inúsáidte; agus sonraí a anailísiú nó a shamhaltú chun tacú le beartas. Tá na nithe seo i measc na bhfadhbanna is mó i réimse na heolaíochta sonraí sa lá atá inniu ann agus is réimsí iad ina bhfuil taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad ina gceannairí domhanda. Beidh tionchar ag an tionscadal seo ar fhorbairt deise ar fud an domhain. Beidh Corcaigh ar an gcéad chathair a bhainfidh leas as an obair nua seo. Tá deiseanna cathrach tábhachtach freisin mar go gcuireann siad ar chumas gnólachtaí nuathionscanta agus beaga táirgí nua nuálacha a chruthú. Tacóidh an taighde seo le geilleagar oscailte sonraí a chruthú in Éirinn ach sonraí fíor-ama agus riaracháin phoiblí a oscailt, chomh maith le cód oscailte foinseach agus anailísiúch atá riachtanach d'fhorbairt eacnamaíochta na hÉireann. Tugtar saineolas ón ríomheolaíocht, staitistic spásúil, geoiríomhaireacht agus na hilmheáin le chéile le húdarais áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile sa tionscadal seo.

> *REINVENT Reinventing Heritage: Exploring the potential of public participation GIS to capture heritage values and dissonance, 2016-18, an Dr Andrew McClelland*

Is tionscadal dhá bhliain atá á mhaoiniú ag an AE é REINVENT a théann i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bainistiú oidhreachtachta cultúrtha i gcomhthéacsanna géara trasteorann, agus béim ar leith curtha ar thírdhreach cultúrtha trasteorann Dhoire-Londonderry. Téann an tionscadal i ngleic le cleachtais rannpháirtíochta i mbainistiú oidhreachtachta cultúrtha agus le cur i bhfeidhm na gCóras Faisnéise Geografaí (GIS) maidir leis an oidhreacht a mhapáil ar bhonn trasteorann ar oileán na hÉireann. Ach straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin seo i gcomhthéacsanna áitiúla, is féidir cabhrú go mór le lucht déanta beartas/cleachtóirí um planáil spásúil agus bainistiú oidhreachtachta cultúrtha. Bhí an tionscadal á mhaoiniú ag Clár Fis 2020 Marie Skłodowska-Curie de chuid an AE.

> *Mapping processes of settlement and integration in contemporary Ireland, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, 2017, an tOllamh Mary Gilmartin*

Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal seo ná lonnú agus imeascadh do ghrúpaí éagsúla inimirceach in Éirinn a mhapáil. Mar chuid den tionscadal, forbraíodh táscairí d'imeascadh imirceach ag leibhéil fhonáisiúnta i gcomhar le heagraíochtaí pobail; mapáladh seirbhísí lonnaithe in Éirinn agus aithníodh bearnaí i soláthar na seirbhíse lonnaithe; cuireadh oiliúint ar fáil d'eagraíochtaí pobail; agus forbraíodh moltaí beartas bunaithe ar fhianaise. Bhí an tionscadal á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn faoina Scéim um Thaighde ar Bheartas agus ar Shochaí.

INSTITIÚIDÍ TAIGHDE

INSTITIÚID NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA IN OLLSCOIL MHÁ NUAD AR LEAN

> U-Flyte, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, 2018–2021, an Dr Tim McCarthy

Is comhpháirtíocht straitéiseach taighde €3.2 milliún í U-Flyte, atá á comhordú ag Ollscoil Mhá Nuad agus á maoiniú ag SFI, i gcomhar le comhoibrithe in earnáil na tionsclaíochta lena n-áirítear; Airbus, Irelandia Aviation agus INTEL. Tá earnáil dhomhanda na ndrón, ar fiú na milliúin euro í, ag méadú agus fostaítear na róbaít aeir seo chun tascanna uathoibríthe éagsúla ar eitilt a dhéanamh lena n-áirítear; mapáil, suirbhéireacht, bailiú nuachta, seirbhísí speisialtóra, cuardach agus tarrtháil, aer-thacsaí agus lóistíocht. Tá U-Flyte ag dul i ngleic leis an mbac reatha domhanda atá ag cur as don fhorbairt níos leithne ar oibriú drón agus d'fheidhmiú céimneach seirbhísí tráchtála.

Tá an príomhphlean oibre R&D bunaithe ar shraith pacáistí oibre atá nasctha le chéile. Téann siad i ngleic le Córais Aerárthaí gan Foireann (UAS) – Bainistíocht U-Thráchtá (UTM) a imscrúdú, a thógáil agus a thástáil agus tá samhail 3D d'aerspás dróin mar bhonn agus thaca aige (U-Spás).

Tá príomhról á ghlacadh ag an Institiúid freisin maidir le freagairt d'fhorbairtí dúshlánacha earnála in institiúidí ardoideachais (HEA) na hÉireann, i ngníomhaireachtaí taighde agus i gcomhthéacs athbhreithniú HEA ar inscne in institiúidí tríú leibhéal. Bhí an tOllamh Linda Connolly, ó MUSSI/ ar chabhraigh AIRO léi (féach thíos) i gceannas ar iarratas rathúil Ollscoil Mhá Nuad ar Chré-Umha Institiúideach Athena SWAN. Glacann príomhthairbhí san Institiúid páirt i réimse de bhoird agus de chomhlachtaí seachtracha, lena n-áirítear bord na Comhairle um Thaighde in Éirinn, bord NORFACE agus Acadamh Ríoga na hÉireann.

GRADAM CRÉ-UMHA ATHENA SWAN

Bhain Ollscoil Mhá Nuad Gradam Cré-Umha Athena SWAN as comhionannas inscne in institiúidí ardoideachais, a dtugtar aitheantas domhanda dó, amach in 2018. Bhí an tOllamh Linda Connolly, stiúrthóir Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad, i gceannas ar iarratas rathúil na hOllscoile.

Bronnann Aonad na Cairte Comhionannais (ECU, Advance HE an t-ainm nua atá air) creidiúnú Athena SWAN agus tacaíonn sé le comhionannas agus le héagsúlacht i measc baill foirne agus mic léinn in institiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.

Bunaíodh an chéad Chairt Athena SWAN in 2005 chun spreagadh agus aitheantas a thabhairt do thiomantas institiúideach do ghairmeacha na mban a chur chun cinn i réimsí na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na HInnealtóireachta, na Matamaitice agus an Leighis (STEMM) in institiúidí ardoideachais agus i gcúrsaí taighde. In 2015, méadaíodh an Chairt chun aitheantas a thabhairt don obair atá déanta sna hEalaíona, na Daonnachtaí, na hEolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Díl; i ról ghairmiúla agus thacaíochta; in obair a chuireann trasnachas san áireamh; agus in iarrachtaí chun tacú le baill foirne agus le mic léinn atá trasinscneach agus éagsúil ó thaobh inscne de.

Is í Ollscoil Mhá Nuad an chéad agus an t-aon institiúid in Éirinn go dtí seo a chuir isteach air agus a bhain Gradam Cré-Umha Athena Swan amach faoi leagan leathnaithe na cairte a chuimsíonn disciplíní na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, chomh maith le STEMM. Tá an Ollscoil ar an gcéad institiúid Éireannach freisin a chuimsigh trasnachas mar chuid dá hiarratas ar Athena SWAN agus cúinsí iomadúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn i bplé ar neamhionannas á gcur san áireamh ann, lena n-áirítear na trasnuithe idir inscne, cine agus eitneacht.




AGUISÍN

Is féidir teacht ar liosta iomlán d'fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad don bhliain 2017 anseo
www.maynoothuniversity.ie/research/about-us/research-reports

Is féidir teacht ar liosta iomlán de ghradaim sheachtracha mhaoinithe don bhliain 2017 anseo
www.maynoothuniversity.ie/research/about-us/research-reports

BUÍOCHAS

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár n-urraitheoirí seachtracha ar fad as a gcuid tacaíochta, lena n-áirítear





**Maynooth
University**
National University
of Ireland Maynooth

Oifig Forbartha Taighde

Ollscoil Mhá Nuad

Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Éire
W23 X021

☎ + 353 1 708 6682

✉ research.development@mu.ie

🖱 www.maynoothuniversity.ie/research

#MUresearch

